# COMHAIRLE CONTAE AN LONGFOIRT

# TUARASCÁIL BHLIANTÚIL 2015



CLÁR ÁBHAR


RÉAMHRÁ

LEATHANACH 4

COMHALTAÍ CHOMHAIRLE CONTAE AN LONGFOIRT

LEATHANACH 6

EOCHAIRLIMISTÉIR FREAGRACHTA FEIDHMIÚLA

LEATHANACH 8

FORBAIRT EACNAMAÍOCH & POBAIL, SEIRBHÍSÍ CORPARÁIDEACHA, CULTÚRTHA & CAITHIMH AIMSIRE, ACMHAINNÍ DAONNA, SEIRBHÍSÍ PLEANÁLA & RIALAITHE FOIRGNÍOCHTA AGUS CEANTAR BARDASACH AN LONGFOIRT

LEATHANACH 10

AIRGEADAS & SEIRBHÍSÍ FAISNÉISE

LEATHANACH 38

SEIRBHÍSÍ TITHÍOCHTA, BONNEAGAIR AGUS COMHSHAOIL, SEIRBHÍSÍ ÉIGEANDÁLA, CEANTAR BARDASACH BHAILE UÍ MHATHÁIN AGUS CEANTAR BARDASACH GHRÁNAIRD

LEATHANACH 42

AGUISÍNÍ

LEATHANACH 56

# RÉAMHRÁ





Cllr Gerry Warnock,
Cathaoirleach



Barbara Heslin
Príomhfheidhmeannach Gníomhach

## COMHAITHEASC LEIS AN GCATHAOIRLEACH AGUS LEIS AN BPRÍOMHFHEIDHMEANNACH.

**FEARAIMID FÁILTE ROIMH FHOILSIÚ THUARASCÁIL BHLIANTÚIL CHOMHAIRLE CONTAE AN LONGFOIRT DON BHLIAIN 2015. IS SA TUARASCÁIL BHLIANTÚIL A THUGTAR ACHOIMRE AR SCÁLA AGUS ÉAGSÚLACHT NA NGNÍOMHAÍOCHTAÍ LAISTIGH DEN CHOMHAIRLE, AGUS A LÉIRÍTEAR AN TIOMANTAS CHUN SEIRBHÍSÍ ARDCHÁILÍOCHTA, INROCHTANA AGUS CUIMSITHEACHA A SHOLÁTHAR.**

Tagann dúshláin ollmhóra go leanúnach leis an staid eacnamaíoch dheacair don eagras, cé go bhfuiltear tar éis easnamh na Comhairle a laghdú de réir a chéile sna blianta idir sin agus seo dá ainneoin seo, le barrachas beag sa chuntas Ioncaim ag deireadh na bliana 2014, agus tá an Chomhairle ag súil le cóimheá airgid don bhliain 2015.

I measc na ngnóthachtálacha ba dhíol spéise i rith na bliana bhí:

- **Oscailt Oifigiúil an Stáisiúin Dóiteáin nua i mBéal Átha Liag.**
- **Glacadh na gComhaltaí Tofa le Plean Corparáideach na Comhairle 2015-2019**
- **Oibreacha Feabhsaithe/Atógtha Droichead Náisiúnta de luach sa bhreis ar €1,000,000.**
- **Tionscadail Athchóirithe Bóithre Réigiúnacha agus Réigiúnacha de luach sa bhreis ar €3,000,000.**
- **Iarratas Pleanála Center Parcs, tionscadal ar dócha go n-athrófar ó bhonn cáil an Longfoirt mar sprioc turasóireachta leis.**
- **Comhoiriúnú na rátaí d'iar-Chomhairle Baile an Longfoirt leis na rátaí don Chomhairle Contae.**
- **Creidiúnú Sláinte & Sábháilteachta chuig Caighdeán OHSAS 18001:2007 mar an chéad údarás áitiúil ar fud na tíre chun an creidiúnú sin a ghnóthú.**
- **49 Eastát Tithíochta Neamhchríochnaithe tógtha i gcúram go rathúil leis an gComhairle faoi dheireadh na bliana 2015**
- **Ceapachán Oifigigh Athghiniúna chun tionscnaimh athghiniúna a stiúradh don Longfort.**

Tá na tionscadail a rinne Comhairle Contae an Longfoirt tar éis rannchur go mór le folláine an phobail i gcoitinne. Tá comhshamhlú fheidhmeanna an Bhoird Fiontair Chontae leis an Oifig Fiontair Áitiúil nua leabaithe go daingean laistigh de Chomhairle Contae an Longfoirt anois, agus tá sé mar lárchuid de chur chuige straitéiseach an Eagrais chun tacú leis an bhfás eacnamaíoch; agus tá sainchúram láidir ag an gComhairle anois chun tacú leis an bhforbairt eacnamaíoch agus pobail amach anseo.

Is leis an bPlean Corparáideach 2015-2019 nua a threorófar saothar na Comhairle le linn a téarma oifige tofa reatha i gcomhréir le 10 gCuspóir Straitéiseacha ina léirítear misean na Comhairle:

*"BEIDH COMHAIRLE CONTAE AN LONGFOIRT INA CEANNAIRE DON FHORBAIRT EACNAMAÍOCH, SHÓISIALTA AGUS POBAIL ACH DLÚTHPHÁIRTÍOCHT LE SAORÁNAIGH AGUS LE POBAIL CHUN CAIGHDEÁN NA BEATHA A FHEABHSÚ AGUS CHUN SEIRBHÍSÍ DEN SCOTH DÍRITHE AR CHUSTAIMÉIRÍ A SHEACHADADH."*

Níorbh fhéidir na gnóthachtálacha a dtugtar achoimre orthu sa Tuarascáil Bhliantúil seo a bhaint amach gan comhiarrachtaí na gComhaltaí Tofa, an Chathaoirligh, an Choiste um Beartas Corparáideach, Coistí na gCeantar Bardasach, Comhaltaí na gCoistí um Beartas Straitéiseach, Foireann Bhainistíochta agus Fostaithe Chomhairle Contae an Longfoirt, i dteannta le go leor eagras saorálach agus pobail lena n-idirghníomhaíonn an Chomhairle. Is lena dtiomantas leanúnach amháin ar féidir leis an eagras aghaidh a thabhairt ar na dúshláin úd le muinín agus lena dtacaíocht, agus tugtar buíochas dá dtacaíocht agus dá gcomhoibriú.



**Cllr Gerry Warnock,**
**Cathaoirleach**



**Barbara Heslin**
**Príomhfheidhmeannach Gníomhach**

# COMHALTAÍ CHOMHAIRLE CONTAE AN LONGFOIRT

## CEANTAR BARDASACH BHAILE UÍ MHATHÁIN



Mick Cahill



Mark Casey



Gerard Farrell






Pat O'Toole



Paul Ross



Colm Murray

## CEANTAR BARDASACH GHRÁNAIRD



Paraic Brady



Micheál Carrigy



Luie McEntire






John Duffy



Martin Mulleady



P.J. Reilly

# CEANTAR BARDASACH AN LONGFOIRT



John Browne



Seamus Butler



Padraig Loughrey






Mae Sexton



Peggy Nolan



Gerry Warnock

# EOCHAIRLIMISTÉIR FREAGRACHTA FEIDHMIÚLA




Soláthraítear príomhsheirbhísí Chomhairle Contae an Longfoirt laistigh den struchtúr Stiúrthóireachta seo a leanas. Cuimsíonn na trí Stiúrthóireacht na limistéir seo a leanas:

## FORBAIRT EACNAMAÍOCH & POBAIL, SEIRBHÍSÍ CORPARÁIDEACHA, CULTÚRTHA & CAITHIMH AIMSIRE, ACMHAINNÍ DAONNA, AN PHEANÁIL & AN RIALÚ FOIRGNÍOCHTA AGUS CEANTAR BARDASACH AN LONGFOIRT

## AIRGEADAS AGUS SEIRBHÍSÍ FAISNÉISE

## SEIRBHÍSÍ TITHÍOCHTA, BONNEAGAIR AGUS COMHSHAOIL, SEIRBHÍSÍ ÉIGEANDÁLA, CEANTAR BARDASACH BHAILE UÍ MHATHÁIN AGUS CEANTAR BARDASACH GHRÁNAIRD




Buíochais Chóipchirt
Áirítear leis seo sonraí le Suirbhéireacht Ordanáis na hÉireann arna macasamhlú faoi Uimhir Cheadúnais an OSi 2010/29/CCMA/
LongfordCountyCouncil. Sáraíonn an macasamhlú neamhúdaraithe Cóipcheart Suirbhéireacht Ordanáis na hÉireann agus Rialtas na hÉireann.

# FORBAIRT EACNAMAÍOCH & POBAIL, SEIRBHÍSÍ CORPARÁIDEACHA, CULTÚRTHA & CAITHIMH AIMSIRE, ACMHAINNÍ DAONNA, AN PHEANÁIL & AN RIALÚ FOIRGNÍOCHTA AGUS CEANTAR BARDASACH AN LONGFOIRT




# AN FHORBAIRT EACNAMAÍOCH



An Comhairleoir Seamus Butler Cathaoirleach, An CBS um Fhorbairt Eacnamaíoch agus Fiontar



An Comhairleoir Mae Sexton Cathaoirleach, An CBS um Pleanáil & Forbairt agus Cultúr



Ciaran Murphy Stiúrthóir Gníomhach Seirbhísí

## AN COMHSHAOL EACNAMAÍOCH

Feictear comharthaí téarnaimh sa chomhshaol eacnamaíoch áitiúil, fiú más teoranta iad. Coinníonn an oifig OFÁ uirthi ag tacú le héilimh na ngnólachtaí beaga, agus cé go bhfuil an earnáil mhiondíola faoi chruachás le hachar fada, tá an earnáil thionsclaíoch tar éis a bheith cuibheasach láidir inti féin. Tá deiseanna fostaíochta áitiúla ag teacht aníos ar fud an tírdhreacha thionsclaíoch agus sna hearnálacha nach raibh láidir roimhe seo laistigh den Chontae ar nós na TFC. Tá 4 nó 5 chuideachta bheaga ach dinimiciúla TFC sa Chontae anois, a fhostaíonn céimithe bogearraí, a sholáthraíonn deiseanna do chéimithe óga chun obair lasmuigh de na príomhionaid uirbeacha.

Ba é an tionscadal Center Parcs a bhí fós ar an mbéal beo faoin eacnamaíocht sa cheantar áitiúil lena cumas chun sa bhreis ar 500 post a sheachadadh nuair a bheidh sé faoi lánseoil ó thaobh oibríochtaí de. Tá an cumas ann chun tionchar ó bhonn a fheidhmiú ar an Réigiún, ag dul i bhfeidhm go dearfach ar go leor earnálacha eile, go háirithe an turasóireachta.

Tá an Chomhairle tar éis Clár Athghiniúna a sheoladh le foireann shaintiomanta ag féachaint chun ceantair den Chontae a fheabhsú ar ceantair ard-dífhostaíochta anois iad, agus thug sí isteach sa bhliain 2015 freisin Scéim Dreasachta Gnó chun lacáiste rátaí a thabhairt do ghnólachtaí nua chun lonnú in aonaid fholmha.
Soláthraíonn an feabhsú de réir a chéile sa gheilleagar náisiúnta muinín éigin chun fás eacnamaíoch na todhchaí a ghnóthú, agus tá an Chomhairle ag glacadh dlúthpháirte go gníomhach chun an Contae a chur chun cinn mar dhea-shuíomh don infheistíocht isteach.

## AN OIFIG FIONTAIR ÁITIÚIL

Bunaíodh na hOifigí Fiontair Áitiúla (OFÁí) i mí Aibreáin na bliana 2014 mar fheidhm den rialtas áitiúil. Feidhmíonn siad mar an príomhphointe tagartha do gach fiosrú a bhaineann le gnólachtaí nuathionscanta agus le fás sna gnólachtaí beaga, agus tairgeann siad seirbhís 'Ionad Céadfhreastail' do dhaoine a bhíonn ag lorg faisnéise, comhairle, treorach agus tacaíochta i ndáil le forbairt na mionfhiontar.

Saothraíonn an OFÁ i gcomhpháirt le réimse gníomhaíochtaí eile chun a chinntiú go mbíonn rochtain thapa ag daoine ar na tacaíochtaí is ábhartha i ndáil lena n-éilimh ag tráth faoi leith; agus féachann sí í gcónaí chun luach na bhfiontraithe agus na fiontraíochta a chur chun cinn chun cuidiú le geilleagair áitiúla a fhás.

Saothraíonn OFÁ an Longfoirt go dlúth lena spriocluct freastail chun forbairt an fhiontair áitiúil a stiúradh, agus cuideachtaí beaga áitiúla a chur ag croílár an chruthaithe post. Seachadann sí réimse tacaíochtaí éagsúil ar bhealach saindírithe, ag tógáil dlúthchaidreamh gairmiúil óna dtiocfaidh athúsáid athfhillteach na hoifige OFÁ ag na cliaint mar acmhainn.

Ba bhliain tháirgiúil d'OFÁ an Longfoirt í an bhliain 2015. Tháinig méadú ar líon na bpost sna cuideachtaí le tacaíocht dhíreach ó oifig OFÁ an Longfoirt faoi 76. Ina theannta sin is amhlaidh a thug sí ceadú do 31 tionscadal ar chúnamh airgeadais díreach i gcaitheamh na bliana.

Bhí OFÁ an Longfoirt sa chéad deichiú háit sa bhliain 2015 don scór ab airde den Chúram Custaiméirí agus do na rátálacha sástachta (100%) in Éirinn. Is éard is aidhm le hOFÁ an Longfoirt ná chun cur leis sin agus chun leanúint ar aghaidh ag seachadadh seirbhísí agus tacaíochtaí ardcháilíochta agus iléagsúla dá boinn síormhéadaitheacha custaiméirí agus cliant ar fud an Longfoirt.

Choinnigh an OFÁ uirthi ag rolladh amach a réimse beart bogthacaíochta chun an oiliúint, an mheantóireacht agus tacaíochtaí inchuideachta a áireamh leo. Fuair os cionn 73 rannpháirtí tacaíocht meantóireachta agus thapaigh 331 rannpháirtí cineál oilíúna struchtúraithe éigin sa bhliain 2015.

Dearadh na tacaíochtaí úd chun a seachadadh ar bhealach solúbtha agus saindeartha chun éilimh na bhfiontar nua agus fásmhar a shásamh go sonrach. Dearadh agus reáchtáladh cláir shaintiomanta chun tacú le spriocghrúpaí ar nós Cliant Filleadh ar an bhFiontar, in Earnáil an Bhia, in Earnáil na hInnealtóireachta i dteanna le huasghrádú scileanna sna gnólachtaí bunaithe.

Lean OFÁ an Longfoirt uirthi ag cur chun cinn thionscnaimh an Rialtais chun an fiontar áitiúil a spreagadh, go sonrach na Scéimeanna Dreasachta Poist d'Fhostóirí agus na Scéimeanna Rochtana ar Chreidmheas. Choinnigh OFÁ an Longfoirt uirthi i limistéar an oideachais chun tacú leis an gClár Fiontair do Mhic Léinn mar an príomhbhealach chun tuiscint agus léirthuiscint i leith an fhiontair i measc ár n-óige. Lean sí uirthi ag tacú leis na Duaiseanna Fiontair Náisiúnta mar dheis ardphróifíle chun éachtaí na ngnólachtaí agus na bhfiontraithe a aibhsiú.

## TURASÓIREACHT CHONTAE AN LONGFOIRT

Tá clár uaillmhianach saothair ag Turasóireacht Chontae an Longfoirt, an comhlacht ionadaíoch do gach leasghrúpa turasóireachta laistigh de Chontae an Longfoirt lena dhéanamh idir na blianta 2016 - 2020. Chuathas i mbun cláir shaothair a imlíníodh ina straitéis roimhe sin idir na blianta 2010 agus deireadh na bliana 2015, agus chuaigh sí i mbun athbhreithniú tar éis chríochnú an tsaothair sin ar earnáil na turasóireachta laistigh den Chontae sa tsúil chun bearta agus cuspóirí tosaíochta a bhreithniú chun an chéad tréimhse eile a chuimsiú.

Is ón mbliain 2010 i leith atá Turasóireacht Chontae an Longfoirt tar éis eochairthionscadail bhonneagair turasóireachta a fhorbairt ar nós Siúlán na Canálach Ríoga agus Chonair Rotha an Chontae Theas. Sheachaid sí straitéis mhargaíochta don Chontae freisin lenar áiríodh láithreán gréasáin nua, forbairt láithreach sna meáin sóisialta, ábhair chur chun cinn agus léarscáileanna nua, agus d'fhéach siad leis an gContae a chur chun cinn trí sheachadadh féilte siúltóireachta agus uiscebhealaí. Coinníonn Turasóireacht Chontae an Longfoirt uirthi ag oibriú Oifig Faisnéise do Thurasóirí ó cheann ceann na bliana i mBaile an Longfoirt, agus fostaíonn siad Oifigeach Turasóireachta le tacaíocht ó Chomhairle Contae an Longfoirt.

Chomh maith le feidhmiú mar thionscnóir do gach féile agus imeacht áitiúil, b'amhlaidh freisin a d'éascaigh Turasóireacht Chontae an Longfoirt freisin do sheachadadh oiliúna do sholáthróirí turasóireachta, agus a d'fhéach sí leis an infheistíocht sa turasóireacht go háitiúil a mhéadú ach cistiú a fháil ón oiread foinsí agus ab fhéidir. Áiríodh leis na buaicphointí ón mbliain 2015 reáchtáil na Féile Gormbhealaí i gCluain Dá Ráth, uasghrádú a thuilleadh codanna de Shiúlán na Canálach Ríoga; agus forbairt leanúnach sraith bealaí rothaíochta agus tiomána do thurasóirí ar fud an Chontae.

B'eochairpháirtí í Comhairle Contae an Longfoirt ar leithligh dó sin i dtionscadal Gormbhealaí na Sionainne Uachtaraí lenar mealladh cistiú REDZ chun an branda Gormbhealaí a chur chun cinn i dteannta lenár ngréasán uiscebhealaí cuimsitheacha. Ina theannta sin ba í an bhliain 2015 an bhliain inar dheimhnigh Centre Parcs a chinneadh chun an t-aon ionad saoire Éireannach aige a lonnú i gContae an Longfoirt, ar tionscadal é lena mbaineann an cumas chun tírdhreach na turasóireachta sa Chontae a athrú ó bhonn. Tharla a thuilleadh pleanála i gcaitheamh na bliana freisin i leith na Páirce Fiántais i Lár na Sionainne, a thiocfaidh ar an bhfód ach a mbeidh na portaigh thráchtála lán-ídithe ag Bord na Móna.

Cé gur teoranta iad na hacmhainní turasóireachta i láthair na huaire, tá geallsealbhóirí éagsúla le baint acu leis an turasóireacht ag súil le ré úr mar a mbeidh aitheantas níos fearr ag an turasóireacht mar ranníocóir eacnamaíoch, agus mar a mbainfidh sé tairbhe níos mó dá réir as leithdháiltí acmhainne níos mó.

Tá cumas ollmhór i gContae an Longfoirt mar sprioc do chuairteoirí. Is ceantar scéime nádúrtha é le tírdhreach éagsúil inrochtana ann, agus tairgtear taithí fhíréanta sa Chontae faoi láthair do chuairteoirí chun féachaint ar na gnéithe is nádúrtha d'Éirinn. Tá roinnt nithe iontacha is díol spéise agus is roghanna cóiríochta ann ar fud an Chontae, ina dtairgtear an deis do chuairteoirí chun an stair agus an oidhreacht áitiúil a thaiscéaladh, chun an saol amuigh faoin aer a fheiceáil trí chaitheamh aimsire, chun seal leis an teaghlach a fháil agus chun réimse uiscebhealaí nádúrtha a thaiscéaladh lena n-áirítear an Chanáil Ríoga, an Chaimlinn, agus Loch Rí.

## COISTE BHEAIRIC UÍ CHONGHAILE

Choinnigh Fo-Choiste Bheairic Uí Chonghaile air ag feidhmiú róil thábhachtaigh ag maoirsiú forbartha féideartha suíomh na Beairice amach anseo, ag bainistiú na gcomhaontuithe tionóntachta agus ag údarú úsáide gearrthéarmaí na saoráide féin. Tá ionadaithe ar an gCoiste ó ghrúpaí áitiúla lonnaithe sa suíomh faoi láthair agus ó ghrúpaí le spéis acu i bhforbairt an tsuímh chun tairbhe saoránaigh an Longfoirt. Áirítear leis ionadaithe ó Chumann Stairiúil Longfoirt, O.N.E., Comhaltas Ceoltóirí Éireann, Bantracht na Tuaithe chomh maith le comhaltaí tofa agus le hoifigigh an Údaráis Áitiúil. Ba é an Coiste a bhí ag maoirsiú an iarratais REDZ sa bhliain 2015, ónar tháinig caitheamh timpeall €200,000 ar oibreacha bonneagair agus uasghrádaithe ar an suíomh, agus oibríonn sé go dlúth leis an bhFoireann Athghiniúna nuathionscanta laistigh de Chomhairle Contae an Longfoirt chun máistirphlean don suíomh a fhorbairt.

# AN FHORBAIRT POBAIL

## AN COISTE UM FHORBAIRT POBAIL ÁITIÚIL

Ba faoin Acht Rialtais Áitiúil, 2014, a bunaíodh Coiste Forbartha Pobail Áitiúil (CFPÁ) mar choiste de chuid Chomhairle Contae an Longfoirt. Bhí an CFPÁ freagrach sa bhliain 2015 as trí mhórshaothar:

1. **Maoirsiú den Chlár Gníomhachtaithe Pobail um Chuimsiú Sóisialta (CGPCS) - clár 3 bliana arna chistiú ag an Roinn Comhshaoil, Pobail & Rialtais Áitiúil (RCPRÁ) agus arna sheachadadh ag Longford Community Resources Ltd. (LCRL) thar ceann an CFPÁ sa Longfort. B'ionann an buiséad don bhliain 2015 agus €383,669.**

2. **Bunú Grúpa Gnímh Áitiúil (GGÁ) i gcomhar le LCRL, agus taisceadh Léiriú Spéise i leith an chláir LEADER don Longfort (mar chuid den Phlean Forbartha Tuaithe 2014-2020). Ceapadh Straitéis Forbartha Áitiúil bunaithe ar chomhairliúcháin chuimsitheacha. Táthar tar éis an Straitéis seo a thaisceadh leis an RCPRÁ dá measúnú sular féidir dul chun cinn chuig an gcéad chéim eile. Is ionann an buiséad don chlár 5 bliana agus €7,597,623.07**

3. **Chun comhaontú na ngníomhartha don Ghné Phobail den Phlean Eacnamaíoch & Pobail Áitiúil (PEPÁ), reáchtáladh roinnt cruinnithe agus ceardlann leis an ngrúpa oibre inmheánach i gcaitheamh na bliana.**

Tharla 6 chruinniú san iomlán de chuid an CFPÁ sa bhliain 2015. Tá 19 ball ar an gCoiste Forbartha Pobail Áitiúil, arna dtarraingt ó 4 Earnáil:

| COMHALTAÍ | EARNÁLA |
|---|---|
| Comhaltaí tofa an Údaráis Áitiúil | An Cmlr. Colm Murray (Cathaoirleach), An Cathaoirleach<br>Mark Casey, Cmlr. Martin Mulleady, Cmlr. Gerry Warnock |
| Oifigigh Údaráis Áitiúil | Tim Caffrey, Príomhfheidhmeannach<br>Michael Nevin, Ceann na hOifige Fiontair Áitiúil |
| Gníomhaireachtaí Stáit | Grainne Nic Gabhainn, Uasal; Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte<br>An tUas. Des Henry, An Roinn Coimirce Sóisialaí, An Dr. Christy Duffy,<br>Bord Oideachais & Oiliúna an Longfoirt/na hIarmhí |
| Forbairt Pobail Áitiúil | Adrian Greene, Bainisteoir Longford Community Resources Ltd. |
| Cuimsiú Sóisialta | Seamus Orr, Grúpa Cónaitheoirí Spring lawn<br>Louise Lovett, Longford Women's Link |
| An Earnáil Pobail & Dheonach | Tess Murphy, Cumann Fiontair Phobail Bhéal Átha na Muc<br>Joe Murphy, Cumann Forbartha Tuaithe an Droma Aird |
| Leasanna Comhshaoil | Ray Hogan, Comhghuaillíocht an Longfoirt don Chomhshaol |
| Leasanna eile na sochaí sibhialta nó an phobail áitiúil | Fintan Mc Gill, Earnáil an Ghnó /na bhFostóirí<br>Sean Hannon, Earnáil na Feirmeoireachta/Talmhaíochta<br>Seadna Ryan, Turasóireacht Chontae an Longfoirt<br>Joe Flaherty, Fóram Gnó an Longfoirt |

## LÍONRA RANNPHÁIRTÍOCHTA POBAIL


Comhaltaí na Rúnaíochta

Chláraigh 97 grúpa pobail le Líonra Rannpháirtíochta Pobail (LRP) Chontae an Longfoirt sa bhliain 2015. Bhí 16 cruinniú ag an Rúnaíocht 9 comhaltaí sa bhliain 2015, agus d'fhreastail sí ar roinnt cruinnithe réigiúnacha arna n-óstáil ag an Roinn Comhshaoil, Pobail & Rialtais Áitiúil agus ag Ceartas Sóisialta Éireann.

Faigheann an Rúnaíocht tacaíocht ó Oibrí Acmhainne páirtaimseartha. Aontaíodh ar phlean oibre don bhliain 2015 lenar áiríodh na limistéir oibre seo a leanas: athbhreithniú ar an bpróiseas lena dtoghtar ionadaithe pobail trí ghrúpaí nascála ar struchtúir na Comhairle agus ar chomhlachtaí seachtracha, faomhadh na n-iarratas ar bhallraíocht agus reáchtáil laethúil an LRP.

Bunaíodh na grúpaí nascála seo a leanas sa bhliain 2015, agus toghadh ionadaithe pobail ar na struchtúir seo a leanas:

- **Comhpháirtíocht Spórt an Longfoirt (1)**
- **Fóram Oidhreachta Chontae an Longfoirt (1)**
- **An Coiste Beartais Straitéisigh um Thithíocht (3)**
- **An Coiste Beartais Straitéisigh um Fhorbairt Eacnamaíoch & Fiontar (1)**
- **An Coiste Beartais Straitéisigh um Bonneagar & Comhshaol (1)**
- **An Coiste Beartais Straitéisigh um Pleanáil agus Forbairt agus Cultúr (2)**
- **Lárionad Saorálaithe an Longfoirt (1)**
- **An tSeirbhís Faisnéise do Shaoránaigh (1)**
- **Coiste Cúraim Leanaí Chontae an Longfoirt (1)**

Leithdháileadh aon ríomh-fheasachán míosúil déag sa bhliain 2015 mar chuid de Straitéis Chumarsáide an LRP chomh maith le láithreán gréasáin an LRP agus an leathanach Facebook a bhunú. Ghlac an LRP rannpháirt agus thacaigh sé sa bhliain 2015 le rolladh amach na Straitéise Comhaontais Aoisbhá, Feachtais The Little Things na FSS agus Éirchóid. Chuir an LRP an Plean Eacnamaíoch don Phobal Áitiúil chun cinn go forleathana agus ghlac sé rannpháirt sna comhairliúcháin maidir leis an gClár Forbartha Tuaithe.

## COMHAIRLE NA NÓG SA LONGFORT


An Cathaoirleach, An Cmlr. Gerry Warnock leis na baill nuathofa den Chomhairle

Shlánaigh Rannóg Pobail agus Fiontair Chomhairle Contae an Longfoirt cistiú sa bhliain 2015 ón Oifig don Aire Leanaí agus Gnóthaí Óige chun Comhairle na nÓg a fheabhsú. Tacaíonn Foróige leis an gComhairle, agus soláthraítear fóram léi d'ionchur struchtúrtha sa chinnteoireacht ag daoine óga um fhorbairt seirbhísí agus beartas áitiúil. Is í an Comhairleoir Mae Sexton atá mar chathaoirleach ar Choiste Stiúrtha Chomhairle na nÓg sa Longfort, agus bhí 4 chruinniú aige i rith na bliana 2015. Dírítear príomhfhócas sna cruinnithe ar fhorbairt oilteachtaí na mball agus ar an gcaoi chun tionchar a fheidhmiú ar an mbeartas. Tá 25 ball sa Chomhairle a bhuail le chéile 46 uair i rith na bliana 2015 – 40 grúpchruinniú iomlána agus 6 chruinniú ag fo-ghrúpaí. Ghlac na baill in éagsúlacht ceardlann i rith na bliana, agus fuair oiliúint i leith oilteachtaí coiste, oilteachtaí cumarsáide agus láithreoireachta, éascaithe, na cibear-shábháilteachta, na bulaíochta agus na meabhairshláinte.

Tharla Cruinniú Cinn Bhliana na Comhairle an 22 Deireadh Fómhair 2015 in Óstán an Longford Arms. Ba lá an-rathúil a bhí ann le 100 duine óg ag freastal air ó na hiar-bhunscoileanna go léir agus ionadaithe ó ghrúpaí agus eagras óige timpeall an Chontae. Labhair an Comhairleoir Seamus Butler, Cathaoirleach Cheantar Bardasach an Longfoirt agus an Comhairleoir Mae Sexton ag an imeacht agus leag siad béim ar dhaoine óga chun dul i bhfeidhm ar chúrsaí ag leibhéal áitiúil agus náisiúnta. Reáchtáladh cúig cheardlann an lá úd ag cuimsiú an réimse ábhar lena n-áirítear an comhionannas, an t-oideachas, an pobal agus na ceiliúrthaí céad bliain, agus toghadh 16 ball nua ar an gComhairle. Ba é an Comhairleoir Gerry Warnock, Cathaoirleach Chomhairle Contae an Longfoirt a chuir clabhsúr leis an gCruinniú Cinn Bhliana, agus ghuigh sé rath ar na baill nuathofa go léir ina bpoist nua ar Chomhairle na nÓg do na blianta 2016/2016.

## COMH-CHOISTÍ PÓILÍNEACHTA

Is comhlacht é an Comh-Choiste Póilíneachta (CCP) a bhunaítear faoi Acht an Gharda Síochána 2005, chun feidhmiú mar fhóram mar a saothraíonn ionadaithe údaráis áitiúil, feisirí an Oireachtais agus leasanna pobail agus deonacha i dteannta le hOifigigh shinsearacha an Gharda chun plé agus moltaí a dhéanamh le cúrsaí a fheidhmíonn tionchar ar an bpóilíneacht sa Chontae. Is é an Comhairleoir Gerry Warnock atá mar chathaoirleach ar CCP Chontae an Longfoirt. Bhí 3 chruinniú ag an gCoiste i rith na bliana 2015 an 6 Feabhra, 12 Meitheamh agus 11 Meán Fómhair. Tá an Coiste ag saothrú le chéile chun Plean Straitéiseach 6 bliana a fhorbairt do Chontae an Longfoirt.

## AN COMÓRTAS NÁISIÚNTA UM MÓRTAS ÁITE

Is comórtas é an Mórtas Áite a dhírítear ar aitheantas a thabhairt d'fheabhsuithe ag pobail áitiúla chun mórtas cathrach ina gceantar féin a chruthú. Is éard is aidhm leis an gcomórtas "Mórtas Áite" ná chun an dea-chleachtas, an nuálaíocht agus an cheannaireacht a spreagadh chun pobail bhríomhara inbhuanaithe a fháil ina bhfeabhsaítear caighdeán na beatha do chách. Is trí na hÚdaráis Áitiúla a dhéantar an próiseas ainmniúcháin don chomórtas Uile-Oileánda.

D'ainmnigh Comhairle Contae an Longfoirt 3 iontrálaí sa bhliain 2015; Lárionad Lae agus Acmhainne Bhaile Uí Mhatháin ina soláthraítear gníomhaíochtaí agus tacaíochtaí do dhaoine scothaosta, Grúpa Feabhsaithe Dhroim Lis ar scáthghrúpa é a fhéachann chun saol fisiciúil agus sóisialta Dhroim Lis a fheabhsú, agus Cumann Forbartha Cheantar Mheathas Troim. Rinneadh an mholtóireacht i mí Mheán Fómhair ag arbh éigean do gach Grúpa chun láithreoireacht a dhéanamh inar léiríodh an réimse gníomhaíochtaí agus tionscadal a bhí ar bun. Reáchtáladh oíche shearmanais náisiúnta de Dhuaiseanna istigh in Inis, Contae an Chláir chun ceiliúradh a dhéanamh ar éachtaí na nGrúpaí. Bhuaigh Cumann Forbartha Cheantar Mheathas Troim duais náisiúnta speisialta. Thug na moltóirí faoi deara cur chuige straitéiseach agus comhoibritheach an Ghrúpa, agus chonacthas dóibh é mar dhea-shampla den fhorbairt faoi cheannaireacht an phobail.

## FÉILE OÍCHE SHAMHNA 'MARBH NA HOÍCHE' AN LONGFOIRT

Cuireadh beochan ar shráideanna dorcha Bhaile an Longfoirt ar Oíche Shamhna le scléip dathanna, ceoil agus torainn mar an 10ú féile 'Marbh na hOíche'. Bhí roinnt flótaí iontacha ann i mbliana a tháinig ó Choiste Féile an Chaisleáin Riabhaigh, a thug brí réalaíoch an charnabhail don imeacht. Shínigh an mórshiúl síos Ascaill Scoil Naomh Mel agus suas an tSráid Nua. Tháinig tinreamh mór air i mbliana arís, le go leor stainníní spraoi, lucht siamsaíochta agus inséidteacht mhór ann. Is í Féile Oíche Shamhna an chuid dheireanach den tionscadal níos mó 'Marbh na hOíche', lena dtugtar le chéile acmhainní, lucht saothair agus saineolas Chomhairle Contae an Longfoirt, an FSS, An Garda Síochána, Lárionad Saorálaithe an Longfoirt agus Bailte Slachtmhara an Longfoirt, agus áirítear léi cainteanna sábháilte sna scoileanna, sna comórtais ealaíne agus déanta lóchrainn.

## TIONSCNAMH TURASÓIREACHTA POBAIL DON DIASPÓRA 2015

Cuireann an tionscnamh, a seoladh thiar sa bhliain 2014, ar oidhreacht na dlúthpháirtíochta pobail *le Tóstal Éireann 2013* agus is comhpháirtíocht é idir IPB Insurance, Fáilte Éireann agus na hÚdaráis Áitiúla. Is éard is eochairchuspóir don tionscnamh ná chun tacaíocht a sholáthar d'eagarthóirí imeachtaí áitiúla agus pobail, agus do ghníomhaíochtaí nó tionscadail lena mbainfear leas as ceangail diaspóracha chun tairbhe na turasóireachta áitiúla agus pobail amach anseo.



Lá Sean-Aonaigh Bhéal Átha na Muc Lúnasa 2015

Is féidir cineálacha éagsúla imeachtaí pobail a bhreithniú dá gcistiú, ach caithfidh siad bheith dírithe ar fhorbairt dlúthcheangal láidir leis an bpobal. Bíonn ceangal díreach idir an cistiú a fhaightear agus an líon cuairteoirí ó thar lear a mhealltar leis an imeacht. Bíonn an cistiú idir íosmhéid €500 agus uasmhéid €3000.

Cheadaigh Comhairle Contae an Longfoirt d'iarratais deontais sa bhliain 2015 i leith 30 imeacht agus gníomhaíocht pobail éagsúil, le tacaíocht airgeadais arbh fhiú €33,000 san iomlán í. Chonacthas réimse iontu siúd idir fhéilte deiridh sheachtaine, agus oícheanta faisnéise, chruinnithe pobail, ghníomhaíochtaí sa saol tuaithe agus oidhreachta agus imeachtaí teacht le chéile.



Féile Ealaíon Chruthú Lúil 2015

# SEIRBHÍSÍ CORPARÁIDEACHA

## IARRATAIS FAOIN TSAORÁIL FAISNÉISE 2015

Fuair Comhairle Contae an Longfoirt 59 iarratas 'Saoráil Faisnéise' san iomlán i rith na bliana 2015 ó fhoinse mheasctha lucht gnó, iriseoirí, cliant agus daoine eile.

## ROCHTAIN AR FHAISNÉIS I LEITH NA NIARRATAS COMHSHAOIL 2015

Fuarthas agus próiseáladh cúig iarratas 'Rochtain ar Fhaisnéis i leith an Chomhshaoil' sa bhliain 2015.

## CEART VÓTÁLA

Caitheann duine bheith 18 bliain déag d'aois ar a laghad an lá a thagann an Clár i bhfeidhm (15 Feabhra), agus caitheann siad bheith ina gcónaí ag an seoladh ar mian leo bheith cláraithe aige an 1 Meán Fómhair sula dtagann an an méid roimhe seo i bhfeidhm don Chlár. Féadfar duine a áireamh le Forlíonadh don Chlár má bhaineann an duine 18 bliain déag d'aois amach Lá na Vótála nó roimhe sin, agus go sásaíonn siad na ceangaltais i ndáil leis an gcónaí.

Gach cónaitheoir, beag beann ar a náisiúntacht, atá 18 bliain déag d'aois agus níos sine; bíonn siad i dteideal lena n-áireamh i gClár na dToghthóirí.

**B'ionann an líon toghthóirí a bhí cláraithe chun vótála ar Chlár na dToghthóirí 2015/2016 agus:**

| TOGHCHEANTAR ÁITÚIL | LÍON NA dTOGHTHÓIRÍ |
|---|---|
| Baile Uí Mhatháin | 10,388 |
| Gránard | 10,775 |
| An Longfort | 9,364 |
| Total: | 30,527 |

Ullmhaíodh Forlíonadh amháin le Clár na dToghthóirí i rith na bliana 2015 roimh na Reifrinn um Chomhionannas Pósta / um Aois Intofachta chun Oifig an Uachtaráin i mí na Bealtaine 2015.

## ACHT NA DTEANGACHA OIFIGIÚLA 2003

Thug an tOifigeach Forbartha Gaeilge faoi go leor gníomhaíochtaí i rith na bliana 2015 i ndáil leis an nGaeilge faoi mar a mhionsonraítear thíos anseo.

- **Rinneadh Seachtain na Gaeilge a cheiliúradh i mí an Mhárta 2015 ach ceiliúradh am lóin don Ghaeilge a chur ar siúl ag Leabharlann an Longfoirt. D'fhreastail fostaithe na Comhairle agus baill den phobal araon ar an imeacht, lenar áiríodh an ceol, an amhránaíocht agus an fhilíocht. Thángthas ar an gcinneadh i rith an chruinnithe úd go gcuirfí Ciorcal Comhrá ar siúl sa leabharlann ar an gcéad Chéadaoin de gach mí ar feadh uair amháin an chloig chun deis a thabhairt d'fhostaithe na Comhairle agus na mball den phobal araon chun leas a bhaint as an nGaeilge agus chun a líofacht sa teanga fheabhsú. Is é an Ciorcal Comhrá, arna chomhordú ag an Oifigeach Forbartha Gaeilge, atá á reáchtáil go rathúil ó mhí an Mhárta i leith, agus táthar ag súil go leanfaidh sé ar aghaidh amach sa bhliain 2016.**
- **Rinneadh Seachtain na Gaeilge a thóstal freisin le sraith tráthanna na gceist sa Ghaeilge i gceithre cinn de na leabharlanna. Bíonn tráthanna na gceist coitianta i gcónaí le leanaí Bunscoile, agus iad ag ceiliúradh a bhfeasa ar an nGaeilge ar bhealach spraíúil.**
- **Chuir Foras na Gaeilge ciste aonuaire ar fáil arbh fhiú €35,000 é i mí na Bealtaine chun tacú le leabharlanna timpeall na tíre chun cuspóirí imeachtaí liteartha a eagrú le scríbhneoirí/húdair Ghaeilge, agus chun líon na leabhar Gaeilge ar sheilfeanna na leabharlann a mhéadú. D'fhéadfadh gach leabharlann iarratas a dhéanamh ar thacaíocht chuig luach íosta €500 i gcomhair imeachta le scríbhneoir/húdar amháin inti, agus chuig luach uasta €1,000 i gcomhair imeachta le níos mó ná scríbhneoir/údar amháin inti. Soláthraíodh an cistiú chuig táille an scríbhneora/údair agus costas na leabhar amháin a chlúdach. D'éirigh leis an Oifigeach Forbartha Gaeilge chun deontas €500 a shlánú do chuairt ag údar agus €200 do cheannach na leabhar Gaeilge. D'eagraigh foireann na leabharlainne sraith ceardlann do scoileanna áitiúla leis an údar Gaeilge Niall de Búrca i rith Seachtain na Leabhar do Leanaí.**
- **Soláthraíodh imeacht shiamsúil i rith Fhéile na Bealtaine, bunaithe timpeall na Gaeilge, do shaoránaigh bhreacaosta i gceithre bhrainse den leabharlann. Ba é Tadhg Mac Dhonnagáin, foilsitheoir le Futa Fata, údar roinnt leabhar agus pearsantacht teilifíse, i gceann ar chomhrá bríomhar faoin nGaeilge agus faoi bhunús na bhfocal, na bhfriotal agus na dtraidisiún Gaeilge.**
- **D'fheidhmigh Dónall Mac Billing mar óstach d'imeacht dar theideal "Ár dteanga agus ár nOidhreacht, Ceiliúradh ar ár dTeanga Náisiúnta" i mí Lúnasa 2015 a cuireadh ar siúl i Leabharlann Bhrainse an Longfoirt mar chuid de na ceiliúrthaí do Sheachtain na hOidhreachta. Thug Dónall láithreoireacht freisin i leith feidhmchlár ilmheán sa Ghaeilge i Leabharlann Bhrainse an Longfoirt i mí Iúil.**

D'fhreastail an tOifigeach Forbartha Gaeilge ar sheimineár faisnéise i rith na bliana 2015 arna eagrú d'Oifigigh Ghaeilge ag Oifig an Choimisinéara Gaeilge. Áiríodh leis an seimineár forbhreathnú ar Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003.

## SLÁINTE AGUS SÁBHÁILTEACHT




Baineann dúshlán le gnóthú na sábháilteachta sa láthair oibre ar fud gnólachta chomh héagsúil le Comhairle Contae an Longfoirt. Ní féidir bainistiú na sláinte agus na sábháilteachta a ghnóthú ach amháin trí thiomantas gach fostaí. Tá Comhairle Contae an Longfoirt tiomanta chun láthair oibre shábháilte shláintiúil a sholáthar tríd an bhfeabhsú leanúnach, agus áiríonn sí an tsláinte agus an tsábháilteacht mar lárchuid dá gnó.

## DEIMHNIÚCHÁN CHUIG OHSAS 18001:2007

Bhronn an tÚdarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann (An NSAI) deimhniúchán ar Chomhairle Contae an Longfoirt i mí na Samhna 2014 i leith clárúcháin an Chórais Bhainistíochta Sláinte Cheirde agus Sábháilteachta chuig OHSAS 18001:2007.

Is caighdeán aitheanta idirnáisiúnta é OHSAS 18001:2007 do bhainistiú na Sláinte Ceirde agus na Sábháilteachta. Tá sé ceaptha chun cúnamh le Comhairle Contae an Longfoirt chun:

- **Láthair oibre shábháilte a sholáthar do gach fostaí**
- **Cloí leis na riachtanais dlíthiúla agus**
- **Rioscaí don tsláinte agus don tsábháilteacht a bhaineann le gníomhaíochtaí oibre na Comhairle a smachtú agus a bhainistiú.**

Is í Comhairle Contae an Longfoirt an chéad Chomhairle Contae sa tír a moladh dá deimhniúchán chuig OHSAS 18001:2007 chun cuspóirí eagrúcháin.
Áiríodh na ranna seo a leanas laistigh de raon feidhme an iniúchta:

- **Cothabháil Foirgneamh**
- **Seirbhísí Corparáideacha**
- **Tithíocht**
- **Acmhainní Daonna**
- **Leabharlanna**
- **Bóithre**
- **Seirbhísí Uisce**
- **Eastáit Tithíochta Neamhchríochnaithe**

Is gnóthachan fíorthábhachtach do Chomhairle Contae an Longfoirt, agus léirítear leis an tiomantas do bhainistiú agus feabhsú leanúnach na sláinte agus na sábháilteachta chun is go mbeidh Comhairle Contae an Longfoirt níos sábháilte do gach fostaí.

Ba í Maria McKeon (An NSAI) a thug an deimhniúchán chuig OHSAS 18001:2007 don Phríomhfheidhmeannach Tim Caffrey in Áras an Chontae an 14 Bealtaine 2015. Tugadh cuireadh do gach ball den Chomhairle chun teacht chuig an mbronnadh. Áiríodh leis na haíonna agus leis na cainteoirí Martin O'Halloran, An HSA; Chris Gavigan, LGMA; Rosemary Ryan, IPB; Mary Gouldsbury, An tOifigeach Sláinte agus Sábháilteachta.

## IMSCRÚDUITHE RIALAITHEACHA

Níor tháinig aon imscrúdú ón HSA sa bhliain 2015. Rinne an tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre (ÚSB) 3 iniúchadh ar colbha an bhóthair agus 1 iniúchadh deisce sa bhliain 2015.

## ACHOIMRE DE THUAIRISCÍ TIONÓISCE/TEAGMHAS DON BHLIAIN 2015

Is gné thábhachtach den chóras bainistíochta sábháilteachta é tuairisciú tionóiscí agus teagmhas, agus baintear leas aisti mar uirlis d'aithint limistéar don fheabhsú leanúnach.

Tuairiscíodh 18 tionóisc agus teagmhas san iomlán i rith na bliana 2015.

Bhain 5 Thionóisc leis an bhForéigean agus leis an Ionsaitheacht a d'fhulaing fostaithe agus iad ag plé le baill den phobal chun dul i mbun a gcuid dualgas. Táthar tar éis roinnt beart onnghníomhach a ghlacadh chun aghaidh a thabhairt ar an tsaincheist seo lena n-áirítear cur i láthair ag An Garda Síochána le Fostaithe na Comhairle, agus an oiliúint. Oibríonn Comhairle Contae an Longfoirt go dlúth leis na Gardaí chun monatóireacht a dhéanamh ar an bhforéigean agus an ionsaitheacht i leith fostaithe.

## RÁITEAS SÁBHÁILTEACHTA/MEASÚNACHTAÍ PRIACAIL

Is cáipéis é an Ráiteas Sábháilteachta nach foláir do gach fostóir agus don Chomhairle Contae bheith acu, agus caithfear sonrú inti an chaoi ina mbainistíonn an Chomhairle Contae an tsláinte agus an tsábháilteacht. Tá 52 saothar reachtaíochta ann i láthair na huaire lena mbaineann feidhm do Chomhairle Contae an Longfoirt um bainistiú na sláinte agus na sábháilteachta, rud a chiallaíonn gur cáipéis chasta atá sa ráiteas sábháilteachta.

Nuashonraíodh Ráiteas Sábháilteachta Chomhairle Contae an Longfoirt i rith na bliana 2015, agus bronnadh an comhartha 'Béarla Sothuigthe' uirthi ón Áisíneacht Náisiúnta Litearthachta d'Aosaigh. Is bealach é an Béarla Sothuigthe chun eolas a chur i láthair chun cuidiú le duine éigin chun tuiscint a fháil an chéad uair a léann siad é nó a éisteann siad leis. Is é an Longfort an chéad Chomhairle Contae chun an comhartha 'Béarla Sothuigthe' a fháil don Ráiteas Sábháilteachta.

Teastaíonn comhlánú ó na Measúnachtaí Priacail do gach gníomhaíocht oibre agus foirgneamh ar le Comhairle Contae an Longfoirt iad/nó arna n-oibriú ag fostaithe na Comhairle. Tá clár leanúnach ann do chomhlánú, athbhreithniú, nuashonrú agus cumarsáid na measúnachtaí priacail dá fhorfheidhmiú laistigh de gach rannóg de Chomhairle Contae an Longfoirt.

## IMSCRÚDUITHE SÁBHÁILTEACHTA

Choinnigh Comhairle Contae an Longfoirt uirthi sa bhliain 2015 leis an gClár Imscrúdaithe Sábháilteachta ina leagtar amach clár saothair d'imscrúduithe sábháilteachta lena gcomhlánú ag ionaid oibre buana agus soghluaiste. Rinne gach Stiúrthóireacht na hImscrúduithe, agus soláthraítear tuairisc don Fhoireann Bhainistíochta ar bhunús ráithiúil. Rinneadh 346 imscrúdú sábháilteachta i rith na bliana 2015. Is uirlis úsáideach iad na hImscrúduithe do chomhlíonadh leis na riachtanais Sláinte agus Sábháilteachta laistigh den eagras a bhreithniú. Cuirtear aon neamh-chomhlíonadh nó saincheisteanna a aithníodh sna hImscrúduithe Sábháilteachta le Liosta Rianaithe Beart ag gach rannóg chun a chinntiú go dtugtar aghaidh ar gach beart a aithníodh agus go ndúntar iad ag gach rannóg.

## INIÚCHÓIREACHT SLÁINTE AGUS SÁBHÁILTEACHTA

Choinnigh Comhairle Contae an Longfoirt uirthi sa bhliain 2015 ag iniúchadh an chórais bhainistíochta sláinte agus sábháilteachta. Críochnaíodh 12 lá iniúchóireachta sa bhliain 2015. Is ionann an iniúchóireacht agus athbhreithniú neamhspleách, córasach agus dian ar gach gné den chóras bainistíochta sábháilteachta. Bhain iniúchóir seachtrach leis sin ag bailiú faisnéise chun iontaofacht agus éifeachtacht an chórais bhainistíochta sábháilteachta a bhreithniú. Is próiseas úsáideach é seo agus é mar chúnamh don Chomhairle Contae chun a cuid cuspóirí comhlíonta dlíthiúla a ghnóthú, ach cur chuige córasach disciplíneach a thabhairt chun éifeachtacht na bainistíochta sláinte agus sábháilteachta a fheabhsú tríd an bhfeabhsú leanúnach.

Is mar chuid den Deimhniúchán chuig OHSAS 18001:2007 a dhéanann an NSAI iniúchtaí faireachais. Thug 2 Iniúchóirí cuairt ar 9 suíomh i mí na Samhna 2015 i dteannta le cáipéisíocht a athbhreithniú arbh iad gach aon rannóg agus an rannóg sláinte agus sábháilteachta a d'ullmhaigh í.

## OILIÚINT SLÁINTE AGUS SÁBHÁILTEACHTA

Is eochairghné de chur chun cinn béascna sábháilteachta dhearfaigh agus d'fhorbairt dea-nósanna imeachta sábháilteachta ar an bpost. Ba iad fostaithe Chomhairle Contae an Longfoirt a líon 642 ionad sna cúrsaí Oiliúna Sláinte agus Sábháilteachta sa bhliain 2015. Áiríodh leis na cúrsaí oiliúna a reáchtáladh Oiliúint um Fheithiclí Tráchtála agus Ród-Acmhainneacht, um Pas Sábháilte, Lomaire Faiche, Ciumhaisire/Struimeálaí, Athoiliúint Gharchabhrach, Spásanna Cúnga, Athoiliúint d'Ionadaithe Sábháilteachta, Athoiliúint um Rothaí Scrábacha, agus oiliúint um Úsáid Shábháilte na Luibhicídí & na Lotnaidicídí.

## CUMARSÁID AGUS COMHAIRLIÚCHÁN

Téann an Chomhairle i gcomhairle agus i gcumarsáid le fostaithe ach leas a bhaint as na modhanna seo a leanas:

- **Ullmhú Measúnachtaí Priacail agus Nósanna Imeachta Oibriúcháin Chaighdeánacha**
- **Tuairiscí sábháilteachta míosúla;**
- **Aithisc na mbainisteoirí líne um bosca uirlisí;**
- **Ionadaithe sábháilteachta;**
- **Comhairliúchán um Monatóireacht Sábháilteachta;**
- **Cruinnithe Coiste (i ngach aon roinn);**
- **Cruinnithe an Choiste um Bainistiú Sábháilteachta; agus**
- **Cruinnithe na Foirne Bainistíochta.**

Reáchtáladh na Cruinnithe Comhairleacha um Monatóireacht Sábháilteachta i ngach aon Stiúrthóireacht ar bhunús ráithiúil. Bíonn an Stiúrthóir mar chathaoirleach ar gach aon Choiste, agus áirítear ann Ionadaithe Sábháilteachta tofa, Bainisteoirí Líne agus an tOifigeach Sláinte agus Sábháilteachta. Ligeann an próiseas sin do phlé saincheisteanna sábháilteachta sonracha laistigh de gach aon Stiúrthóireacht. Is ceanglas dlíthiúil é go mbíonn an próiseas sin ann chun aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna sláinte agus sábháilteachta, agus chun deis a thabhairt d'ionadaithe sábháilteachta chun saincheisteanna sábháilteachta a thabhairt aníos thar ceann a gcomhghleacaithe oibre.

Reáchtáladh Cruinnithe na Foirne Bainistíochta um Shábháilteacht faoi 4 huaire i rith na bliana chun aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna a tugadh aníos ag na Cruinnithe den Choiste Comhairleach um Monatóireacht Sábháilteachta. Baintear leas as an gcruinniú sin freisin chun comhlíonadh leis an reachtaíocht sláinte agus sábháilteachta a mheasúnú, agus chun dul chun cinn i leith an Chláir Bhliantúil Oibreacha a athbhreithniú. Baintear leas as an inlíon mar uirlis chumarsáide d'ábhar nuashonraithe an Chórais Bhainistíochta Sábháilteachta.

Freastalaíonn an tOifigeach Sláinte agus Sábháilteachta ar an gcruinniú Foirne Bainistíochta gach aon mhí, agus soláthraíonn nuashonrú i leith tionóiscí agus teagmhas, saincheisteanna oibriúcháin agus forbairtí náisiúnta sa tSláinte agus sa tSábháilteacht.

Ullmhaíonn an tOifigeach Sláinte agus Sábháilteacht an Tuarascáil Sábháilteachta gach mí, agus leithdháiltear ar gach fostaí í. Is bealach éifeachtach é seo chun eolas ábhartha a chumarsáid i ndáil le cúrsaí Sláinte agus Sábháilteachta do gach fostaí, agus rannchuireann sé le forbairt béascna sláinte agus sábháilteachta dhearfaigh i measc na bhfostaithe go léir.

## CONRAITHEOIRÍ

Coinníonn Comhairle Contae an Longfoirt uirthi ag measúnú na gConraitheoirí a oibríonn thar a ceannsa i gcomhréir leis na Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Foirgníocht), 2013. Comhlánaíonn gach aon Chonraitheoir Ceistneoir Sláinte agus Sábháilteachta, agus is í Comhairle Contae an Longfoirt a dhéanann measúnú air sin chun a n-inniúlacht agus a gcomhlíonadh leis na ceanglais Sláinte agus Sábháilteachta a bhreithniú. Táthar tar éis 297 measúnacht conraitheora a chríochnú faoi láthair, athbhreithníodh 39 de na conraitheoirí úd, agus críochnaíodh athmheasúnú sa bhliain 2015.

## 2015 - BÁSANNA SA LÁTHAIR OIBRE IN ÉIRINN

Maraíodh 55 duine i dtionóiscí a bhain leis an obair anuraidh. Tá Comhairle Contae an Longfoirt fós lántiomanta chun an tsláinte agus an tsábháilteacht a bhainistiú, agus leanfaidh sí ar aghaidh ag forbairt an Chórais Bhainistíochta Sábháilteachta chun láthair oibre shábháilte a chinntiú dá fostaithe go léir agus do bhaill den phobal.




## GRADAIM SHLÁINTE AGUS SÁBHÁILTEACHTA 2015

Is í seo an chéad bhliain ar iontráil Comhairle Contae an Longfoirt an Córas Bainistíochta Sábháilteachta do ghradaim ar bith. Aithnítear leis na gradaim sin an chaoi ina mbainistíonn eagrais an tsláinte agus an tsábháilteacht.

Rinne an Chomhairle iarratas ar na gradaim seo a leanas:

### GRADAIM EAGRAÍOCHT NÁISIÚNTA SHÁBHÁILTEACHT NA HÉIREANN

Tá an NISO tar éis gradaim shábháilteachta a reáchtáil le 24 bliain anuas, agus tá na gradaim sin tar éis éirí fíorthábhachtach do gach cuideachta in Éirinn. Rinne ní ba mhó ná 120 cuideachta iontrálacha sna gradaim i mbliana lenar áiríodh trí Chomhairle eile. Chun iontráil sna gradaim ab éigean don Chomhairle aighneacht a dhéanamh faoi 10 gcuid, agus fianaise comhlíonta a sholáthar i leith gach aon rannóg. Bhí 4 chatagóir gradam ann, agus cuireadh an Chomhairle ar an ngearrliosta don chatagóir ab uaisle. Fuair an Chomhairle Gradam an Uachtaráin d'Iontrálaí Nua, atá ar cheann de na gradaim is uaisle. Níorbh fhéidir an gradam sin a bhuachan gan tiomantas agus ionchur gach fostaí.

### IONADAÍ NA BLIANA AG EAGRAÍOCHT NÁISIÚNTA SHÁBHÁILTEACHT NA HÉIREANN

Iontráladh John Byrne (Seirbhísí Uisce) mar Ionadaí Sábháilteachta na Bliana 2015 as a sheirbhís fhada agus as a thiomantas agus rannchur leanúnach do ról an Ionadaí Sábháilteachta. Tháinig os cionn 30 iarratas isteach agus cloíodh John le farasbarr beag ag Ionadaí Sábháilteachta ó Coca Cola.

### NA GRADAIM DON BHÉARLA SOTHUIGTHE

Bhí Ráiteas Sábháilteachta na Comhairle i measc na mbuaiteoirí de na chéad Ghradaim riamh don Bhéarla Sothuigthe arna n-eagrú ag an Áisíneacht Náisiúnta Litearthachta d'Aosaigh (NALA) agus arna n-urrú ag an gcuideachta dlí fhorásach Mason Hayes & Curran. Aithnítear leis na gradaim sin samplaí de cháipéisí ina mbaintear leas as an mBéarla Sothuigthe a chuidíonn le duine éigin chun iad a thuiscint an chéad uair a léann siad nó a chloiseann siad iad.

### NA GRADAIM UM AN BHFEABHAS SA RIALTAS ÁITIÚIL

Bhí Comhairle Contae an Longfoirt i measc na mbuaiteoirí ag na Gradaim um an bhFeabhas sa Rialtas Áitiúil i mbliana. Aithnítear sna Gradaim sin an dea-chleachtas sa Rialtas Áitiúil, agus ceadaíonn siad do na Comhairlí Contae chun samplaí a thaisceadh de thionscadail dea-shaothair ar fud na bliana. B'éigean don Chomhairle faoi iarratas na Comhairle um Ráiteas Sábháilteachta chun faisnéis a sholáthar i leith aidhmeanna agus chuspóirí an tionscadail, um sheachadadh an tionscadail, um chumarsáid, nuálaíocht agus éifeachtacht an tionscadail.

# SEIRBHÍSÍ CULTÚRTHA & CAITHIMH AIMSIRE

## OIFIG EALAÍON AN LONGFOIRT

### AN CEOL

| | |
|---|---|
| Tacaíocht don Chlár Ceoil Little Blue Room | Is ionad ceoil bheo é Little Blue Room arna bhunú i dTábhairne John Brown, Cearnóg an Mhargaidh, le grúpa saorálaithe. Is tionsncamh seachbhrabúsach é chun tacú le forbairt léiriúchán beo den saothar labhartha agus den cheol sa Chontae. |
| Cumann Snagcheoil an Longfoirt | Bunaithe ar bhunús saorálach chun líon beag imeachtaí snagcheoil bheo ar scála beag chun fónamh don lucht éisteachta snagcheoil áitiúil. Is sa Canal Studio Backstage a chuirtear na himeachtaí ar siúl. |
| Gníomhaíocht Chórúil an Longfoirt | Is tréan é an ceol córúil sa Longfort.<br>• 60 ball i gCór Chontae an Longfoirt,<br>• 30 ball d'Amhránaithe Cois na hEithne i mBaile Uí Mhatháin,<br>• Cór na hArd-Eaglaise,<br>• Ceolbhuíonn na Teanga-Bhaile Nua an Chaisil-Scramóige<br>• Roinnt cór eaglasta.<br>• Tacaíochtaí airgeadais agus chur chun cinnt tugtha do na grúpaí sin go léir. |
| An Ceol Traidisiúnta | Tacaíocht tugtha do ceolghrúpa óige Se Chairde i Meathas Troim sa chomórtas náisiúnta.<br>Tacaíocht tugtha d'Fhleadh Cheoil Chontae an Longfoirt 2015<br>Tacaíocht tugtha do Chlár Damhsa Céime Leanaí Phlásóg an Tobair<br>Tacaíocht tugtha do cheardlanna faoin damhsa ar an sean-nós i mbunscoileanna an Longfoirt |
| An Ceol Comhaimseartha | Tacaíocht tugtha do chamchuairt forbartha gairmiúla Celtic Chique chun S.A.M.<br>Taccaíocht airgeadais tugtha do Chath na mBuíonta sa Longfort. |
| An Scoil Rac-cheoil | Tacaíocht tugtha don tionscnamh nuálaíoch seo do rac-cheoltóirí óga i gcomhar le LWETB. |

### AN SCRÍBHNEOIREACHT/LITRÍOCHT CHRUTHAITHEACH

| | |
|---|---|
| Grúpaí um an Scríbhneoireacht Chruthaitheach | Is flúirse líon na scríbhneoirí cruthaitheacha sa Longfort in aghaidh an daonra thar aon chontae eile in Éirinn. Is ar bhonn aonair a oibríonn roinnt acu, ach is leis an líon grúpaí scríbhneoirí is mó a bhíonn an chuid is mó acu páirteach.<br>Is í Oifig Ealaíon an Chontae a sholáthraíonn réimse seirbhísí agus tacaíochtaí do:<br>• Grúpa Scríbhneoirí Cheantar an Mhóta i nGránard<br>• Lárionad Lasraí do Scríbhneoirí i mBéal Átha Liag<br>• Grúpa Scríbhneoirí Goldsmith i mBaile Uí Mhatháin<br>• Grúpa Scríbhneoirí Wordsmiths sa Longfort<br>• Grúpa Scríbhneoirí Edgeworth i Meathas Troim |
| Sparánacht Chuimhneacháin Anne Skelly | An chéad sparánacht chuimhneacháin riamh chuig Lárionad Ealaíon Eanach Mhic Dheirg arna bronnadh ar an Scríbhneoir Alan McMonagle atá ag éirí aníos sa Longfort. |
| Clár Meantóireachta Gearrscéalta | Clár scríbhneoireachta cruthaithí deich seachtaine bunaithe in oilteachtaí scríobh na ngearrscéalta i Lárionad Cruthaíochta Ardach arna mheantóireacht ag an úrscéalaí Longfortach Alan McMonagle. |
| Respond 1 | Tionscadal a cruthaíodh; inar tugadh saothar amháin do 10 scríbhneoirí ón Longfort le deichniúr elaíontóirí ón Longfort, agus tugadh an tasc dóibh chun freagra liteartha a chumadh don saothar laistigh de thréimhse faoi leith. Tháinig Taispeántas, Léitheoireacht Liteartha agus Foilseachán rathúil ón Tionscadal. |
| An Fhilíocht Lasmuigh | Fostaíodh File ón Longfort chun roinnt ceardlann filíochta lasmuigh a thabharit i gceantar Chalaí na Sionainne an Longfoirt ar Oileán na Naomh. Ba é an cuspóir leis ná chun tionchar an dúlra ar an bpróiseas cruthaitheach a thaiscéaladh. |
| Léitheoireachtaí Backstage | Arna gcur in eagar mar shraith léitheoireachtaí le scríbhneoirí áitiúla agus seachtracha i gcomhpháirt le hAmharclann an Backstage. |
| An féidir leat Éisteacht lena bhFeicimse? | Tionscadal liteartha mínealaíne a tháinig ó Respond 1. D'fhreagair file don phéintéireacht theibí le mac léinn neamhbhriathartha áitiúil i Naomh Críostóir. Toradh air mar Fhoilseachán, taispeántas agus léitheoireachtaí sa Longfort agus i mBaile Átha Luain. |



## PÉINTÉIREACHT SNA HAMHARC-EALAÍONA

| | |
|---|---|
| Taispeántas Iarthagrach Charlie Cullen | Is Ollamh Emeritus le Péintéireacht é Charlie Cullen ag an gColáiste Náisiúnta Ealaíne agus Deartha, agus is é an t-ealaíontóir beo is clúití as an Longfort é; agus b'amhlaidh dá réir a braitheadh é bheith iomchuí go dtabharfaí aitheantas dó le taispeántas iarthagrach dá shaolré san Atrium Gallery. |
| Taispeántas Ealaíne le Mic Léinn Fho-chéime sa Longfort | Mar a chéile leis an gcás sa chuid is mó de na contaetha tuaithe is amhlaidh a chaillimid cion fíormhór dár n-óige don oideachas agus don fhostaíocht lasmuigh den chontae. Is iarracht í seo chun nasc éigin a choinneáil idir ár mic léinn ealaíne agus a gcontae dúchais. |
| Féile Ealaíon Chruthú | Tacaíocht tugtha do chlár fís-ealaíon na féile fíor-rathúla ildisciplíní seo i rith an tsamhraidh. |
| An féidir leat Éisteacht lena bhFeicimse? Na hAmharc-Ealaíona & An Fhilíocht | Cuireadh beirt ealaíontóirí le chéile sa Tionscadal respond 1, Brendan Duffy is péintéir agus úsáideoir seirbhíse neamhbhriathartha i Naomh Críostóir, agus file ó Bhaile Átha Luain a lean ar aghaidh ag saothrú go comhoibritheach nuair a tháinig an tionscadal Respond 1 chun críche. Léirigh siad taispeántas de Phictiúir Bhreandáin agus bailiúchán d'fhilíocht Jackie, agus chomhchistigh Oifigí Ealaíon an Longfoirt agus na hIarmhí táirgeadh leabhar mangaire comórtha. |
| Oíche Chultúir | Tacaíocht tugtha do ghné fís-ealaíne Chlár na hOíche Cultúir. |
| Púicíní | D'eagraigh Taispeántas den Phéintéireacht, Líníocht, Ghrianghrafadóireacht agus Damhsa arna léiriú ag an ealaíontóir Polannach ón Longfort Angelika Sowul i gcomhpháirt leis an Atrium Gallery. |
| Gabháil | Tacaíocht tugtha do thaispeántais éagsúla ó chomharghrúpa nua ealaíontóirí sa Longfort. |

## GRIANGHRAFADÓIREACHT

| | |
|---|---|
| Comórtas & Taispeántas Idirnáisiúnta sa Ghrianghrafadóireacht Portráide Expressions | Ba é seo an rud ar tháinig an rath ba mhó leis i gcaitheamh na bliana. Ag úsáid ár dtaithí sa TF agus sna healaíona ab amhlaidh a d'fhógraíomar ár gcomórtas don ghrianghrafadóireacht portráide ar an idirlíon, agus cuireadh an tionscadal iomlán ar siúl tríd an idirlíon. Bhí aighneachtaí againn ó S.A.M., Ceanada, Meicsiceo, Iosrael, ón Ostair agus ón Ríocht Aontaithe. Ba é grianghrafadóir Meiriceánach ó San Francisco an buaiteoir foriomlán. Cheanglaíomar leis an mbuaiteoir trí nasc satailíte oíche an taispeántais agus searmanas na nGradam. |
| Clár Grianghrafadóireachta i Scoileanna an Longfoirt-2015 | Seo é an clár oideachasúil ealaíne is mó agus is fadbhunaithe in Éirinn. Tá sé ina shéú bliain, agus baineann sé de na seacht n-iar-bhunscoil sa Longfort leis. |
| Foilseachán Grianghrafadóireachta Scoileanna an Longfoirt | Déanann na rannpháirtithe sa Ghrianghrafadóireacht do Scoileanna iarracht gach bliain chun tionscadal mór amháin ar a laghad a reáchtáil. B'fhoilseachán grianghrafadóireachta é i mbliana um théama an chumais/an mhíchumais dar teideal; *Together we are Strongeri.*<br>D'eagraigh na mic léinn an tionscadal, thóg siad na grianghraif, dhíol siad na leabhair agus dheonaigh siad na fáltais le Naomh Críostóir. |

## AN EALAÍN PHOIBLÍ

| | |
|---|---|
| Stáisiún Dóiteáin Bhéal Átha Liag | Chríochnaigh coimisiúnú gné ealaíne poiblí leis an ealaíontóir Ed Walshe ón Longfort chun oscailt Stáisiúin Dóiteain Bhéal Átha Liag a cheiliúradh. |
| Bóthar Bhéal na mBuillí | Chríochnaigh coimisiúnú gné ealaíne poiblí leis na healaíontóirí Joe & Patrick Walker a oibríonn i Liatroim thar ceann Chlúid mar chuid d'Athghiniúint Cheantar Bhóthair Mhichíl. Lena suiteáil Dé Máirt 2 Feabhra 2016. |

## FÉILTE

| | |
|---|---|
| Comórtas agus Gradaim Ghrianghrafadóireachta Portráide Idirnáisiúnta Expressions 2015 | Bunaíodh an comórtas idirnáisiúnta fíor-rathúil ar líne seo<br>D'eagraigh taispeántas agus searmanas gradam mar chuid de Crothu 2015<br>[Féach Amharc-Ealaíona –Grianghrafadóireacht] |
| Crothu 2015 | Bhunaigh an fhéile ildisciplíneach seo thiar sa bhliain 2013. Tacaíocht do:<br>• Taispeántais sna hAmharc-Ealaíona<br>• Taispeántais sealadach san ealaín phoiblí<br>• Taispeántais ghrianghrafadóireachta |
| Geitfhéile Ardach 2015 | Thug cúnamh le bunú na féile Samhna sin. Tacaíocht tugtha don<br>• Taispeántas Grianghrafadóireachta<br>• Ceardlanna agus léitheoireachtaí sa litríocht Ghotach<br>• Tionscadal scoileanna |
| Féile Liteartha Mheathais Throim | Tacaíocht tugtha do shraithe léitheoireachtaí liteartha san imeacht liteartha athnuaite sin. |
| Scoil Shamhraidh Goldsmith | Tacaíocht tugtha do chlár liteartha na féile sin ar feadh 20 bliain. |
| Scoil Samhraidh Chomhshaoil Loch Rí | Bunaíodh an imeacht seo sa bhliain 2002, agus tugadh tacaíocht do ghnéithe na féile ealaíon ó shin i leith. |
| Oíche Chultúir | Sholáthair 50% den chistiú do chostas na himeachta. |
| Lá Náisiúnta na Filíochta | Cuireadh sceideal clár léitheoireachtaí Scoile agus léitheoireachtaí d'aosaigh le filí gairmiúla i Lárionad Cruthaitheachta Ardach um thráthnóna. |

## EALAÍONA & TF


| | |
|---|---|
| www.visuallongford.ie | Thiomsaigh agus d'uaslódáil ábhar chun na hamharc-ealaíona a chur chun cinn sa Longfort. |
| www.longfordmusic.ie | Nuashonraigh agus d'fhormhéadaigh an suíomh ina dtaispeántar scoth an cheoil thraidisiúnta, chomhaimseartha agus chlasaicigh áitiúil. |
| www.longforddigitalarts.ie | Tiontú www.midlandcollegeofphotography.ie chuig suíomh ealaíon digiteach nua leathanbhunaithe arna oibriú ag comórtas Grianghrafadóireachta Idirnáisiúnta Expressions tríd an suíomh sin. |
| www.virtualwriter.ie | Nuashonraigh agus d'fhormhéadaigh an suíomh gréasáin liteartha is fadbhuanaithe in Éirinn. |
| www.longfordcoco.ie | Dhréachtaigh moltaí chun feidhmiúlacht agus aeistéitic an ábhair ar leathanach na hOifige Ealaíon ar láithreán gréasáin Chomhairle Conate an Longfoirt a nuashonrú, agus shioncronaigh é sin leis na láithreáin thuas. |
| Facebook - Seirbhísí Ealaíon Chontae an Longfoirt | Chruthaigh leathanach Facebook don tseirbhís mar an chéad chéim chun margaíocht dhigiteacht na tairisceanna digití de chuid na hOifige Ealaín a fheabhsú. |

## DRÁMAÍOCHT

| | |
|---|---|
| Ealaíontóir Cónaitheach An Amharclann Backstage | Sholáthair cistiú do cheapadh Stiúrthóra Chónaithigh a d'oibrigh le déagóirí agus le haisteoirí óga ón gceantar i léiriú leagain dhrámata den saothar "Frank Pig Says Hello" le Pat McCabe. |


## TASCANNA RIARACHÁIN

| | |
|---|---|
| Straitéis Forbartha Ealaíon an Chontae 2015-2020 | Cuireadh tús le taighde agus le dréachtú an chéad Straitéis Forbartha Ealaíon eile den Chontae |
| Iarratas chun na Comhairle Ealaíon 2016 | D'ullmhaigh tuarascáil faoin gclár agus faoin bhforbairt tionscadail a rinne an Oifig Ealaíon sa bhliain 2015, agus d'aithin tionscadail d'fhorbairt sa bhliain 2016 ina mbreithneodh an Chomhairle Ealaíonn faoi chistiú a thabhairt dóibh. |
| Tuairiscí Saothair | D'ullmhaigh tuairisc faoin gclár saothair bhliantúil a críochnaíodh sa bhliain 2015, agus cheap clár saothair don bhliain 2016. |
| Irisleabhar Lár Tíre sna hEalaíona & sa Chultúr | Rinne taighde agus thiomsaigh cóip agus íomhánna don dá eagrán d'Irisleabhar Lár Tíre sna hEalaíona & sa Chultúr. |







## SÚGRADH AGUS SIAMSAÍOCHT

Tógadh clós súgartha nua amháin sa bhliain 2015 sa Lios Breac. Ba le cistiú ó Chomhairle Contae an Longfoirt, ón Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige (RLGÓ), agus trí charnadh cistí ag an gcoiste clóis súgartha áitiúil a bunaíodh an tsaoráid seo. D'oibrigh an coiste áitiúil go dlúth le Comhairle Contae an Longfoirt chun an dearadh deiridh a roghnú, agus chun an suíomh a roghnú arna sholáthar ag úinéir talún príobháideach. Is é an tÚdarás Áitiúil a bhainistíonn an clós súgartha, le tacaíocht ón bpobal.

Reáchtáladh Lá Súgartha Náisiúnta an 27 Meitheamh 2015. Tháinig slua mór amach agus áiríodh leis an tráthnóna cluichí, ealaíona agus ceirdeanna, ainmhithe feirme, drámaí puipéad agus an draíocht. Thacaigh an RLGÓ, Lárionad Saorálaithe an Longfoirt, Coiste Cúraim Leanaí Chontae an Longfoirt, an Garda Pobail, Baile Slachtmhara an Longfoirt agus go leor eile nach iad leis an imeacht úd.

## SEIRBHÍSÍ LEABHARLAINNE, OIDHREACHTA AGUS CARTLANN CHONTAE AN LONGFOIRT

Tá Seirbhís Leabharlainne, Oidhreachta agus Cartlann Chontae an Longfoirt tar éis dul ó neart go neart le roinnt blianta anuas le líon na gcuairteanna taifeadta chuig ár leabharlanna i mbliana ag sárú 200,000 den chéad uair riamh. Gnóthaíodh an méid sin trínár dtiomantas leanúnach do sheachadadh seirbhíse leabharlainne pobail nua-aimseartha, nuálaíche, agus seirbhíse poiblí cuimsithí ar freagrúil í d'éilimh dhaoine aonair agus na bpobal ar a bhfreastalaímid.

Tá 6 leabharlann bhrainse sa Chontae: An Longfort, Meathas Troim, Droim Lis, Béal Átha Liag, Baile Uí Mhatháin agus Gránard. Tá an Longfort, Baile Uí Mhatháin agus Gránard ag feidhmiú anois ar bhonn lánaimseartha. Faightear Gránard agus Baile Uí Mhatháin araon i sean-Tithe Margaidh áille athchóirithe, agus is fócasphointí iad de shaol an phobail sna bailte úd. Cuirtear ar siúl Cruinnithe Ceantar Bardasach iontu, agus tionóltar cruinnithe comhairliúcháin i mBaile Uí Mhatháin freisin do Center Parcs.

## CLÁR NA LEABHARLANN BRAINSE

Is spás poiblí atá inár leabharlanna brainse arb inrochtana do gach saoránach iad, agus foireann na leabharlainne ag tacú le agus ag éascú do go leor grúpaí agus daoine aonair a fhaigheann rochtain ar na saoráidí agus na seirbhísí. Reáchtáladh lear mór tionscadal agus imeachtaí bríomhara lenar áiríodh taispeántais, léachtaí, léitheoireachtaí, seoltaí leabhar chomh maith leis an teanga, ceol, ealaín agus ranganna ríomhaireachta ó cheann ceann na bliana. Coinníonn an tseirbhís leabharlainne uirthi ag forbairt eochair-chomhpháirtíochtaí le soláthraithe agus le gníomhaireachtaí seirbhíse reachtúla agus pobail eile sa Chontae, lena n-áirítear Women's Link (LWL); Líonra an Longfoirt do Dhaoine Scothaosta, BOO an Longfoirt/na hIarmhíre, Cumann Meabhairshláinte an Longfoirt, an FSS, agus go leor grúpaí pobail eile nach iad.



Rolltar amach gach bliain imeachtaí leanúnacha a thacaíonn le forbairt léitheoirí, litearthacht agus foghlaim d'aosaigh agus do leanaí, agus reáchtáladh os cionn 200 imeacht sna leabharlanna brainse ar fud an Chontae gach aon bhliain. Cuirtear na himeachtaí sin chun cinn ar láithreán gréasáin na Leabharlainne, ar na meáin sóisialta, sna meáin áitiúla agus ar an raidió áitiúil. I measc na n-imeachtaí ba rathúla sa bhliain 2015 bhí:

- **FÉILE NA BEALTAINE do dhaoine scothaosta i mí na Bealtaine, le hos cionn 500 duine ag glacadh rannpháirte i réimse forleathan imeachtaí arna gcomhordú ag an Leabharlann i gcomhar leis Líonra an Longfoirt do Dhaoine Scothaosta, Gardaí an Longfoirt agus Bord Oideachais agus Oiliúna an Longfoirt/na hIarmhí (BOO).**
- **BÚS LÉITHEOIREACHTA AN TSAMHRAIDH, tionscnamh lena dtugtar spreagadh do leanaí chun sult a bhaint as an léitheoireacht chomh maith leis an staidéar ar feadh laethanta saoire an tsamhraidh, ar éirigh go hiontach leis i mbliana. Léigh leanaí ó fud an Chontae go léir, agus a ghlac rannpháirt sa chlár, os cionn 2,000 leabhar.**
- **FÉILE LEABHAR LEANAÍ BHLIANTÚIL a reáchtáladh ar feadh mhí Dheireadh Fómhair, leis an aird phríomha ar chothú na dúile ag leanaí agus ag leanaí óga don léitheoireacht trí chuairteanna ag údair, an scéalaíocht, agus an scríbhneoireacht chruthaitheach.**
- **B'imeacht mhór í SEACHTAIN NA hOIDHREACHTA i bhféilire na seirbhísí Leabharlainne, Oidhreachta agus Cartlann; agus taispeántais agus léachtaí á reáchtáil i Leabharlann Ghránaird agus an Longfoirt agus Lá Oidhreachta fíor-rathúil i mBaile Uí Mhatháin.**



Ar clé: 100 Bliain den Ghnó i mBéal Átha Liag, ag Leabharlann Bhéal Átha Liag



Ar deis: Luke Baxter agus Amhránaithe Chois na hEithne, "Ceadal Ceoil John McCormack", Leabharlann Bhaile Uí Mhatháin

## TUAIRISC TFC 2015

Lean Leabharlann Chontae an Longfoirt ar aghaidh ag infheistiú sa TFC chun rochtain fheabhsaithe a sholáthar do chustaiméirí leabharlainne. Ba de bharr an éilimh mhéadaithe ar sheirbhís phoiblí idirlín agus WiFi, a d'uasghrádaíomar ár gcóras áirithintí idirlín phoiblí chun rogha fhéináirithinte a áireamh do sheisiúin idirlín. Coinnímid orainn ag cur chun cinn agus ag méadú úsáid ár saoráidí féin-eisiúna do thabhairt ar ais agus eisiúintí leabhar le custaiméirí leabharlainne inár mbrainsí lánaimseartha sa Longfort, i nGránard agus i mBaile Uí Mhatháin.

Leanamar ar aghaidh ag idirchaidreamh le Foireann Fhorfheidhmithe an Chórais Bhainistíochta Leabharlainne náisiúnta mar chuid d'ullmhú i gcomhair rolladh amach an chórais nua a cuireadh tús leis sa bhliain 2015. Tá Leabharlann an Longfoirt i gCéim 3 den tionscadal seo, a thabharfar chun críche ag deireadh na bliana 2016. Is cuid thábhachtach den chlár DEISEANNA DO CHÁCH é seo ina dtairgtear rogha níos forleithne ríomhleabhar, ríomhirisí, ríomhnuachtán agus cúrsaí foghlamtha ar líne d'úsáideoirí leabharlann ar fud na tíre sa bhealach is cost-éifeachtaí. Bítear ag baint leasa as na meáin sóisialta anois i ngach leabharlann bhrainse chun seirbhísí agus féilire imeachtaí na leabharlainne a chur chun cinn do lucht léitheoireachta atá ag dul i méid.

## AN CLÁR CAIPITIL

Aithníonn Comhairle Contae an Longfoirt Leabharlann Mheathas Troim mar an tosaíocht is mó d'fhorbairt leabharlainne nuair a fhógraítear clár cistithe Caipitil. Tá Comhairle Contae an Longfoirt ag oibriú i gcomhpháirt le Comharchumann Forbartha Mheathas Troim a d'aithin suíomh oiriúnach i lár an bhaile do leabharlann éigin. Sholáthair siad cistiú do dhréachtdearadh, plean costas agus táthar tar éis an próiseas Pleanála Chuid 8 a chríochnú chun a chinntiú gur féidir an tionscadal a chur chun cinn go tapa nuair a thiocfaidh an cistiú ar fáil.

## CLÁR COMÓRTHA AN CHÉID 2016



Thuas: Gaolta leis an 14 fear agus ban ón Longfort a ghlac rannpháirt in Éirí Amach na Cásca 1916 ag seoladh Éire 2016 – clár an Longfoirt ag Amharlcann Backstage



Iarradh ar gach Údarás Áitiúil chun clár imeachtaí ar fud na tíre a eagrú agus a chomhordú chun comóradh a dhéanamh ar eachtraí na bliana 1916. D'iarr Comhairle Contae an Longfoirt ar an tSeirbhís Leabharlainne chun an clár don Chontae a chomhordú. Bunaíodh Coiste Chéad Bliain, faoi chathaoirleacht an Chathaoirligh, agus fuair sé freagra iontach ón nglao go nglacfadh gach scoil agus pobal rannpháirt sa chlár. Leithdháil an Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta an tsuim €30,000, agus €15,000 breise á ghealladh ag Comhairle Contae an Longfoirt i leith an chláir. Cuireadh an cistiú chun ceardlann do scoileanna, comharthaíocht, deontais bheaga le grúpaí pobail agus le hullmhú an chláir don bhliain. Seoladh an clár imeachtaí ar fud an chontae san Amharclann Backstage i mí na Samhna, le tinreamh mór aige agus clár plódaithe os cionn 60 imeacht ar na bacáin don bhliain 2016.

## STRAITÉIS AOIS-BHÁÚIL CHONTAE AN LONGFOIRT

Iarradh ar Leabharlann an Longfoirt chun ról ceannasach a fheidhmiú i bhforbairt Straitéis Aois-Bháúil Chontae an Longfoirt, agus d'oibrigh i gcomhpháirt le rannóga eile den Údarás Áitiúil, lena n-áirítear an Tithíocht, an Phleanáil, an Comhshaol, an Pobal agus an Fhiontraíocht srl. chomh maith le heochair-ghníomhaireachtaí eile ar nós na FSS, an Gharda, Eolas do Shaoránaigh, Líonra an Longfoirt do Dhaoine Scothaosta agus Aoisbhá Éireann chun an Straitéis a dhréachtú. Reáchtáladh lá comhairliúcháin fhíor-rathúil do dhaoine scothaosta a díríodh ar gach grúpa scoir ghníomhacha, tithe altranais agus gach eochair-gheallsealbhóir i mí an Mheithimh; agus ba é Declan Nerney a sheol an Straitéis i Leabharlann an Longfoirt i mí na Nollag. Is ionann an chéad chéime sa phróiseas seo agus bunú Chomhairle do Dhaoine Scothaosta sa bhliain 2016.

## NASCADH BAILTE

Fearadh fáilte roimh thoscaireacht 26 duine ó Noyal Chatillon (Noal-Kastellan) sur Seiche anall ón mBriotáin sa Fhrainc chun an Longfoirt i mí na Bealtaine sa bhliain 2015, arbh í an 18ú bliain den nascadh idir na bailte úd. Tá an clár tar éis bheith fíor-rathúil mar thoradh ar an tacaíocht iontach a fhaighimid ó óst-teaghlaigh a fhearann fáilte roimh strainséirí isteach chun a mbailte agus tá siad tar éis cúpla lá in ainneoin na mbacainní teanga srl. go leor a fhoghlaim faoi chultúr, teanga, oideachas, bia, ceol, traidisiúin a chéile srl., agus d'éirigh go leor acu ina gcairde. Is cuid thábhachtach den chlár é an tIdirmhalartú Scoileanna, agus d'éascaíomar sa bhliain 2015 do roinnt idirmhalartuithe idir daltaí ón Longfort agus ó Noyal thar laethanta saoire an tsamhraidh.

Síníodh comhaontú nasctha bailte oifigiúil idir an Longfort agus Huixquilucan Mheicsiceo sa Longfort i mí an Mhárta na bliana 2015 nuair a d'fhear an Cathaoirleach Mark Casey fáilte roimh thoscaireacht bheag anall ó Huixquilucan, baile ar imeall Chathair Mheicsiceo i dteannta le Banna Píob San Patricio chun bheith i bhfeighil ag síniú an nasctha oifigiúil. Ba é an tAmbasadóir Meicsiceach chun na hÉireann a d'éascaigh dó sin d'fhonn naisc eacnamaíocha agus cultúrtha níos láidre a thógáil idir an dá bhaile s'againne. Chuaigh toscaireacht bheag ón Longfort faoin gCathaoirleach cuairt fhillte ar Huixquilucan i mí na Bealtaine, agus d'fhreastail ar roinnt cruinnithe leis an gComhlachas Tráchtála, le gnólachtaí idirnáisiúnta agus le hAmbasáid na hÉireann thall i Meicsiceo. Fearadh fáilte roimh chuairt leantach ag toscaireacht deichniúir dhaoine ó Huixiquilucan chuig an Longfort i mí Iúil.

## SEIRBHÍSÍ COMHROINNTE

Mhol an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil mar chuid de Chlár Athchóirithe an Rialtais Áitiúil chun líon na n-údarás leabharlainne a laghdú ó 30 chuig 23, agus chun roinnt seirbhísí de chuid na n-údarás áitiúil níos lú a chónascadh, lena n-áirítear an Longfort agus an Iarmhí. Ciallóidh an méid sin go mbeidh Leabharlannaí Contae amháin i gceannas ar fhoireann bhainistíochta amháin sa Longfort nó san Iarmhí. Ní dhearnadh aon dul chun cinn breis ina leith sin sa bhliain 2015.

## FOIREANN

Choinníomar orainn i mbliana lenár dtacaíocht do dhaoine ag lorg socrúchán oibre mar chuid dá staidéir nó cláir oiliúna chun filleadh ar an obair, agus go háirithe ár gcomhoibriú le clár cóitseála post TASC de chuid Naomh Críostóir do dhaoine le míchumais. Leanann an leabharlann ar aghaidh ag feidhmiú mar óstach do thriúr daoine ar an gclár Gateway/Tairseach. Is mian liom aitheantas a thabhairt do chomhoibriú agus tacaíocht fostaithe i ngach leabharlann bhrainse, as na cláir sin agus do chomhoibriú agus solúbthacht na bhfostaithe chun a chinntiú, seachas ar chorruairibh, gur fhan ár leabharlanna brainse ar oscailte ó cheann ceann na bliana in ainneoin easnamh foirne géar.

# TUAIRISC SEIRBHÍS CARTLANN CHONTAE AN LONGFOIRT

Bhí bliain tháirgiúil eile ag Seirbhís Cartlann Chontae an Longfoirt sa bhliain 2015. Choinnigh sí uirthi ag formhéadú a mbailiúchán, ag cúnamh leis an bpobal agus le foireann an údaráis áitiúil le fiosruithe, agus bhí baint aici le roinnt gníomhaíochtaí for-rochtana.

## CARTLANNA SEALBHAITHE

Taisceadh na bailiúcháin seo a leanas:

- **Cartlanna údarás áitiúil éagsúil ó Aontais Dhlí na mBocht sa Longfort, i mBaile Uí Mhatháin agus i nGránard, Comhairle Cheantair Thuaithe an Longfoirt agus Bord Sláinte Chontae an Longfoirt agus Cúnamh Poiblí (ó Chumann Stairiúil Chontae an Longfoirt);**
- **Miontuairiscí Chomhairle Baile an Longfoirt, 2011-14 agus Orduithe an Bhainisteora, 1999-2013;**
- **Gníomhais a bhaineann le Baile an Longfoirt (Comhairle Baile an Longfoirt);**
- **Comhfhreagras agus cuntais ó Chomhlacht Gáis an Longfoirt, ó thús na 1900í;**
- **Miontuairiscí, tuairiscí agus míreanna eile le Cuallacht Bhantracht na Tuaithe i gCarraig Éamoinn, 1980-2001;**
- **Míreanna le Coiste Talmhaíochta Chontae an Longfoirt, 1940í.**

## BAINISTIÚ TAIFEAD

Rinne an Cartlannaí suirbhé ar gach roinn na Comhairle chun tuairisciú faoi riachtanais reatha agus amach anseo do stóráil na dtaifead.

Leanadh ar aghaidh leis an mbainistiú taifead sa Roinn Pobail agus Fiontraíocht, agus tosaíodh an saothar ar thaifid Chomhairle Baile an Longfoirt.

## COMÓRADH CHÉAD BLIAIN Ó ÉIRÍ AMACH NA BLIANA 1916

Ba mar bhall de Choiste Chontae an Longfoirt d'Éirinn 2016 a rannchuir an Cartlannaí le pleanáil cláir imeachtaí chun céad bliain d'Éirí Amach na Cásca a chomóradh. Rinne sé taighde sna fir agus mná ón Longfort a thug fiannas san Éirí Amach, agus labhair sé ag na himeachtaí seo a leanas:

- **An cruinniú comhairliúcháin phoiblí faoin gclár don chomóradh chéad bliain, 21 Aibreán;**
- **Seimineár d'oidí bunscoile, 14 Deireadh Fómhair;**
- **Seimineár d'oidí iar-bhunscoile, 20 Deireadh Fómhair;**
- **Seimineár faoi mhná san Éirí Amach, arna eagrú ag Women's Link an Longfoirt, 3 Samhain;**
- **Grúpa Amharclannaíochta Óige Backstage, 9 Samhain (mar chuid dá shaothar ar léiriúchán drámaíochta bunúsach).**

## COMÓRADH CHÉAD BLIAIN Ó FHEACHTAS GALLIPOLI

Shaothraigh an Cartlannaí leis an Oifigeach Oidhreachta chun tionscadal a eagrú i leith saighdiúirí an Longfoirt in Gallipoli do ranganna na hidirbhliana. Thug na daltaí láithreoireacht dá saothar ag imeacht i Leabharlann an Longfoirt an 24 Aibreán.

## GNÍOMHAÍOCHTAÍ EILE

Reáchtáladh na himeachtaí seo a leanas:

- **Aitheasc faoi 'Athshamhlú an Longfoirt 1915' le grúpa bunscolaíochta, 7 Bealtaine;**
- **Aitheasc faoin mbéaloideas le Cumann Stairiúil Cheantar Ghránaird, 21 Bealtaine;**
- **Cuairt ar Ollscoil Mhá Nuad le toscaireacht ó Huixquilucan, Meicsiceo, 22 Iúil;**
- **Aitheasc ag nochtadh dhá leac chuimhneacháin istigh i nGránard dóibh siúd a daoradh chun báis thiar sa bhliain 1798, 6 Meán Fómhair;**
- **Cuairt ranga idirbhliana, Pobalscoil na Maighne, ar Cheanncheathrú na Leahbarlainne, 23 Meán Fómhair;**
- **Aitheasc faoi 'Éirí Amach 1916 agus an Longfort' le ranganna a cúig agus a sé, Scoil Náisiúnta Naomh Treasa, Cill Eo, 25 Samhain.**





## GNÍOMHAÍOCHTAÍ EILE

Thosaigh an Cartlannaí i mí Dheireadh Fómhair ag meantóireacht Cartlannaí faoi oiliúint atá ag déanamh an chláir MA sna Cartlanna Stairiúla (arna chreidiúnú anois mar chlár oiliúna) ag Ollscoil Mhá Nuad. Leanfaidh an socrúchán oibre ar aghaidh dhá lá na seachtaine go dtí go luath i mí na Bealtaine 2016.

# TUARASCÁIL STAITISTIÚIL LEABHARLANN AN LONGFOIRT 2015

## LÍON NA mBALL LEABHARLAINNE CLÁRAITHE

| Leabharlann Bhrainse | Aosaigh | Leanaí | Daltaí Dara Leibhéal | Mic Léinn Tríú Leibhéal | Eile | 2015 Iomlán | 2014 Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Baile Uí Mhatháin | 455 | 518 | 137 | 56 | 18 | 1,184 | 1,186 |
| Droim Lis | 46 | 176 | 11 | 3 | 11 | 247 | 320 |
| Meathas Troim | 41 | 179 | 10 | 7 | 5 | 242 | 278 |
| Gránard | 265 | 381 | 63 | 43 | 31 | 783 | 874 |
| Béal Átha Liag | 162 | 379 | 123 | 150 | 22 | 836 | 763 |
| An Longfort | 1,657 | 2,104 | 751 | 754 | 86 | 5,352 | 4,968 |
| Iomlán | 2,685 | 3,804 | 1,112 | 1,035 | 174 | 8,810 | 8,389 |

## LÍON NA LEABHAR AR IASACHT

| Leabharlann Bhrainse | Ficsean | Neamh Fhicsean | Leanaí | Déagóirí | Closábhar | Leabhair i dTeanga Eachtrach | 2015 Iomlán | 2015 Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Baile Uí Mhatháin | 5,141 | 2 ,460 | 10,399 | 596 | 1,364 | 169 | 20,129 | 24,683 |
| Droim Lis | 954 | 385 | 3,711 | 139 | 180 | 2 | 5,371 | 5,580 |
| Meathas Troim | 417 | 195 | 2,806 | 103 | 80 | ---- | 3,601 | 5,405 |
| Gránard | 3,276 | 1,489 | 6,640 | 283 | 1,014 | ---- | 12,702 | 10,676 |
| Béal Átha Liag | 3,220 | 983 | 5,411 | 330 | 226 | 8 | 10,178 | 9,100 |
| An Longfort | 19,344 | 16,573 | 28,401 | 1,799 | 5,708 | 504 | 72,329 | 72,819 |
| Iomlán | 32,352 | 22,085 | 57,368 | 3,250 | 8,572 | 683 | 124,310 | 126,209 |

## LÍON NA gCUAIRTEANNA LEABHARLAINNE

| Leabharlann Bhrainse | 2015 | 2014 |
|---|---|---|
| Baile Uí Mhatháin | 27,272 | 30,968 |
| Droim Lis | 3,940 | 4,257 |
| Meathas Troim | 1,999 | 5,595 |
| Gránard | 19,981 | 11,593 |
| Béal Átha Liag | 17,161 | 13,733 |
| An Longfort | 146,319 | 133,336 |
| Iomlán | 216,672 | 199,482 |

## LÍON NA SEISIÚN IDIRLÍN

| Leabharlann Bhrainse | Ríomhairí Pearsanta Poiblí | Seisiúint Wifi | 2015 | 2014 |
|---|---|---|---|---|
| Baile Uí Mhatháin | 5,178 | 741 | 5,919 | 6,433 |
| Droim Lis | 393 | ---- | 393 | 631 |
| Meathas Troim | 360 | ---- | 360 | 380 |
| Gránard | 2,289 | 1,185 | 3,474 | 1,368 |
| Béal Átha Liag | 3,103 | 218 | 3,321 | 2,396 |
| An Longfort | 12,335 | 3,412 | 15,747 | 16,305 |
| Iomlán | 23,658 | 5,556 | 29,214 | 27,513 |



# OIFIG OIDHREACHTA AN LONGFOIRT

Tugadh faoi roinnt tionscadal suntasach i gContae an Longfoirt chun aidhmeanna Oifig Oidhreachta Chontae an Longfoirt a bhrú ar aghaidh, agus chun ár n-eolas agus ár bhfeasacht i leith stoic oidhreachta éagsúil an Longfoirt agus i leith na mbagairtí féideartha dá mharthain fhadtéarmach a mhéadú. Áiríodh leo siúd :

## TIONSCADAL TAIGHDE CHLAÍ NA MUICE DUIBHE (CMD) – CÉIM 2

D'oibrigh Oifig Oidhreachta Chontae an Longfoirt sa bhliain 2014 leis na hOifigí Oidhreachta i Muineachán, sa Chabhán agus i Ros Comáin chun an chéad chéim de thionscadal taighde agus forbartha ilchéimeach a fhorbairt. Lean sé sin ar aghaidh sa bhliain 2015 le tuilleadh taighde ar bun, lenar áiríodh dátú a lorg do chodáin den CMD nach raibh dáta leo roimhe seo, go háirithe an Dunclá i gContae an Longfoirt. Ba mar chuid de thionscadal na bliana 2015 freisin a forbraíodh láithreán gréasáin freisin www.blackpigsdyke.ie chun feasacht a spreagadh agus chun láthair ilfhreastail a sholáthar don eolas i leith an tséadchomhartha. Tá an tionscadal ag leanúint ar aghaidh sa bhliain 2016 agus níos faide ná sin. Ba í an Chomhairle Oidhreachta a chistigh an tionscadal sin faoina Scéim Plean Oidhreachta Contae.

## TIONSCADAL TAIGHDE SEANDÁLAÍOCHTA NEAMH-IONRAÍ



Forbraíodh tionscadal comhpháirtíochta sa bhliain 2015 leis an Rannóg Seandálaíochta in OÉ Gaillimh chun seandálaíocht an dá shuíomh eaglasta Chistéirseacha ag Mainistir Shruthla agus ag Mainistir Leathrátha a fhiosrú. Roghnaíodh iad óir gurb iad an dá chraobhthteach le suíomhanna Cistéirseacha fíorthábhachtacha iad, tógtha taca an ama chéanna, ach lena mbaineann fíorbheagán eolais. Chuimsigh an tionscadal aershuirbhéireachtaí agus suirbhéanna geoifisiceacha ar an dá shuíomh chun a gcaidreamh leis an tírdhreach máguaird a mheasúnú, agus ar na hiarsmaí fisiciúla féideartha fothalún. Tá an Dr. Naessens agus an Dr. Kieran O'Conor ag coinneáil orthu ag athbhreithniú na sonraí a fuarthas, agus foilseoidh siad páipéar acadúil faoina dtorthaí sa bhliain 2016.  Ba í an Chomhairle Oidhreachta a chistigh an tionscadal sin faoina Scéim Plean Oidhreachta Contae.

## INIÚCHADH AR OIDHREACHT GHEOLAÍOCHTA CHONTAE AN LONGFOIRT



Rinneadh suirbhé ar 15 suíomh le geolaíocht inspéise i gContae an Longfoirt i gcomhpháirt le Suirbhéireacht Gheolaíochta na hÉireann (SGÉ). Táirgeadh tuairiscí suirbhé mionsonraithe leis sin i leith 15 eochairshuíomh sa Chontae. Ba í an Chomhairle Oidhreachta a chistigh an tionscadal sin faoina Scéim Plean Oidhreachta Contae.


## SEACHTAIN OIDHREACHTA 2015

Reáchtáladh clár na Seachtaine Oidhreachta sa bhliain 2015 idir 22 agus 30 Lúnasa, agus chonacthas éagsúlacht imeachtaí ar fud an Chontae mar chuid de. Ba ghrúpaí áitiúla agus eagrais oidhreachta a d'eagraigh iadsan go príomha chun feasacht a spreagadh i leith na dtaiscí ina gceantair faoi seach, agus roinnt imeachtaí nua agus uathúla ann lenar áiríodh lá oscailte faoi Ghearrchapaill Éireannacha arna n-eagrú ag Devine Equestrian agus ag Ballydangan Irish Cobs, aitheasc le Joe Varley ó Fhoras na Mara i leith an Tríú hIarla Ghránaird, léargas ar John Dungan, urraitheoir na chéad Féile Cruitireachta Ghránaird agus oíche faoi John Henry Patterson, saighdiúir gairmiúil agus Síónach. Ba í Seachtain Oidhreachta na bliana 2015 an tseachtain ba rathúla agus ba mhó freastail gan aon agó go nuige seo.

## CUIMHNEACHÁN AN LONGFOIRT & AN CHOGAIDH MHÓIR 1914 – 2014 GALLIPOLI

Is clár 4 bliana é Cuimhneachán an Longfoirt & an Chogaidh Mhóir chun An Chéad Chogadh Domhanda agus a thionchar ar Chontae an Longfoirt a chomóradh, agus is ag a chroí tá bunachar sonraí ar líne de shaighdiúirí aitheanta ón gCéad Chogadh Domhanda, arna fhoilsiú ar www.longfordatwar.ie, arna chistiú ag Scéim Phlean Oidhreachta an Chontae. Díríodh é sin sa bhliain ar chomóradh céad bliain ó Fheachtas Gallipoli, agus an t-ionsaí ag Salonica, le taispeántas sna leabharlanna ag an Longfort agus ag Baile Uí Mhatháin.

## CAOMHNÚ NA NGABHLÁN 2015




Thug Oifig Oidhreachta an Longfoirt cúnamh le caomhnú líon na ngabhlán sa Longfort agus le spreagadh na feasachta ina leith.  Faightear na héin imirceacha iontacha sin i roinnt suíomhanna i gContae an Longfoirt, le coilíneachtaí cuibheasacha suntasacha ag Clochar Naomh Seosamh istigh sa Longfort agus sa tSeanscoil Laidineach sa Mhaighean. Chroch Bailte Slachtmhara an Longfoirt, le cistiú ó Scéim Deontas Pobail na Comhairle Oidhreachta 2015, roinnt boscaí éan i mBaile an Longfoirt. D'eagraigh saorálaí áitiúil le Cairde Éanlaithe Éireann siúlóid um Ghabhláin tráth dhul faoi na Gréine isitgh sa Longfort.

## DRÉACH-PHLEAN OIDHREACHTA AN CHONTAE

Forbraíodh Dréacht-Phlean Oidhreachta nua do Chontae an Longfoirt, lenar cuimsíodh Plean Gníomhaíochta Bithéagsúlacht an Chontae, agus tugadh cuireadh don chomhairliúchán poiblí. Glacfar go foirmiúil leis sin sa bhliain 2016, agus foilseofar ansin é.

## FEASACHT OIDHREACHTA EILE

Ba chun feasacht i leith na hoidhreachta i gContae an Longfoirt a chur chun cinn a chuaigh Oifig Oidhreachta i mbun na mbeart seo a leanas:

- **Treoir agus comhairle a sholáthar i leith cúrsaí oidhreachta le fostaithe agus le ranna an Údaráis Áitiúil.**
- **Tacaíocht agus comhairle a sholáthar do dhaoine aonair phríobháideacha, do ghrúpaí oidhreachta agus pobail áitiúla faoi chúram agus caomhnú a n-oidhreachta.**
- **Tacaíocht leanúnach a sholáthar don Rannóg Pleanála agus d'úinéirí agus d'áititheoirí na bhfoirgneamh stairiúil agus na struchtúr cosanta, agus iarratais phleanála ábhartha a mheasúnú.**
- **Cuntais mheán sóisialta a chothabháil chun oidhreacht an Longfoirt a chur chun cinn agus a chur ar aghaidh.**

## FÓRAM OIDHREACHTA AN LONGFOIRT 2015

| EAGRAS | EAGRAS |
|---|---|
| Comhairle Contae an Longfoirt | An Cmlr Páraic Brady<br>An Cmlr Séamus Butler<br>An Cmlr Pádraig Loughrey |
| An Roinn Ealaíon, Oidhreachta & Gaeltachta (An tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra) | Susan Moles Uasal |
| An Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta (Seirbhís na Séadchomharthaí Náisiúnta) | An tUas Paddy O' Donovan |
| The Forest Service, Department of Agriculture & Food | An tUas Jhan Crane |
| Teagasc | An tUas Ciaran Beatty (sealadach) |
| Board Iascaigh Réigiúnach na Sionainne | An tUas Fergus Lynch |
| Uiscebhealaí Éireann | An tUas Jean Errity |
| Bord na Móna | An tUas David Fallon |
| Líonra Rannpháirtíochta Pobail | An tUas Paddy Howe |
| Cumann Stairiúil Chontae an Longfoirt | An tUas Hugh Farrell (Cathaoirleach) |
| Grúpa Stairiúil Leo Casey | An tUas Paddy Egan |
| Coiste Turasóireachta Chontae an Longfoirt | An tUas Anna Delaney |
| Longford Community Resources Ltd. | An tUas Adrian Greene |
| Feirmeoirí Aontaithe na hÉireann | An tUas Andrew McHugh |
| Ionadaí, ASTI/ TUI | An tUas William O'Meara |

*Is socrú comhpháirtíochta é Clár an Oifigigh Oidhreachta idir An Chomhairle Oidhreachta agus Comhairle Contae an Longfoirt*

# COMHPHÁIRTÍOCHT SPÓRT AN LONGFOIRT

Treoraíodh gníomhaíochtaí Chomhpháirtíocht Spórt an Longfoirt don bhliain 2015 le plean straitéiseach Chomhpháirtíocht Spórt an Longfoirt don spórt sa Longfort: Níos mó Daoine, Níos mó Spórt, Níos Minice (2013-17). Dírítear ar cheithre eochairlimistéar ann: *An Rannpháirteachas a Mhéadú, Tacú le Bealaí, Bainistiú agus le Ceannaireacht agus leis an gCumarsáid.*

## BORD CHOMHPHÁIRTÍOCHT SPÓRT AN LONGFOIRT

Ba iad ionadaithe ó eagrais reachtúla, saorálacha agus spórtúla a bhí ar Bhord Chomhphàirtíocht Spórt an Longfoirt (2015):

| EARNÁIL/EAGRAS | COMHALTAÍ |
|---|---|
| Ionadaithe Tofa | Na Comhairleoirí John Browne, Martin Mulleady agus Mark Casey |
| Comhairle Contae an Longfoirt | Frank Sheridan, Michael Nevin |
| Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláínte | Clodagh Armitage |
| Longford Community Resources Ltd. | Councillor Mae Sexton |
| An Bord Oideachais & Oiliúna | Vacant |
| Gardaí Pobail an Longfoirt | Michael Belton |
| Seirbhísí Óige Chontae an Longfoirt | Joe Quinn |
| Lárionad Spóirt agus Fóillíochta an Longfoirt | Vacant |
| St. Christopher's Services Ltd. | Oonagh Flynn |
| An Earnáil Pobail & Dheonach | Reina Flower |
| Ionadaithe Spórtúla | Gerry Reardon, Frank McNamee, Stephen Coy, Joe Maher |
| Líonra d'Aosaigh Níos Sine | Philomena Donohoe |
| Líonra Rannpháirtíochta Pobail (PPN) | John Mimnagh |
| RAPID | Frank Horne |

## CISTIÚ

D'éirigh le Comhpháirtíocht Spórt an Longfoirt chun €176,000 a shlánú faoi shreabhanna éagsúla don spórt sa Chontae sa bhliain 2015.

## CROÍ-CHLÁIR

Tá Comhpháirtíocht Spórt an Longfoirt tar éis an Clár Athnuachana Cineálach Buntús a rolladh amach sna bunscoileanna i gContae an Longfoirt. Soláthraítear leis an gclár sin oiliúint d'oidí, mála trealaimh agus cártaí acmhainne, ar saor in aisce do na scoileanna iad go léir. Thapaigh 36 scoil an clár, ag cur oiliúna ar 279 oide agus 4,470 leanbh trí chéile. Reáchtáladh an oiliúint athnuachana sa bhliain 2014 agus ag tús na bliana 2015. Leanfaidh na cúrsaí ar aghaidh ar bhonn rialta.

Tugadh cúnamh sa Chlár Forbartha Cumainn agus Rannpháirteachais 2015, arna riaradh ag Comhpháirtíocht Spórt an Longfoirt, do 9 gcumann sa Chontae. Áirítear leis na tionscadail ar tugadh tacaíocht dóibh forbairt cumann sóisearach, oideachas agus oiliúint do chóitseálaithe, agus tionscadail lenar méadaíodh úsáid pobail na saoráidí. Leithdháileadh €3,425 san iomlán. Ba iad na cumainn rathúla:

- **Cumann Cadhcála na hEithne**
- **Cumann Canúála Mhainistir Shruthla**
- **Foireann Hacaí Inlíne na Seabhac**
- **Tarraingt na Téide Ghort na Cloiche**
- **Cumann Badmantain Ardach**
- **Sraith Buachaillí Scoile an Longfoirt & na Dúiche**
- **Cumann Rásaíochta & Rothaíochta an Longfoirt**
- **Cumann Sacair Ardach Aontaithe**
- **Cumann Ban CLG Bhaile Fhorgnaí**



## TARGET PROGRAMMES

Tharla Turas Rothaíochta an Longfoirt i mí an Mheithimh mar chuid den tSeachtain Rothaíochta Náisiúnta, le rogha ag na rannpháirtithe ar 2 bhealach timpeall an Longfoirt - 110km agus 55km. Reáchtáladh an turas i gcomhpháirt le Cumann Rothaíochta agus Rásaíochta an Longfoirt. Thacaigh Comhpháirtíocht Spórt an Longfoirt leis an Lá Rothaíochta chun na hOibre, an Lá Rothaíochta chun na Scoile agus na gceardlann Rothaíochta Sábháilte freisin. Reáchtáladh iad siúd i gcomhar le Comhairle Contae an Longfoirt agus leis an Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre.



Rannpháirtithe Turais Rothaíochta an Longfoirt



Buaiteoir Foriomlán - Gradaim Spórt LSP 2015 An Comhairleoir Martin Mulleady ag tabhairt an Ghradaim don réaltóg rugbaí nua, Eoin Corcoran

Tharla na 4ú Gradaim Spórt an Longfoirt sa Sin Bin, i gCumann Rugbaí an Longfoirt Dé hAoine 20 Samhain 2015 le Tony Ghee mar fhear an tí iontach agus carasmatach i dteannta leis an iliomad daoine móra eile le rá agus le baill den phobal spórtúil. Tháinig slua mór amach chun tacú lenár scoth spórtúil áitiúil.

Coinníonn Comhpháirtíocht Spórt an Longfoirt uirthi i gcomhar leis an FSS chun éascú do Thionscnamh Marcálacha Clóis Súgartha a bhfuiltear á rolladh amach i mbunscoileanna an Longfoirt.

Táthar ag tairiscint Pacaí Stionsal (stionsail agus leabhrán cluichí) ag cur ar chumas na scoileanna chun marcálacha clóis súgartha a leagan síos SAOR IN AISCE do gach bunscoil sa Longfort chun spreagadh don ghníomhaíocht cholanda níos mó sna leanaí óga tríd an Súgradh sa suíomh scoile.

Shlánaigh Comhpháirtíocht Spórt an Longfoirt cistiú thar ceann Chomhairle Contae an Longfoirt agus thacaigh le Seachtain Caithimh Aimsire Náisiúnta agus Lá Súgartha ach rannchur le himeachtaí éagsúla lena n-áirítear lá teaghlaigh idirchultúrtha agus le lá eachtraíochta lasmuigh do dhaoine óga. Rinneadh amhlaidh i gcomhar leis na gníomhaireachtaí óige áitiúla. Bhí baint ag lear mór leanaí agus daoine óga leis.

I mí Eanáir chonacthas Comhpháirtíocht Spórt an Longfoirt ag teacht le chéile le 'Operation Transformation' le RTÉ chun sraith siúlóidí a eagrú mar chuid de thionscnamh náisiúnta. Chonacthas díorma díograiseach agus bríomhar ag siúl go teann isteach san Athbhliain sa tsiúlóid úd. Tháinig na rannpháirtithe amach chun taitneamh a bhaint as an tsiúlóid ar feadh bhealach Shlí na Sláinte ag an gcanáil.

Chonacthas daltaí ó Chlochar na Trócaire i mBaile Uí Mhatháin, ó Ardscoil Phádraig i nGránard, i dTeampall Mhichíl, i gClochar Ghránaird agus i nGairmscoil Bhaile Uí Mhatháin ag glacadh rannpháirt i gclár chúig seachtaine Couch to 3k chun leibhéil ghníomhaíochta colanda i measc déagóirí neamhghníomhacha.

Seoladh Lúthchleasaíocht Spórtlainne leis na foirne áitiúla ag cáiliú don chomórtas náisiúnta in Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Luain. Ghlac ní ba mhó ná 1,000 leanbh rannpháirt sna himeachtaí úd.

D'oibrigh oifigeach CFCS (Clár Forbartha Cuimsithe Spórt) Chomhpháirtíocht Spórt an Longfoirt go dlúth le soláthraithe seirbhíse áitiúla chun éascú do roinnt clár lenar áiríodh Lúthchleasaíocht Spórtlainne, Rothaíocht Shábháilte, Caitheamh Aimsire Amuigh faoin Aer agus Sraith Boccia an Longfoirt.

## AN CHUMARSÁID

Is bealach den scoth é leathanach Facebook Chomhpháirtíocht Spórt an Longfoirt www.facebook.com/longfordsportspartnership, i dteannta lena láithreán gréasáin www.longfordsports.ie agus a chuntas Twitter @LSPLongford chun cumarsáid a dhéanamh leis an bpobal. Nuashonraítear gach imeachta, gníomhaíocht agus aiseolas go rialta. Bíonn colún nuachta seachtainiúil ag Comhpháirtíocht Spórt an Longfoirt freisin sa rannóg Spórt leis an Longford Leader, agus liostaí leithdháilte do scoileanna, cumainn spórt, gnólachtaí áitiúla agus gníomhaireachtaí eile.



Rith Spraoi Couch to 3k

# ACMHAINNÍ DAONNA

Is í an Roinn Acmhainní Daonna a bhíonn freagrach go príomha as:

- **Earcú agus Imlonnú foirne**
- **Leas Fostaithe**
- **Cothabháil an Chórais Bhainistíochta CORE um Acmhainní Daonna**
- **Soláthar Tuairiscí Bainistíochta (go hinmheánach & go seachtrach)**
- **Párolla & Leasuithe Aoisliúntais**
- **Taifeadadh Uainchláir & Freastail**
- **Oiliúint agus Forbairt Fostaithe**
- **Bainistiú Freastail**
- **Bainistiú Feidhmíochta**
- **Beartais agus Nósanna Imeachta Acmhainní Daonna**
- **Forfheidhmiú na Scéimeanna Taithí Oibre, Intéirneachta agus Gníomhachtaithe Saothair**
- **Bainistiú Comhionannais agus Éagsúlachta**
- **Caidrimh Thionsclaíocha/Fosaithe**

Breithnítear saothar na Roinne Acmhainní Daonna leis na spriocanna agus na cuspóirí a aithnítear i bPlean Corparáideach na Comhairle. D'fheidhmigh cinntí Beartais an Rialtais tionchar mór leanúnach ar ár saothar sa bhliain 2015 i ndáil le Seirbhísí Poiblí. Ba í an Roinn Acmhainní Daonna a bhí freagrach as comhordú agus forfheidhmiú leanúnach théarmaí Chomhaontú Cobhsaíochta na Seirbhíse Poiblí 2013-2018, Chomhaontú Bhóthair Lansdún (ar ar tugadh Comhaontú Bhóthair Haddington roimhe seo).

Imlínítear thíos na heochairghníomhaíochtaí i gclár oibre Acmhainní Daonna na Comhairle don bhliain 2015.

## EARCAÍOCHT AGUS ROGHNÚ

Tháinig Comhairle Contae an Longfoirt, maille le comhlachtaí poiblí eile, ag teacht faoi réir an mhoratóra um fhoirniú na hearnála poiblí, agus d'fhan an earcaíocht cuibheasach íseal trí chéile sa bhliain 2015, agus bhí sí teoranta den chuid ba mhó do na Seirbhísí Éigeandála. Chonaiceamar méadú sa ghníomhaíocht earcaíochta i dtreo deireadh na bliana ámh. Tugtar thíos na staitisticí earcaíochta don bhliain 2015.

| Comórtais Fógraithe | Laethanta Agallaimh | Iarratasóirí ar tugadh Cuireadh chun Agallaimh dóibh | Iarratasóirí a d'fhreastail ar Agallamh | Ceapacháin |
|---|---|---|---|---|
| 24 | 15 | 88 | 76 | 23 |

D'fhan an Roinn Acmhainní Daonna lán-chomhlíontach leis na nósanna imeachta arna bhforfheidhmiú go náisiúnta, ag atreorú iarratas chun poist aitheanta sa Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil a líonadh mar eisceachtaí don mhoratóir um líonadh post sa tseirbhís phoiblí

## SOCRÚCHÁN CÉIMITHE SAN ÚDARÁS ÁITIÚIL

Rolladh amach Clár Earcaíochta Céimithe náisiúnta ar shonrach d'earnáil an Údaráis Áitiúil é sa bhliain 2015.

D'éascaigh an scéim sin d'earcú céimithe chuig limistéir ghnó sonracha in earnáil an Údaráis Áitiúil ar chonradh fostaíochta téarma sheasta 2 bhliain. Is éard is aidhm leis an gclár ná chun cur ar chumas gach céimí chun inniúlacht a fhorbairt agus a léiriú ina rogha limistéir shaineolais, agus ní foláir don Údarás Áitiúil an tacaíocht éigeantach a sholáthar chun rath an tsocrúcháin a chinntiú.

D'earcaigh Comhairle Contae an Longfoirt 1 Céimí amháin sa bhliain 2015 faoi théarmaí an Chláir Náisiúnta Earcaíochta Céimithe.



## SCÉIM GNÍOMHACHTAITHE SAOTHAIR AN ÚDARÁIS ÁITIÚIL (TAIRSEACH)

Is scéim gníomhachtaithe saothair í Tairseach chun obair ghearrthéarmach agus deiseanna oiliúna a sholáthar do dhaoine dífhostaithe atá tar éis bheith ar an mBeochlár le 2 bhliain anuas.

Is iad na hAcmhainní Daonna a bhainistíonn forfheidhmiú na Scéime Tairseach thar ceann Chomhairle Contae an Longfoirt. Bhí 5 iarrthóirí fostaithe sa scéim sin ag Comhairle Contae an Longfoirt sa bhliain 2015, agus lean sí ar aghaidh ag cur chun cinn an rannpháirteachais sa Tairseach, agus 45 socrúchán breise aitheanta.

## PLEANÁIL DON LUCHT SAOTHAIR

I gcomhthéacs na Creatlaí um Rialú Fostaíochta agus an cheangaltais earnálaigh ar an Rialtas Áitiúil, choinnigh Acmhainní Daonna uirthi ag cur ar aghaidh an tsaothair i leith Plean Lucht Saothair do Chomhairle Contae an Longfoirt. Soláthróidh an plean an bunús chun a chinntiú go gcothabhálann Comhairle Contae an Longfoirt struchtúr dá lucht saothair arb iomchuí dá riachtanais seirbhíse é.

## PÁROLLA & SEIRBHÍS CHOMHROINNTE AOISLIÚNTAIS

Cuireadh tús le forfheidhmiú an tionscadail um sheirbhísí comhroinnte Párolla & Aoisliúntais d'earnáil an údaráis áitiúil thiar sa bhliain 2013. Cuireadh an tseirbhís párolla chomhroinnte i bhfeidhm go rathúil i gComhairle Contae an Longfoirt thiar sa bhliain 2014.

Shaothraigh Acmhainní Daonna go dlúth sa bhliain 2015 chun foireann tionscadail a bhunú chun saothar a thosú faoi fhíorú agus ullmhú gach sonraí seirbhíse fostaí dá dtabhairt ar láimh chuig an tseirbhís aoisliúntais chomhroinnte. Thosaigh an fhoireann tionscadail um ullmhacht do shonraí aoisliúntais an saothar i mí na Samhna 2015 leis an gcomhlíonadh agus an tabhairt ar láimh sceidealaithe chun tarlú i mí an Mheithimh 2016.

## BAINISTIÚ FREASTAIL

Choinnigh Comhairle Contae an Longfoirt uirthi lena forfheidhmiú den Bheartas Bainistíochta Freastail chun éifeachtúlachtaí a chinntiú i ndáil le freastal fostaithe.

Tá an Bainistiú Freastail mar chuid de straitéis na Comhairle chun oibleagáidí conarthacha na Comhairle a shoiléiriú, agus a bhfostaithe i ndáil leis an bhfreastal, agus freisin chun comhshaol oibre a chur chun cinn chun freastal fostaithe a spreagadh.

Taifeadtar agus bainistítear an tráth & an freastal do gach fostaí laistigh go leictreonach ach leas a bhaint as Modúl Trátha & Freastail CORE (córas comhtháite TFC na nAcmhainní Daonna). Cuireann sé sin ar chumas Acmhainní Daonna chun tuairiscí freastail nuashonraithe a sholáthar de réir mar a theastaíonn faoin Acht um Eagrú Ama Oibre 1997.

## AN CÓRAS UM BAINISTIÚ & FORBAIRT FEIDHMÍOCHTA (PMDS)

Is tiomantas in earnáil na nÚdarás Áitiúil é athspreagadh an Chórais um Bainistiú & Forbairt Feidhmíochta (PMDS) faoi théarmaí Chomhaontú Cobhsaíochta na Seirbhíse Poiblí.

Caithfear pleananna straitéiseacha agus oibriúcháin a fhorbairt de réir PMDS laistigh de gach leibhéal den eagras. Soláthraíonn an PMDS struchtúr chun feidhmíocht a fheabhsú ag leibhéal aonair, foirne agus eagrúcháin trí mheán rannpháirtíocht, tacaíocht agus fhorbairt gach fostaí.

## UISCE ÉIREANN

Coinníonn Acmhainní Daonna uirthi ag saothrú chun tacú le hUisce Éireann, agus sholáthair cúnamh le forbairt an Phlean Seirbhíse Bhliantúil agus le forfheidhmiú leanúnach Chlár Uisce Éireann:

- **Freastal ag cruinnithe ceardlainne**
- **Soláthar sonraí ábhartha don Roinn Comhshaoil agus d'Uisce Éireann**
- **Idirchaidreamh leis an Oifig um an Aistriú Seirbhísí Uisce**
- **Idirchaidreamh le fostaithe agus lena gcomhlachtaí ionadaíocha maidir le clár Uisce Éireann agus Pleananna Seirbhíse Bliantúla**
- **Leithdháileadh deiseanna fostaíochta in Uisce Éireann**

## COSAINT LEANAÍ

Tá beartais agus nósanna imeachta bunaithe ag Comhairle Contae an Longfoirt arb ailínithe araon iad leis na cáipéisí 'Treoirlínte Náisiúnta um Chosaint Leanaí' agus 'Tús Áite do Leanaí'.

## OILIÚINT AGUS FORBAIRT

Chuimsigh na himeachtaí oiliúna agus forbartha sa bhliain 2015 na príomhréimsí ar nós an Bhainistithe Feidhmíocht, na Sláinte & na Sábháilteachta agus fheidhmiú innealra/trealaimh.

Seachadadh 112 clár oiliúna san iomlán chuig 694 rannpháirtí thar 122 lá ar fud gach disciplín. Áiríodh leis na cúrsaí oiliúna:

- **An Córas um Bainistiú agus Forbairt Feidhmíochta**
- **Creatlach Inniúlachta**
- **Spásanna Cúnga**
- **Úsáid Shábháilte Luibhicídí & Lotnaidicídí**
- **Túr Rochtana Soghluaiste**
- **Pas Sábháilte**
- **Garchabhair**
- **AED**
- **Feasacht faoin Aispeist**
- **Oilteachtaí sa Seomra Cúirte**
- **Feasacht faoin gComhshaol**
- **Ionadaí Sábháilteachta**
- **Lomaire Faiche**
- **CPC Tiománaithe**
- **Feithicil Tráchtála agus Ród-Acmhainneacht**
- **Sábh Slabhrach**
- **Measúnacht Priacail**
- **Spásanna Cúnga**
- **Foréigean & Ionsaitheacht**

## CAIDRIMH THIONSCLAÍOCHA

Tagraítear sna Caidrimh Thionsclaíocha don chaidreamh comónta idir fostóirí agus fostaithe. Coinníonn an t-eagras ag cothabháil dea-chaidreamh tionsclaíoch le rannpháirtíocht ghníomhach le gach geallsealbhóir. Bhain na príomhlimistéir rannpháirtíochta sa bhliain 2015 le saincheisteanna timpeall Chomhaontú Bhóthair Lansdún.

## CONCLÚID

Tá an clár saothair don Roinn Acmhainní Daonna de chuid Chomhairle Contae an Longfoirt fós dírithe ar thacaíocht a thabhairt don lucht saothair go leor ach an dea-chleachtas a chur chun cinn i leith fhorfheidhmiú Beartais an Rialtais agus na gcinntí comhaontaithe náisiúnta.

Is é an dúshlán atá leis ná chun leanúint ar aghaidh ag gnóthú agus ag cothabháil éifeachtúlachtaí, agus ceannaireacht a sholáthar agus fostaithe a chumasú chun plé le comhshaol oibre atá ag athrú go mear.

# AN PHLEANÁIL & RIALÚ FOIRGNÍOCHTA

Tugtar thíos na gníomhaíochtaí suntasacha a rinne an Roinn Pleanála sa bhliain 2015. Táthar tar éis dúshláin leanúnacha a chruthú go sonrach leis an reachtaíocht agus na treoirlínte nua, agus leis an Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000 (arna leasú), i dtrátha na n-acmhainní teoranta seo.

## BAINISTIÚ FORBARTHA

Is í an Rannóg um Bainistiú Forbartha a bhíonn freagrach as próiseáil gach iarratas pleanála i gcomhréir leis an Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000 (arna leasú) agus leis na Rialacháin um Pleanáil agus Forbairt. Tháinig méadú ar líon na n-iarratas trí thimpeall aon trian ón mbliain 2014 chuig 231 iarratas pleanála a fuarthas sa bhliain 2015. Áiríodh leis sin iarratas pleanála mór don togra Center Parcs i leith fhorbairt Sráidbhaile Saoire Foraoise ag Coillte an Chaisleáin Nua, gar do Bhaile Uí Mhatháin. Iarradh a thuilleadh faisnéise i leith an iarratais sin i mí na Nollag, agus fuarthas freagra i mí Eanáir 2016. Beidh cinneadh i leith an iarratais dlite le teacht i mí Feabhra 2016. Is cuid lárnach iad na comhairliúcháin réamhphleanála de na próisis um Bainistiú Forbartha, agus baintear úsáid astu ar bhunús leanúnach agus méadaitheach. Reáchtáiltear na cruinnithe sin chun seirbhís pleanála de cháilíocht níos airde agus níos trédhearcaí a sholáthar don phobal i gcoitinne. Reáchtáladh 56 cruinniú réamhphleanála sa bhliain 2015, i dteannta le líon cruinnithe réamhphleanála nach beag le Center Parcs, chun éascú don chomhphlé le hiarratasóirí féideartha i leith na saincheisteanna a bhaineann lena dtograí. Tagann na cruinnithe sin anuas ar an lear mór fiosruithe gutháin agus ríomhphoist. Taifeadtar na cruinnithe réamhphleanála go digiteach anois chun éascú don chomhsheasmhacht, trédhearcacht agus do chomhtháthú gan siúnta leis an bpróiseas cinnteoireachta.

Scagtar na hiarratais phleanála anois do mheasúnacht iomchuí de réir mar a theastaíonn ón Treoir maidir le Gnáthóga, agus i gcomhréir leis na treoirlínte arna n-eisiúint ag an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil (RLGÓ). Is gné rialta den saothar a dhéantar sa Roinn Pleanála iad na hiarratais cheadúnais faoi Alt 254 den Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000, go príomha don chomharthaíocht ar cholbha an bhóthair agus ceisteanna pleanála maidir le cistiú LEADER. Is í an Roinn Pleanála freisin a phróiseálann iarratais Chuid 8, agus pléadh le 3 cinn acu siúd sa bhliain 2015. Taisceadh líon laghdaithe d'Fhógraí Tosach Feidhme sa bhliain 2015. I dteannta leis an méadú suntasach i líon na n-iarratas pleanála, tháinig éilimh nach beag freisin i limistéir eile den chóras pleanála, go háirithe i dtéarmaí phleanáil an ualaigh oibre amach anseo.

## FORFHEIDHMIÚ PLEANÁLA

Tháinig an t-ualach oibre forfheidhmithe isteach ag luas seasmhach mar thoradh ar fhorbairtí neamhúdaraithe sa bhliain 2015. Fuarthas 20 gearán. Ní áirítear leis an bhfigiúr sin, agus tagann sé sa bhreis ar na cásanna leanúnacha ó bhlianta roimhe sin. B'amhlaidh i gcaitheamh na bliana a eisíodh 9 Litir Réamhfholáirimh, 15 Litir Foláirimh agus 11 Fógra Forfheidhmithe, agus cuireadh 1 cás amháin ar aghaidh chun na Cúirte.

Leanann an tÚdarás Áitiúil ar aghaidh ag gnóthú laghdaithe um fhógraí forfheidhmithe arna n-eisiúint agus um nósanna imeachta arna dtionscnamh ach rath níos mó a ghnóthú in idirbheartaíocht agus réiteach ag céim na litreach réamhfholáirimh.

## RANNÍOCAÍOCHTAÍ FORBARTHA

Gearrtar tobhach na Ranníocaíochtaí Forbartha i gcomhréir leis an Scéim ar ghlac Comhairle Contae an Longfoirt léi faoi Alt 48 den Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000. Faightear coinníoll le gach deonú ceada pleanála óna dteastaíonn íocaíocht ranníocaíochta forbartha ábhartha a éiríonn iníoctha má chuirtear nó nuair a chuirtear tús leis an bhforbairt. Tá go leor cásanna ann mar a bhfuil ceadanna malartacha tar éis teacht in ionad na gceadanna deonaithe, agus nár gníomhachtaíodh na ceadanna a deonaíodh go fóill. Is féidir léargas míchruinn teacht leis sin ar uairibh i leith an méid a bhíonn dlite agus iníoctha leis an gComhairle.

Tá an Scéim Ranníocaíochtaí Forbartha tar éis tionchar fíordhearfach a fheidhmiú ar sheachadadh bonneagair sa Longfort ó tugadh isteach í. Táthar tar éis cistí a ghiniúint léi d'éagsúlacht fhorleathan bonneagair, lena n-áirítear sealbhú talún, soláthar spásanna oscailte, saoráidí siamsaíochta agus pobail, oibreacha fóntais agus tírdhreachaithe, bóithre, carrchlóis, saoráidí uisce agus dramhuisce.

Rinneadh dul chun cinn breise sa limistéar sin le hais na mblianta roimhe sin ó thaobh bailiú táillí gan íoc, go háirithe i bhfianaise na gcoinníollacha eacnamaíocha deacra.

## AN RÉAMHPHLEANÁIL

Is í an Rannóg Réamhphleanála a bhíonn freagrach as taighde, ullmhú agus táirgeadh gach Plean Forbartha, Plean Limistéir Áitiúil agus tionscnaimh réamhbhreathnaitheacha. Tá tabhairt isteach na reachtaíochta le déanaí i ndáil le feidhm réamhphleanála an Údaráis Phleanála tar éis rannchur le méadú nach beag in ualach oibre na Rannóige Réamhphleanála sa bhliain 2015. Ní théann an meathlú eacnamaíoch agus an lagthrá i dtionscal na tógála i bhfeidhm ar an sceideal saothair réamhphleanála arna rialú leis an Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000, agus le forfheidhmiú leanúnach na reachtaíochta náisiúnta agus de chuid an AE sa limistéar pleanála agus comhshaoil. Ina theannta leis sin, bíonn an Rannóg Réamhphleanála bainteach go rialta le tionscadail eile óna dteastaíonn leithdháileadh ama nach beag ar nós Orduithe Ceannaigh Éigeantaigh (CPOí), Staidéar Conaire Bealaigh agus tionscadail eile idir leibhéal áitiúil agus náisiúnta.

## PLEAN FORBARTHA CONTAE

Tháinig Plean Forbartha Chomhairle Contae an Longfoirt 2015 - 2021 i bhfeidhm an 11 Márta 2015. Is sa Phlean Forbartha a leagtar amach straitéis fhoriomlán do phleanáil agus forbairt inbhuanaithe Chontae an Longfoirt, agus faightear ann ráiteas scríofa agus pleananna táscacha de chuspóirí forbartha, lena n-áirítear forbairt shóisialta, eacnamaíoch, chultúrtha agus fhisiciúil an Chontae.

Cuireadh tús leis an bpróiseas athbhreithnithe sa bhliain 2013, agus bhain leis saincheist fógra a thabhairt do gach comhlacht forordaithe, grúpaí pobail áitiúla agus saorálacha, comhlachais, cumainn, gealltóirí reachtúla agus soláthraithe seirbhíse. Chuathas i gcomhairle leis an bpobal i gcoitinne trí fheachtas fógraí nuachtáin, fógraí poist agus cruinnithe poiblí.

Tar éis dóibh breithniú a dhéanamh ar Thuairisc an Bhainisteora i leith na n-aighneachtaí a fuarthas, rinne na comhaltaí tofa leasuithe don Dréacht-Phlean a cuireadh ar a dtaispeáint do chomhairliúchán poiblí tríd an mbliain 2014, agus Tuairisc dheireanach an Phríomhfheidhmeannaigh á cur faoi bhráid na gcomhaltaí i mí na Nollag 2014. Glacadh leis an bPlean ina dhiaidh sin i mí Feabhra 2015, agus tháinig i bhfeidhm i mí an Mhárta 2015.

Is amhlaidh mar chuid d'athbhreithniú an Phlean Forbartha Contae atáthar tar éis gach criosú agus a gcuspóirí comhbhainteacha faoi lonnaíochtaí an Phlean Ceantair Áitiúil a athbhreithniú agus a nuashonrú de réir an phróisis, agus is mar chuid de cháipéis an Phlean Forbartha Contae a fhaightear anois iad.

Fuair Plean Forbartha Contae an Longfoirt 2015 - 2021 Gradam Pleanála Náisiúnta ó Institiúid Pleanála na hÉireann do Cheapadh Plean thiar i mí Feabhra 2016. D'fhéach Comhairle Contae an Longfoirt ón tús chun a chinntiú go bhféadfaí an Plean Forbartha Contae bheith sothuigthe do ghnáthdhaoine. Meastar an Plean Forbartha Contae de bheith ceannródaíoch agus iontach óir gurb é an chéad Phlean sa tír é chun comhartha ceadaithe don Bhéarla Sothuigthe a fháil ón Áisíneacht Náisiúnta Litearthachta d'Aosaigh (NALA). Agus an gradam buacach a thabhairt do Chomhairle Contae an Longfoirt, tugadh le fios go "molann an painéal breithniúcháin d'iarrachtaí Chomhairle Contae an Longfoirt... is gonta, rí-fhísiúil agus lán d'íomhánna é an ráiteas scríofa. Is mealltach, léiritheach agus tarraingteach don tsúil iad na léarscáileanna. Cuirtear beocht sa Phlean sna híomhánna dochreidte le grianghrafadóirí áitiúla a mheallann agus a spreagann an léitheoir chun sult a bhaint as an gcáipéis. Is ceannródaíoch é an Plean i gcomhthéacs an chuimsithe shóisialta, agus feidhmíonn sé mar chéim shuntasach chun cáipéisí poiblí tábhachtacha ar chur ar fáil do chách."

## PLEAN CEANTAIR ÁITIÚIL BHAILE AN LONGFOIRT

Tá Plean Ceantair Áitiúil Bhaile an Longfoirt sa chéim réamhdhréachta dá ullmhú faoi mar a fhoráiltear dó faoi Alt 20(1) den Acht um Pleanáil agus Forbairt. Bunaíodh grúpa oibre i rith na bliana 2015, agus táthar tar éis comhairliúcháin a reáchtáil le ranna inmheánacha agus leis an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil, leis an Roinn Oideachais agus le hUisce Éireann atá i mbun bailchríoch a chur leis an aiseolas. Tionscnaíodh próiseas tairisceana chun comhairligh a fhostú do na míreanna den phróiseas um Measúnacht Comhshaoil Straitéiseach (lena n-áirítear forálacha do bhaol tuilte) agus um Measúnacht faoi réir na Treorach maidir le Gnáthóga (lena n-áirítear Athrú an Phlean Forbartha Contae chun na pleananna ábhartha a áireamh leo), a rachaidh ar aghaidh i gcomhar le forbairt beartais agus a múnlófar leis. Táthar ag dúil go gcuirfear tús leis an bpróiseas foirmiúil le comhairliúchán poiblí go luath sa bhliain 2016.

## CREATLACH PLEANÁLA NÁISIÚNTA

Táthar tar éis tosú leis an saothar chun an Chreatlach Pleanála Náisiúnta a ullmhú a mbeidh an Longfort ag ionchur léi.

## PLEAN EACNAMAÍOCH AGUS POBAIL ÁITIÚIL

Foráiltear san Acht um Athchóiriú Rialtais Áitiúil, 2014 go ndéanfaidh gach údarás áitiúil Plean Eacnamaíoch agus Pobail Áitiúil (PEPÁ) a mhairfidh ar feadh sé bliana dá cheantar féin. Is éard is cuspóir leis an bplean ná chun bearta a aithint agus a fhorfheidhmiú chun gnéithe eacnamaíocha agus pobail an Chontae a neartú agus a fhorbairt. Baineann dhá chuid leis an bplean seo:

- **Gné Eacnamaíoch**
- **Gné Pobail**

Táthar chun an dá ghné a ullmhú go comhthreomhar, agus caithfidh an t-údarás áitiúil glacadh leis mar phlean aontaithe. Is sa phlean eacnamaíoch agus pobail singil comhtháite seo a sholáthrófar an bunús do chur chuige níos stuama, cuíchórithe agus comhordaithe do phleanáil agus seachadadh seirbhíse go háitiúil. Tá an Rannóg Pleanála ag cúnamh leis an gCeann Fiontraíochta agus leis an Oifigeach Pobail chun an Plean a ullmhú agus a scríobh.

Reáchtáladh comhairliúchán ag céimeanna éagsúla i rith na bliana 2015. Tá an PEPÁ molta tar éis dul isteach sa 3ú céim, tá forbairt cuspóirí mionsonraithe agus beart agus saothar intomhaiste sonrach amtheoranta ar siúl ina leith sin maidir le dréachtú an mhéid chéanna.

## PLEANANNA TURASÓIREACHTA AN LONGFOIRT

Leanadh ar aghaidh leis an saothar ar Phleananna Turasóireachta éagsúla isteach sa bhliain 2015, lenar áiríodh:

- **Plean Fiántais Lár na Sionainne ag clúdach an Longfoirt Theas, Loch Rí agus na Canálach Ríoga. Táthar tar éis sraith Camchuairteanna Rothaíocht a fhorbairt mar chuid den phlean seo.**
- **Táthar ag forbairt na Slí Gormbhealaigh mholta, a chuimseoidh an Chanáil Ríoga, agus táthar á forbairt mar bhealach siúltóireachta/rothaíochta mór ó Bhaile Átha Cliath chuig Cluain Dá Ráth.**
- **Clúdaíonn an tSlí Liteartha Lár an Longfoirt, agus beidh sí lárnaithe i Meathas Troim.**
- **Clúdaíonn Slí Reibiliúnach an Longfoirt Tuaisceart an Chontae idir Gránard agus Béal Átha na Muc, lena n-áirítear Béal Átha na Lao agus Baile an Longfoirt.**

Táthar ag súil go méadófar an turasóireacht agus an gnó sa Chontae le forbairt na dtionscnamh seo i leith Táirgí Turasóireachta, chomh maith le freastal ar chruinnithe le Bord Fáilte chun an chaoi is fearr chun margaíocht a dhéanamh ar réigiún an Longfoirt agus na Sionainne amach anseo.

## CISTE IASACHTA AN DIASPÓRA ÁITIÚIL

Ba faoin bPlean Gníomhaíochta Pobail de chuid Connect Ireland agus faoin gceadú comhbhainteach do chistiú a gnóthaíodh faoi Chiste Iasachta an Diaspóra Áitiúil, a rinneadh scannánú sa bhliain 2015 ar fhíseán do chur chun cinn Chontae an Longfoirt mar áit dheas chun cónaí, obair agus gnó a dhéanamh, agus eiseofar go luath amach sa bhliain 2016 é. Tionscnaíodh saothar freisin ar bhileog chur chun cinn.

## ATHGHINIÚINT

Ceapadh Oifigeach Athghiniúna thiar sa bhliain 2015 mar chuid d'Aonad Athghiniúna an Longfoirt nuacheaptha, leis an aidhm chun athnuachan fhisiciúil, shóisialta agus eacnamaíoch Bhaile agus Chontae an Longfoirt a chomhordú. Táthar tar éis bheith i mbun taighde agus saothair ullmhaithigh mar chuid den tionscadal sin chun bealaí a aithint chun athnuachan shuíomh agus cheantar Bheairic Uí Chonghaíle a thabhairt chun cinn. Bhain comhairliúchán suntasach le húdaráis áitiúla eile leis sin, atá tar éis próisis comhchosúla agus comhairliúchán a dhéanamh freisin leis na heochair-gheallsealbhóirí. Cuireadh tús leis an saothar freisin ar shuíomh an chéad "Spás lán le Botháin" sa Longfort os coinne phríomhfhoirgneamh na Comhairle Contae.

## PLEANÁIL POBAIL

Bíonn baint mhór ag an Roinn Pleanála leis an bpleanáil pobail i gcodanna éagsúla den Chontae, lena n-áirítear Caonach, Baile Uí Mhatháin agus Béal Átha na Muc chun cúnamh leis an bhforbairt áitiúil agus le tionscnaimh um pleanáil pobail. Áiríodh leo sin cúnamh le hOidhreacht Bhogach Éireann chun 70 acra a cheannach in aice le Lárionad Rian na Coirre Léithe d'fhorbairt Pháirc Bithéagsúlachta i gcomhar le Bord na Móna agus le Comhairle Contae an Longfoirt chomh maith le saothar faoi thionscadail chuimhneacháin don bhliain 1916 agus gníomhaíochtaí turasóireachta agus oidhreachta nach iad.

## ILGHNÉITHEACH

Teastaíonn ó ghnáthfheidhmiú laethúil na Rannóige Pleanála go n-ullmhaítear pleananna, leasuithe agus athruithe ar uairibh le fógra gearr. Teastaíonn cloí docht leis na forálacha reachtaíochta ábhartha uathu siúd, atá mar thacar sonrach próiseas comhairliúcháin a bhíonn an Rannóg Réamhphleanála á gcuíchóiriú agus á mionleasú d'fhonn seirbhís chuimsitheach, éifeachtach agus éifeachtúil a sholáthar.

Cuireadh tús le saothar um Léarscáileanna Tuilte Contae leasaithe chun na himeachtaí tuilte idir mí na Samhna agus na Nollag sa bhliain 2015 a thaifeadadh. Beidh sé sin mar chúnamh le cinnteoireacht na todhchaí um iarratais phleanála sna ceantair i mbaol tuilte amach anseo.
Bhíodh go leor fiosruithe pleanála agus iarratas faisnéise éagsúla ann freisin.

## EASTÁIT TITHÍOCHTA NEAMHCHRÍOCHNAITHE

Cuireann Comhairle Contae an Longfoirt ardtosaíocht leis an dul i ngleic le fadhbanna a bhaineann le forbairtí tithíochta neamhchríochnaithe, agus bhunaigh Foireann shaintiomanta d'Eastáit Neamhchríochnaithe chun plé leis an tsaincheist d'fhorbairtí tithíochta neamhchríochnaithe i gContae an Longfoirt. Baineann dul i ngleic le saincheisteanna ar an talamh leis sin, ag baint leasa as eagar meicníochtaí teicniúla, nóis imeachta agus reachtúla chun réitigh a fhorbairt i gcomhar leis na cónaitheoirí, forbróirí, institiúidí airgeadais agus glacadóirí.

Choinnigh an Fhoireann Eastát Neamhchríochnaithe uirthi i rith na bliana 2015 lena clár saothar lenar áiríodh:

- **Laghdú ar líon fhuílleach na bhforbairtí neamhchríochnaithe.**
- **An próiseas a bhaineann le hullmhú, maoirsiú agus forfheidhmiú na bpleananna réitigh shuímh.**
- **Gníomh forfheidhmiúcháin a dhéanamh.**
- **Urrúis agus bannaí a scor ar airgeadh chun rochtain a fháil ar chistiú chun bonneagar poiblí a chríochnú.**
- **Tógáil forbairtí críochnaithe i gcúram.**
- **Réiteach forbartha neamhchríochnaithe amháin tríd an gCiste Réitigh Speisialta um Fhorbairt Tithíochta Neamhchríochnaithe.**

Bhí 128 eastát neamhchríochnaithe laistigh den Chontae ar dtús, agus tá Comhairle Contae an Longfoirt tar éis 49 acu siúd a thógáil i gcúram, agus ní theastaíonn a thuilleadh gnímh i leith 17 eastát breise.

## CISTE RÉITIGH SPEISIALTA UM FHORBAIRT TITHÍOCHTA NEAMHCHRÍOCHNAITHE

Is foráil speisialta í seo chun cúnamh le haghaidh a thabhairt ar oidhreacht na bhforbairtí tithíochta neamhchríochnaithe. Moladh an Ciste Réitigh Speisialta (CRS) chun spreagadh a thabhairt do réiteach roinnt d'fhuílleach na bhforbairtí neamhchríochnaithe sa Suirbhé Forbartha Tithíochta Náisiúnta, agus go háirithe na forbairtí úd nach dócha go réiteofar iad sa ghnáthbhealach trí ghníomh forbróra/úinéara/cisteora mar gheall ar bhacainní airgeadais sonracha bheith ann. Níor tháinig an CRS in ionad an phróisis réitigh faoi stiúir na bhforbróirí/gcisteoirí/nglacadóirí den chuid ba mhó, ach bhí sé mar chomhlánú don phróiseas sin.

Ceadaíodh eastát tithíocht amháin do chistiú CRS sa bhliain 2015 - Daracha Mheathas Troim, Meathas Troim le cistiú ceadaithe do €250,000.

## STAITISTICÍ PLEANÁLA - 1 EANÁIR CHUIG 31 NOLLAIG 2015

| SONRA | LÍON |
|---|---|
| Litreacha Foláirimh eisithe | 4 |
| Fógraí Forfheidhmithe eisithe | 2 |
| Cásanna atreoraithe le hAturnaetha chun ionchúiseamh | 1 |
| Bannaí éilithe | 6 |
| Bannaí sínithe | 5 |
| Eastáit chríochnaithe ag Comhairle Contae an Longfoirt i rith na bliana 2015 ag baint leasa as bannaí | 5 |
| Eastáit le hoibreacha ar siúl an 31/12/2015 ag baint leasa as bannaí | 11 |
| Pleananna Réitigh Shuímh comhaontaithe agus oibreacha ar siúl an 31/12/2015 | 12 |
| Iarratais ar Chiste Réitigh Speisialta ceadaithe sa bhliain 2015 | 1 |
| Luach iomlán an Chiste Réitigh Speisialta ceadaithe sa bhliain 2015 | €250,000 |

## TÓGÁIL I GCÚRAM

Tógadh 17 eastát i gcúram le linn na bliana 2015, agus bhíothas ag measúnú 12 iarratas breise an 31 Nollaig 2015. Ba iad na heastáit a tógadh i gcúram i rith na bliana 2015 ná:

- **An Muileann, Cluain Dá Ráth**
- **Sliabh Cairbre, Droim Lis**
- **An Draighnean, Baile Uí Mhatháin**
- **Ascaill Granada, Gránard**
- **Cluain Doire, An Lios Breac**
- **Dún Darrach, An Longfort**
- **Na Cromleaca, Achadh na Cloiche**
- **Beitheanna Geala, An Clochar**
- **Radharc na Carraige, An Liagán**
- **Páirc Órdhonn, Meathas Troim**
- **Bóthar Rochtana Chúirt Thuadhmhumhan, Baile Uí Mhatháin**
- **Slí na Coirre Glaise, An Lagach**
- **Naomh Eoin, Béal Átha na Lao**
- **Na Carraigeacha, An Clochar**
- **Ard Mhíchil, An Longfort**
- **Móinéir na Sceach Geal, Baile Uí Mhatháin**
- **Cluain Ealaí, An Lios Breac**








## CEANTAR BARDASACH AN LONGFOIRT

Bunaíodh Ceantar Bardasach an Longfoirt tar éis Toghcháin an Rialtais Áitiúil 2014. Toghadh seisear comhaltaí chuig Comhairle Contae an Longfoirt chun feidhmiú mar ionadaí an Cheantair Bhardasaigh. Ba tar éis a dtoghcháin a d'éirigh na comhaltaí úd go comhuaineach ina gcomhaltaí de Chomhairle Contae an Longfoirt agus de Cheantar Bardasach an Longfoirt araon.

Ag Cruinniú Cinn Bhliana Cheantar Bardasach an Longfoirt a reáchtáladh an 24 Meitheamh 2015 ab amhlaidh a toghadh an Comhairleoir Séamus Butler chuig post an Chathaoirligh agus an Comhairleoir Mae Sexton chuig post an Leas-Chathaoirligh.

Bhí cruinnithe ag comhaltaí Cheantar Bardasach an Longfoirt ar na dátaí seo a leanas i rith na bliana 2015:

- **28 Eanáir, 23 Feabhra, 25 Márta, 27 Bealtaine, 24 Meitheamh, 6 Lúnasa, 30 Meán Fómhair, 28 Deireadh Fómhair agus 25 Samhain.**

Ghlac Comhaltaí Cheantar Bardasach an Longfoirt leis an méid seo a leanas i rith na bliana:

- **Buiséad na nOibreacha Bardasacha don bhliain 2015.**
- **Fo-dhlíthe Páirceála ar Bhóthar Naomh Mel.**
- **Síneadh Chuid 8 le Reilig Bhaile Mhic Cormaic.**
- **Tugadh cead do shuiteáil ceamaraí CCTV ag Gleann na Darach.**
- **Leasaigh na Comhaltaí an tréimhse chairde don pháirceáil íoctha, sholáthair Ceadanna do Chúramóirí agus saorcheadanna páirceála do chónaitheoirí laistigh den limistéar páirceála íoctha os cionn 65 bliain d'aois.**

Tógadh na heastáit tithíochta seo a leanas i gcúram i rith na bliana:

- **Dún Darrach, ArdMhíchil, Na Carraigeacha An Clochar, agus Cluain Ealaí, An Lios Breac.**

Ba iad na míreanna eile a aibhsíodh agus a pléadh i measc na gComhaltaí ná:

- **Rialú na páirceála ag Oifigí na Roinne Coimirce Sóisialaí ar Bhóthar Bhéal Átha na Lao.**
- **Bóthar rochtana Flancare.**
- **Plean Tráchta d'Acomhal na hArd-Eaglaise.**
- **Oibreacha feabhsaithe ag Bóthar Naomh Mel agus ag Sráid an tSéipéil.**
- **Saoráidí páirceála do bhusanna agus cóistí sa Longfort.**
- **Páirceáil ag Scoil Eimear.**
- **An Clár Athghiniúna.**

# CÓRAIS AIRGEADAIS AGUS FAISNÉISE





Maeve Killian, Uasal
Ceann Feidhmeach
Airgeadais

# AN tAIRGEADAS

Is iad príomhfheidhmeanna na Rannóige Airgeadais de Chomhairle Contae an Longfoirt ná chun:

- **Cuspóirí airgeadais Phlean Corparáideach na Comhairle a ghnóthú**
- **Gnóthaí airgeadais na Comhairle a bhainistiú**
- **A chinntiú go mbíonn rialuithe inmheánacha leordhóthanacha i mbun feidhme chun sócmhainní an eagrais a chosaint, agus chun cruinneas agus iontaofacht na dtaifead cuntasaíochta a chinntiú**
- **A chinntiú chomh fada agus is féidir go ngnóthaítear luach ar airgead síos tríd an eagras**

## SEIRBHÍSÍ

- **Mótarchánachas**
- **Rátaí/Muirir Uisce/Cíosanna Tithíochta**
- **Deontais Ard-Oideachais**
- **Oifig Ghinearálta – próiseáil íocaíochtaí do sholáthraithe agus párolla**

## CLEACHTAIS ÍOCAÍOCHTA

Baineann feidhm le forálacha an tAcht um Íoc Pras Cuntas 1997, agus na Rialachán um Chomhphobail Eorpacha (Íoc Déanach in Idirbhearta Tráchtála), 2002 do Chomhairle Contae an Longfoirt. Tá córais i bhfeidhm chun a chinntiú nach dtabhaítear na pionóis úis. Méid iomlán na bpionós úis:

| Pionóis Úis | Nialas |
|---|---|

Déantar gach iarracht chun comhlíonadh leis an Acht agus leis na Rialacháin a chinntiú, agus chun cosc na bpionós úis. Ní féidir leis na nósanna imeachta ach dearbhú réasúnta seachas dearbhú absalóideach a sholáthar ámh i gcoinne neamh-chomhlíonadh nithiúil leis an reachtaíocht.

## INIÚCHADH INMHEÁNACH

Is feidhm breithmheasa neamhspleách é an tIniúchadh Inmheánach dá dtugtar an dualgas chun gníomhaíochtaí a athbhreithniú thar gach limistéar laistigh de Chomhairle Contae an Longfoirt. Déanann sé imscrúdú agus tuairiscíonn sé go hoibiachtúil ar bhainistiú priacal, ar leordhóthanacht na rialuithe inmheánacha agus ar ghnóthú úsáid iomchuí, éifeachtúil agus eacnamaíoch na n-acmhainní. Leagtar amach sa Chairt Iniúchta Inmheánaigh an ról agus na cúraimí ag an Iniúchóir Inmheánach agus ag an Lucht Bainistíochta.

## DEONTAIS ARD-OIDEACHAIS

Is san Acht um Thacaíocht do Mhic Léinn 2011 a sholáthraítear an bunús reachtúil d'athchóiriú deontas do mhic léinn. Is éard is eochair-fhoráil an Achta ná comhdhlúthú na gceithre scéim deontas do mhic léinn ina scéim aontaithe aonair, bunú údaráis deonaithe deontas aonair agus bord achomharc neamhspleách. Thosaigh an t-údarás deonaithe deontais ar a dtugtar Tacaíocht Chomhchoiteann do Mhic Léinn in Éirinn, SUSI, ag oibriú don bhliain acadúil 2012/13 i leith iarratasóirí nua.

Rialaítear an scéim deontas don bhliain acadúil 2015/2016 le:

- **An tAcht um Thacaíocht do Mhic Léinn 2011**
- **Na Rialacháin um Thacaíocht do Mhic Léinn 2015 [I.R. 154 de 2015]**
- **An Scéim um Thacaíocht do Mhic Léinn 2015 [I.R. 155 de 2015]**

| DEONTAIS ARD-OIDEACHAIS - BLIAIN ACADÚIL 2015 – 2016 | |
|---|---|
| Líon iomlán na mac léinn a fhaigheann Deontais Ard-Oideachais | 4 |
| Líon na mac léinn ag freastal ar choláistí Éireannacha | 4 |
| Líon na mac léinn ag freastal ar choláistí na Ríochta Aontaithe (lena n-áirítear Tuaisceart Éireann) agus coláistí an AE | 0 |

## CAITEACHAS

| AN tACHT RIALTAIS ÁITIÚIL 2001 – CAITEACHAS ALT 142 | |
|---|---|
| Liúntais Mhéara agus Eile | €66,000 |
| Caiteachais Siamsaíochta agus Comhbhainteacha | €25,400 |
| Íocaíochtaí Ionadaíocha, Caiteachais na gComhaltaí agus Ionadaíocht ag Comhdhálacha | €395,697 |
| Iomlán | €487,097 |

## AONAD GINIÚNA IONCAIM

Is é an tAonad Giniúna Ioncaim (AGI) a bhíonn freagrach as bailiú na bpríomhshruthanna ioncaim don Chomhairle. Áirítear leo sin rátaí, muirir uisce tráchtála, cíosanna, iasachtaí tithíochta agus cíosanna RAB. Oibríonn an t-aonad an deasc airgid freisin, a éascaíonn d'íocaíochtaí custaiméirí i leith earraí agus seirbhísí na Comhairle.

Eisíonn an t-aonad deimhnithe comhlíonta i ndáil le híoc an mhuirir um Neamh-Phríomháit Chónaithe (NPPR).

## MUIRIR UISCE TRÁCHTÁLA

Lean an tAonad Giniúna Ioncaim ar aghaidh i rith na bliana chun cuntais chustaiméirí a bhainistiú do mhuirir uisce tráchtála thar ceann Uisce Éireann nó go mbunaíonn siad a gcóras billeála féin. Samhlaítear go dtosóidh Uisce Éireann ag billeáil agus ag bailiú na muirear uisce tráchtála sa bhliain 2016.

## BAILIÚ UISCE TRÁCHTÁLA

| Bliain | Iarmhéid Tosaigh | Sonrascaithe | Le Bailiú | Fáltais | Riaráistí | Bailithe % |
|---|---|---|---|---|---|---|
| 2013 | €1,062,954 | €1,688,659 | €2,761,613 | €1,736,337 | €1,015,276 | 63 |
| 2014 | €1,015,276 | €1,514,623 | €2,529,899 | €1,479,213 | €1,050,686 | 58 |
| 2015 | €1,050,686 | €1,614,09 | €2,664,695 | €1,471,510 | €1,193,185 | 55 |

## RÁTAÍ

Leanadh ar aghaidh leis na leibhéil ghníomhaíochta tráchtála ní b'ísle isteach sa bhliain 2015. D'fhan na rátaí folúntais go hard, go háirithe i gceantar Bhaile an Longfoirt. Bíonn tionchar suntasach aige sin ar bhailiú rátaí.

Bhí baint ag an Aonad Giniúna Ioncaim le tionscadal náisiúnta um bainistiú fiachas a díríodh ar riaráistí rátaí. Rinneadh dul chun cinn suntasach chun leibhéal na riaráistí atá dlite don Chomhairle agus na spriocanna i ndáil le laghdú fiachas agus le bailiú % a ghnóthú.

Cuireadh tús le hathluacháil ghinearálta ag an Oifig Luachála ar gach maoin inrátáilte sa Chontae i mí na Samhna 2015. Leanfaidh an próiseas sin ar aghaidh sna blianta 2016 agus 2017, agus tiocfaidh an liosta luachála leasaithe i bhfeidhm ón mbliain 2018 ar aghaidh.

## BAILIÚ RÁTAÍ

| Bliain | Iarmhéid Tosaigh | Sonrascaithe | Le Bailiú | Fáltais | Riaráistí | Bailithe % |
|---|---|---|---|---|---|---|
| 2013 | €2,404,760 | €6,237,323 | €8,642,084 | €6,031,513 | €2,610,571 | 70 |
| 2014 | €2,610,571 | €6,105,778 | €8,716,349 | €6,074,093 | €2,642,256 | 70 |
| 2015 * | €2,642,256 | €5,489,512 | €7,840,817 | €6,396,247 | €2,095,521 | 82 |

*Nóta Bunaítear céatadán Rátaí 2015 ar mhéideanna measta inbhailithe

## CÍOSANNA & IASACHTAÍ TITHÍOCHTA

Is é an tAonad Giniúna Ioncaim a bhíonn freagrach as bailiú cíosanna agus muirear iasachta, agus freisin as bainistiú an chíosa agus an chuntais iasachta sna riaráistí. Luíonn an fhreagracht as socrú cíosanna agus coigeartuithe do chíosanna ar an Rannóg Tithíochta.

Choinnigh an Chomhairle ar aghaidh i rith na bliana 2015 ag saothrú le custaiméirí faoi riaráistí, agus a d'éascaigh do phleananna íocaíochta le custaiméirí faoi dheacracht airgeadais. Feabhsaíodh na céatadáin um bailiú cíosa ábhairín chuig 88% i rith na bliana.

Soláthraíodh leis na Leasuithe don reachtaíocht Tithíochta i rith na bliana cinnteacht ní ba dhlíthiúla d'údaráis áitiúla i ndáil le foirceannadh tionóntachtaí do thionóntaí a mhainníonn chun dul i ngleic lena riaráistí nó a théann i mbun iompair fhrithshóisialta.

## BAILIÚ CÍOSANNA TITHÍOCHTA

| Bliain | Iarmhéid Tosaigh | Sonrascaithe | Le Bailiú | Fáltais | Riaráistí | Bailithe % |
|---|---|---|---|---|---|---|
| 2013 | €609,808 | €4,519,394 | €5,129,202 | €4,469,701 | €659,502 | 87 |
| 2014 | €659,502 | €4,388,228 | €5,047,730 | €4,386,319 | €661,411 | 87 |
| 2015 | €661,411 | €4,379,305 | €5,040,716 | €4,449,113 | €591,602 | 88 |

Choinnigh an Chomhairle uirthi ag forfheidhmiú an Phróisis um Réiteach Riaráistí Morgáiste (MARP) do chustaiméirí iasachta faoi dheacracht airgeadais. Soláthraíonn sé sin creatlach don Chomhairle agus d'iasachtóirí chun riaráistí iasachta a bhainistiú agus chun a gcuid iasachtaí a athstruchtúrú i roinnt cúinsí. Táthar tar éis fostaithe a chur faoi oiliúint i réiteach riaráistí, agus táthar tar éis éascú d'iasachtóirí faoi dheacracht airgeadais le bearta réitigh riaráistí gearrthéarmacha agus fadtéarmacha. Tháinig cobhsaíocht ar riaráistí iasachta gan íoc sa bhliain 2015.

## BAILIÚ IASACHTAÍ TITHÍOCHTA

| Bliain | Iarmhéid Tosaigh | Sonrascaithe | Le Bailiú | Fáltais | Riaráistí | Bailithe % |
|---|---|---|---|---|---|---|
| 2013 | €593,499 | €1,044,373 | €1,637,872 | €910,758 | €727,114 | 56 |
| 2014 | €727,114 | €979,491 | €1,706,605 | €964,208 | €742,397 | 56 |
| 2015 | €742,397 | €862,915 | €1,605,312 | €890,662 | €714,650 | 55 |

## AN MHÓTARCHÁIN

Leanadh ar aghaidh le húsáid mhéadaithe na saoráidí mótarchánach ar líne isteach sa bhliain 2015. Níor tháinig aon fhorbairtí suntasacha sa reachtaíocht mótarchánach i gcaitheamh na bliana. Tháinig na fáltais áitiúla don mhótarcháin anuas go mór ón mbliain 2014 (-€967,491). Tagann sé sin den chuid is mó de bharr an mhéadaithe shuntasaigh in idirbhearta mótarchánach ar líne.

| Idirbhearta Mótarchánach 2015 | Líon na nIdirbheart | Méid |
|---|---|---|
| Ceadúnais Feithicle (Dioscaí) | 23,782 | €4,800,015 |
| Idirbhearta Ilghnéitheacha (Deimhnithe Clárúcháin Feithicle, Plátaí Trádála srl.) | 5,124 | €317,583 |
| Idirbhearta Iomlána Mótarchánach | 28,906 | €5,117,598 |

# CÓRAIS FAISNÉISE

## ROINN TEICNEOLAÍOCHT NA FAISNÉISE

Tá Comhairle Contae an Longfoirt tiomanta d'úsáid na gcóras faisnéise chun éifeachtúlacht agus cáilíocht an tseachadta seirbhíse don phobal a fhormhéadú agus a mhéadú. Is éard is aidhm leis an Roinn TF ná chun na córais, feidhmchláir agus tacaíocht a sholáthar do gach roinn eile na Comhairle, ag cinntiú go mbíonn an trealamh agus an fhaisnéis riachtanach ar fáil go réidh chun seirbhís phoiblí éifeachtúil a sholáthar. Is í an TF a bhíonn freagrach as forfheidhmiú, bainistiú, slánú agus cothabháil gach córas TF lena n-áirítear bonneagar líonra agus seachadadh córais agus feidhmchláir.

## BONNEAGAR LÍONRA

Ceaptar líonra TFC de chuid Chomhairle Contae an Longfoirt de roinnt comhchodanna casta óna dteastaíonn bainistiú, cothabháil agus monatóireacht leanúnach. Áirítear leis an bhfreagracht do bhainistiú an líonra cothabháil Líonra WIFI agus Líonra Achair Fhairsing lena nasctar gach oifig lasmuigh den suíomh ar ais chuig Áras an Chontae trí mheán ceangal gan sreang, snáthoptaice, agus DSL.

Áiríodh le feabhsuithe suntasacha i rith na bliana 2015:

- **Aistriú leanúnach ár mbonneagair d'fhreastalaithe fisiciúla. Coinníonn Rannóg IS na Comhairle uirthi ag baint sochair ó fhorfheidhmiú na Néalteicneolaíochta Príobháidí ina Lárionad Sonraí. Soláthraítear athruithe agus leasuithe do na córais ghnó go gasta agus go héifeachtúil, a bhuíochas d'úsáid roinnt den teicneolaíocht is nua-aimseartha a bhíonn ar fáil.**
- **Uasghrádú leanúnach ár ríomhairí deisce chuig Windows 7.**
- **Dúblaíodh an spás stórála dár Líonra Limistéir Stórála (SAN).**
- **Comhlíonadh iomlán gnóthaithe le hiniúchadh an cheadúnais Microsoft.**

## CRUINNITHE COMHAIRLE

Lean Rannóg IS na Comhairle ar aghaidh lenár dtacaíocht theicniúil do na comhaltaí tofa ina n-aistriú chuig cruinnithe gan pháipéar. Déantar gach cruinniú go leictreonach anois (gan pháipéar), óna dtagann coigiltis riaracháin agus éifeachtúlachtaí feabhsaithe.

## CÓRAIS FAISNÉISE GEOGRAFAÍ

Tacaíonn Córais Faisnéise Geografaí (CFG) le bainistiú agus úsáid éifeachtach na Faisnéise Geografaí chun seirbhísí a sheachadadh. I dteannta le tacaíocht a sholáthar agus le forbairt ár dtacar sonraí reatha ab amhlaidh freisin a shíníomar conradh do sheachadadh ardáin CFG lena bhfeabhsófar a thuilleadh ár gcórais FG.

## IDIRLÍON & INLÍON

Choinnigh Comhairle Contae an Longfoirt uirthi ag soláthar ábhair ar líne i rith na bliana 2015. Foilsítear gach fógra tábhachtach don phobal ar ár láithreáin ghréasáin as a mbaintear leas go forleathan.

Chuamar ar aghaidh i rith Ráithe 4 den bhliain 2015 chuig soláthar poiblí d'uasghrádú ár gcóras bainistithe ábhair reatha ar ár láithreáin ghréasáin.

## CUAIRTEANNA AR AN LÁITHREÁN GRÉASÁIN

| LÁITHREÁN GRÉASÁIN | 2015 | 2014 |
|---|---|---|
| longfordcoco.ie | 63,145 | 53,931 |
| longford.ie | 60,037 | 52,295 |
| longfordlibrary.ie | 20,725 | 22,707 |

# SEIRBHÍSÍ TITHÍOCHTA, BONNEAGAIR AGUS COMHSHAOIL, SEIRBHÍSÍ ÉIGEANDÁLA, CEANTAR BARDASACH BHAILE UÍ MHATHÁIN AGUS CEANTAR BARDASACH GHRÁNAIRD



# TITHÍOCHT



Matt Doran
Micheal Carrigy
SPC Boneagair agus Comhshaoil



An Comhairleoir
P.J. Reilly
Seirbhísí Tithíochta SPC



An tUas.
John Brannigan,
Stiúrthóir Seirbhísí

## HOUSING NEEDS ASSESSMENT

Lean éilimh thithíochta Chontae an Longfoirt ar aghaidh á sásamh trí réimse roghanna tithíochta mar seo a leanas:

- **Tithe sóisialta**
- **Léasanna SCC**
- **Léasanna**
- **Tithíocht arna soláthar ag Comhlachtaí Tithíochta Saorálacha**

Rinneadh measúnacht reachtúil d'éileamh tithíochta sa bhliain 2013. Déanfar an chéad mheasúnacht tithíochta eile sa bhliain 2016. B'ionann líon na n-iarratasóirí tithíochta ceadaithe amhail 31 Nollaig 2015 agus 1,173.

## AN TITHÍOCHT SHÓISIALTA

Caitheadh tuairim €97,942 faoin gClár Infheistíochta sa Tithíocht Shóisialta sa bhliain 2015. Ceannaíodh teach amháin.

## SCÉIM CÓIRÍOCHTA CÍOSA (SCC)

Bhí 208 tionóntacht SCC i bhfeidhm ag deireadh na bliana 2015. Cuireadh tús le 38 tionóntacht nua sa bhliain 2015. Braitheann an incháilitheacht don Scéim ar na hiarratasóirí bheith ag fáil forlíonta cíosa ar feadh níos mó ná 18 mí, agus go mbíonn siad incháilithe don Tithíocht Shóisialta. Is costais riaracháin agus oibriúcháin chomhbhainteacha féinchistithe í an Scéim SCC sa Longfort.

## SOCRUITHE LÉASAITHE FADTÉARMACHA / DE CHINEÁL SCC

Baineann na príomhghnéithe den Scéim leis an Údarás Áitiúil ag comhaontú ar léasanna fadtéarmacha i leith aonad tithíochta aonair nó ilíoch le forbróirí/húinéirí na réadmhaoin cíosaithe príobháideach thar 10 agus 20 bliain, nó léasanna de chineál SCC do réadmhaoine thar théarma cheithre bliana. Bhí 43 léas gearrthéarmacha de chineál SCC ann ag deireadh na bliana 2015.

## EASPA DÍDINE

Méadaíonn líon na ndaoine ar easpa dídine gan staonadh. Tháinig 88 duine amach sa bhliain 2015, ar mhéadú faoi 33% é. Pléitear leis an easpa dídine ar bhunús réigiúnach. Is í Comhairle Contae na hIarmhí an cheannghníomhaireacht do chontaetha Laoise, an Longfoirt, Uíbh Fhailí agus na hIarmhí. Tá Meitheal Gníomhaíochta don Easpa Dídine ag gach contae ina theannta sin. Buaileann an fhoireann sin le chéile gach 2/3 seachtaine.

## SCÉIM CEANNAIGH INCRIMINTEACH

Tá an Scéim Ceannaigh Thionónta tar éis teacht in ionad na Scéime Ceannaigh Incrimintí. Tosaíonn an scéim seo an 1 Eanáir 2016.

## IASACHTAÍ TITHÍOCHTA

Leanadh ar aghaidh le ceadú agus le cur ar aghaidh na n-iasachtaí tithíochta amach sa bhliain 2015. Mar ab amhlaidh sna blianta roimhe sin, tá na leibhéil inacmhainneachta mar thoradh ar an meathlú eacnamaíoch tar éis tionchar mór a fheidhmiú ar líon na n-iarratas á gceadú. Fuarthas 8 n-iarratas bhailí sa bhliain 2015 san iomlán, le 4 iasacht ceadaithe agus 4 cinn curtha ar aghaidh. Ní áirítear leis sin réamh-iarratais dár diúltaíodh nó a tarraingíodh siar.

## TITHÍOCHT SHAORÁLACH

Tá baint ag Comhairle Contae an Longfoirt le fada leis an Earnáil Tithíochta Saorálaí, agus rinne an Earnáil Tithíochta Saorálaí rannchur nach beag um sholáthar na Tithíochta Sóisialaí i gContae an Longfoirt faoin Scéim um Iasachtaí agus Fóirdheontais Chaipitiúla (SIFC) agus faoin Scéim um Chúnamh Caipitiúil (SCC). Bhuaileadh Comhairle Contae an Longfoirt le Comhlachtaí Tithíochta Saorálaí ar bhonn rialta maidir leis an soláthar tithíochta sa Chontae.

## COTHABHÁIL AGUS ATHCHÓIRIÚ

Soláthraíodh €875,413 sa Bhuiséad sa bhliain 2015 do chothabháil agus deisiú Thithíocht an Údaráis Áitiúil. Scrúdaítear an limistéar sin go leanúnach chun a chinntiú go ngnóthaítear an dea-chleachtas agus an luach ar airgead i gcónaí.

## SCÉIM IARFHEISTITHE FUINNIMH/FUINNEOGA AGUS DOIRSE

Fuarthas cistiú €189,089 ón Roinn Comhshaoil, Pobail & Rialtais Áitiúil mar chuid dá chlár. Rinneadh oibreacha éifeachtúlachta fuinnimh ar 220 réadmhaoin. Fuarthas cistiú €132,885 ina theannta sin i leith athchur na bhfuinneog agus na ndoirse. Rinneadh oibreacha ar 56 réadmhaoin.

## AN CLÁR TITHE FOLMHA

Athchóiríodh 22 teaghais sa bhliain 2015 faoin gClár Tithe Folmha. Fuarthas cistiú€426,535 ón RLPRÁ d'oibreacha athchóirithe éigeantacha.

## BAINISTIÚ EASTÁIT

Lean an tOifigeach Idirchaidrimh Thithíochta agus an Bainisteoir Eastáit ar aghaidh ag obair leis na Cumainn Tionóntaí agus Cónaitheoirí i rith na bliana 2015. Freastalaíonn gach tionónta nua ar chúrsaí éigeantacha réamhtionóntachta.

# GRADAIM NA NEASTÁT NÍOS FEARR

Reáchtáladh "Gradaim na nEastát níos Fearr" arís sa bhliain 2015.

Ba iad seo a leanas na torthaí:

| | |
|---|---|
| **BUAITEOIR FORIOMLÁN** | |
| An Currach Rua, Béal Átha Liag, Co. an Longfoirt | |
| **Catagóir 1 - Eastáit le hionchur ó Scéim Fostaíochta Pobail** | |
| An chéad Duais | Radharc an tSéipéil, Béal Átha Liag |
| An dara Duais | Corrán Devine, Meathas Troim |
| An tríú Duais | Plásóg an Tobair |
| **Catagóir 2 – Eastáit a tógadh roimh an mbliain 1997** | |
| An chéad Duais | Corrán Ghort an Ghabhann, An Lagán |
| An dara Duais | Bóthar an Chartrúin, Caonach |
| An tríú Duais | Ascaill Radharc an tSéipéil, Droim Lis |
| **Catagóir 3 – Eastáit a tógadh idir na blianta 1997 & 2004 agus na blianta úd san áireamh** | |
| An chéad Duais | An Currach Rua, Béal Átha Liag |
| An dara Duais | Corrán na hAbhann, Béal Átha na Lao |
| An tríú Duais | Corrán an Rátha Riabhaigh, An Lagán |
| **Catagóir 4 – Eastáit a tógadh ón mbliain 2005 go dtí seo** | |
| An chéad Duais | Cúirt an tSean-Mhullaigh, Béal Átha na Muc |
| An dara Duais | Gairdíní Cois na Páirce, Baile Uí Mhatháin |
| An tríú Duais | Radharc na Coille, An Lios Breac & Páirc na bhFianna, Caonach |
| **Catagóir 5 – Eastáit i mBaile an Longfoirt (gan an Scéim FP)** | |
| An chéad Duais | Páirc na hAnaíle |
| An dara Duais | Canálach le Chéile |
| An tríú Duais | Ardán Álainn |
| **Catagóir 6 – Molta go hArd** | |
| Ardán Mhuire, Baile Uí Mhatháin | |
| Cois na nAbhann, Béal Átha na Lao | |
| Na Hallows, An Longfort | |
| Páirc Theafa, An Longfort | |
| Slí na Mona, Baile Uí Mhatháin | |
| **Catagóir 7 – An tEastát is Feabhsaithe** | |
| Bailtíní na Páirce, An Longfort | |
| **Catagóir 8 – An Tionscnamh Éiceolaíochta is Fearr** | |
| Páirc na bhFianna, Caonach | |
| **Catagóir 9 – An Tionscnamh Forbartha Pobail is Fearr** | |
| Plásóg an Tobair | |
| **Catagóir 10 – Gairdín Aonair – Gairdín Tosaigh** | |
| Ann Canning, 41 Corrán Devine, Meathas Troim | |
| **Catagóir 11 – Gairdín Aonair – Gairdín Cúil** | |
| Julie Clabby, 25 Arda Pauric Colum, An Longfort | |
| **Catagóir 12 – An Gairdín is Nuálaíche** | |
| Philomena Rogers, 12 An Currach Rua, Béal Átha Liag | |
| **Catagóir 13 – Buaiteoirí Chomórtas na bPóstaer** | |
| An chéad Duais | Leah Farrell, Gairdíní Cois na Páirce, Baile Uí Mhatháin |
| An dara Duais | Courtney Hughes, Corrán Devine, Meathas Troim |
| An tríú Duais | Cora McNamara, Bruach na Canálach, An Longfort |
| **Catagóir 14 – Buaiteoirí Ardmholta Chomórtas na bPóstaer** | |
| Mark McDonald, Páirc na bhFianna, Caonach | |
| Tori Cox, Corrán Devine, Meathas Troim | |
| Jack Chesire, Bruach na Canálach, An Longfort | |
| Amy Chesire, Bruach na Canálach, An Longfort | |
| Katie Farrell, Gairdíní Cois na Páirce, Baile Uí Mhatháin | |
| Keara Shattell, Gairdíní Cois na Páirce, Baile Uí Mhatháin | |
| Rebecca Farrell, Gairdíní Cois na Páirce, Baile Uí Mhatháin | |
| Amy Farrell, Gairdíní Cois na Páirce, Baile Uí Mhatháin | |







Buaiteoir Foriomlán – An Currach Rua, Béal Átha Liag






Páirc na hAnaíle, An Longfort

## SCÉIMEANNA DEONTAIS TITHÍOCHTA

Fuarthas 167 iarratas san iomlán sa bhliain 2015 faoi na trí Scéim Deontais:

- **Scéim Deontais na nÁiseanna Soghluaisteachta = 62 (€175,332)**
- **Scéim Deontais um Oiriúnú na Tithíochta = 39 (€234,645)**
- **Scéim Deontais um Áis Tithíochta do Dhaoine Scothaosta = 66 (€210,826)**
- **Íocadh amach 167 deontas san iomlán agus b'ionann an méid sin agus €620,803**

Ina theannta sin ab amhlaidh a rinneadh oibreacha míchumais ar 18 teach sóisialta chun aghaidh a thabhairt ar éilimh leighis na n-áititheoirí. B'ionann costas na n-oibreacha úd agus €210,000.

## CÓIRÍOCHT DON LUCHT SIÚIL

Chloígh Comhairle Contae an Longfoirt leis an gClár Cóiríochta don Lucht Siúil 2014-2018 go fóill. Leagtar amach sa chlár seo straitéis 4 bliana i ndáil leis an gclár agus leis an gcineál cóiríochta lena soláthar don Lucht Siúil. Sásaíonn agus déanann an Coiste Comhairliúcháin Áitiúil um Chóiríocht don Lucht Siúil monatóireacht ar an dul chun cinn i ndáil le spriocanna arna leagan amach sa Phlean. Rinneadh oibreacha sa bhliain ar na haonaid dhá bhá le tionóntaí i bPáirc na Sailí, An Longfort.

## CAIGHDEÁIN CHÓIRÍOCHTA PRÍOBHÁIDÍ CÍOSAITHE

Is é an tÚdarás Áitiúil a bhíonn freagrach as forfheidhmiú agus forghníomhú na gcaighdeán cóiríochta san earnáil chíosach. Cuirtear an cistiú ar fáil don Údarás Áitiúil, bunaithe ar an líon imscrúduithe a rinneadh. Rinneadh 154 imscrúdú sa bhliain 2015, agus tugadh comhairle do thiarnaí talún mar ar tharla saincheisteanna comhlíonta.

# BONNEAGAR

## AN tSÁBHÁILTEACHT AR BHÓITHRE, BÓITHRE & IOMPAR

**Croí-Chuspóir:**

*"A chinntiú go dtugann beartais agus infheistíochtaí iompraíochta bonneagair cúnamh agus go bhfeabhsaíonn siad forbairt eacnamaíoch agus shóisialta Chontae an Longfoirt, agus go gcaomhnaíonn agus go bhfeabhsaíonn siad mealltacht fhisiciúil an chontae agus a chomhshaol cúlra".*

Tá an Longfort suite go straitéiseach gar do chroílár na hÉireann, agus trasnaíonn na Príomh-Bhealaí Náisiúnta an N4 agus an N5 agus na Bealaí Tánaisteacha Náisiúnta an N55 agus an N63 thairis. Tagann sreabhanna tráchta móra ar fud an Chontae ó na bealaí úd.

Tá líonra Bóithre Náisiúnta, Réigiúnacha agus Áitiúla ag Comhairle Contae an Longfoirt laistigh den Chontae. Is mar seo a leanas é miondealú na mbóithre faoi údarás Chomhairle Contae an Longfoirt:

| RANGÚ | PRÍOMHA NÁISIÚNTA | RÉIGIÚNACH | ÁITIÚIL | IOMLÁN |
|---|---|---|---|---|
| Ceantar Bardasach Bhaile Uí Mhatháin (km) | 43.07 | 70.56 | 504.49 | 618.18 |
| Ceantar Bardasach Ghránaird (km) | 18.96 | 68.11 | 709.11 | 796.07 |
| Ceantar Bardasach an Longfoirt (km) | 36.58 | 13.88 | 151.09 | 201.60 |
| Ciliméadair Iomlána | 98.61 | 152.55 | 1364.69 | 1615.85 |

Tugadh na hoibreacha sonracha seo a leanas chun críche sa bhliain 2015 :

## SCÉIMEANNA SÁBHÁILTEACHTA AR NA BÓITHRE NÁIISÚNTA

| SCÉIM SÁBHÁILTEACHTA | MIONSONRAÍ OIBRE |
|---|---|
| Scéimeanna Sábháilteachta HD15 / HD 17 | Oibreacha ar Raon Rothar Bhaile Mionnán an N5. Cuireadh tús le hoibreacha tógála i mí na Samhna 2015, agus críochnaíodh iad i mí an Mhárta 2016. |
| Acomhal na Carraige Buí an N55 | Safety Works were completed in 2015. |

## OIBREACHA NÁISIÚNTA ATHSHLÁNAITHE DROICHEAD

Tugadh oibreacha ar sheacht ndroichead ar na Bóithre Náisiúnta i gContae an Longfoirt sa bhliain 2015. Áiríodh leis na hoibreacha a críochnaíodh na cinn seo a leanas:

| DROICHEAD | MIONSONRAÍ OIBRE |
|---|---|
| Droichead Bhaile Uí Mhatháin ar an N55 | Uiscedhíonadh Deice, athdhromchlú bóthair agus cosáin thar an droichead. |
| Droichead Scry ar an N4 | Athchur le lintéar nua. |
| Droichead Sands ar an N55 | Athshlánú an bhalla coinneála cloiche reatha ar feadh an tsrutháin ag teacht chuig droichead sand. |
| Droichead Bhéal Átha Glasáin ar an N55 | Athchur le lintéar nua. |
| Droichead Ard an Chuilinn ar an N55 | Athchur le lintéar nua. |
| Droichead Chartrúin ar an N55 | Athchur le lintéar nua. |
| Droichead Choill na Samhóg ar an N4 | Athchur na n-uchtbhallaí droichid reatha agus na mbacainní sábháilteachta. |

## SCÉIMEANNA FEABHSÚCHÁIN UM PÁBHÁIL BÓITHRE NÁISIÚNTA

Roghnaítear scéimeanna Pábhála Náisiúnta ar bhunús na suirbhéanna reachta le déanaí ar an ngréasán leis na hoibreacha sonracha seo a leanas déanta sa bhliain 2015:

| PÁBHÁIL | MIONSONRAÍ OIBRE |
|---|---|
| Neartú na Pábhála ar an N55 ag Rae Parnell, Gránard | Críochnaíodh Scéim Feabhsaithe Pábhála Inleagtha 870m mholta ag Rae Parnell sa bhliain 2015. |
| Dromchlú Pábhála N55 Chartrúin / na Craobhaí Bige | An Scéim Athdhromchlaithe ar an N55 idir an tslí isteach chuig Eastát Tithíochta Chluain Rí ar feadh timpeall 2km i dtreo teora an chontae a tugadh chun críche sa bhliain 2015. |
| Croisbhealach Thamhnaigh Uí Bhardáin an N55 chuig Feirscill | Scéim athdhromchlaithe mholta 1.3km a tugadh chun críche sa bhliain 2015. |

## FEABHSÚ BÓITHRE ÁITIÚLA & RÉIGIÚNACHA

I rith na bliana ab amhlaidh a feabhsaíodh agus a cothabháladh 95,265km de Bhóithre Áitiúla & Réigiúnacha faoin gClár Athchóirithe. Baineann dhá chineál leis an Deontas seo:

- **Deartar gné an Fheabhsaithe Athchóirithe chun caiteachas um athchóiriú dromchlaí agus um thógáil bóithre a shásamh.**
- **Is í aidhm na Cothabhála Athchóirithe chun cosaint a thabhairt do shláinte struchtúraithe an bhóthair trí mheán cóirithe dromchla.**

## SCÉIMEANNA SÁBHÁILTEACHTA AR CHOSTAS ÍSEAL

Cumasaíonn an Deontas Feabhsaithe Sábháilteachta ar Chostas Íseal oibreacha feabhsaithe sábháilteachta ar chostas íseal i leith na mBóithre Réigiúnacha agus Áitiúla. Rinneadh Scéimeanna Sábháilteachta ar Chostas Íseal ag na hionaid seo a leanas:

- **Sráidbhaile Dhroim Lis - Saoráidí do Choisithe**
- **Croisbhealach Uí Dhochartaigh an R194**
- **An Tamhnach (An tÉadan Mór)**
- **Bóthar Bhaile Átha Cliath sa Longfort - Cosán**
- **An Ghléib, Fearnach, An Longfort**
- **Crois Aodha – Acomhal Bhóthar an Ghleanna**

## SCÉIMEANNA FEABHSAITHE ÁITIÚLA

Féadann Comhairle Contae an Longfoirt cúnamh a sholáthar trí mheán oibreacha a dhéanamh, tógáil nó feabhsú Bóthair Neamh-Phoiblí lena soláthraítear rochtain ar dháileachtaí talún ar le daoine éagsúla nó a chónaíonn daoine in dá cheann acu ar a laghad, nó a sholáthraíonn rochtain do chuspóirí buainte (lena n-áirítear an mhóin) i leith beirt dhaoine nó níos mó, nó a mbainfidh an pobal leas astu i dtuairim na Comhairle. Caitheadh €18,606 i rith na bliana 2015 ar Scéim Feabhsúcháin Áitiúil amháin.

## CLÁR COTHABHÁLA GEIMHRIDH

Soláthraítear leis an bplean Seirbhíse Geimhridh an chreatlach chun plé le coinníollacha Aimsire Geimhriúla ar na bóithre, agus soláthraítear leis d'fhreagra pleanáilte agus comhordaithe ag Comhairle Contae an Longfoirt. Is éard is cuspóir leis an gclár cothabhála geimhridh ná chun foráil chomh fada agus is praiticiúil go réasúnta do ghluaiseacht shábháilte úsáideoirí bóithre ar na Bóithre Náisiúnta agus do bhealaí straitéiseacha eile a aithníodh i rith na gcoinníollacha drochaimsire.

## CAITEACHAS

Faightear Deontais um Bóithre Náisiúnta ó Bhonneagar Iompair Éireann chun oibreacha cothabhála a dhéanamh ar na Bóithre agus Droichid Náisiúnta i gContae an Longfoirt, agus tugtar Deontais Stáit d'údaráis bhóithre chun an fhoráil a rinneadh óna n-acmhainní féin a fhorlíonadh i leith cláir bhóithre d'fheabhsú, cothabháil agus bainistiú an líonra bóithre réigiúnacha agus áitiúla.

Ba mar seo a leanas é an caiteachas ar Bhóithre Náisiúnta agus Neamh-Náisiúnta sa bhliain 2015:

| | |
|---|---|
| **1. BÓITHRE NÁISIÚNTA (DEONTAIS Ó BHONNEAGAR IOMPAIR ÉIREANN)** | |
| Oibreacha Feabhsaithe | €1,932,828 |
| Cothabháil NP & NS | €311,455 |
| Athnuachan & suirbhéanna pábhála HD | €46,000 |
| Droichid | €850,000 |
| Bearta Sábháilteachta | €50,289 |
| Cothabháil Geimhridh | €128,495 |
| Iomlán: | €3,352,067 |
| **2. BÓITHRE NEAMH-NÁISIÚNTA (DEONTAIS ÓN ROINN COMHSHAOIL, POBAIL & RIALTAIS ÁITIÚIL)** | |
| Deontas Feabhsaithe Sonrach | €15,449 |
| Oibreacha Feabhsaithe Athchóirithe | €2,649,906 |
| Oibreacha Cothabhála AThchóirithe | €680,409 |
| Deontas Cothabhála Lánroghnach | €1,139,808 |
| Oibreacha Feabhsaithe Sábháilteachta ar Chostas Íseal | €167,999 |
| Droch-Aimsir | €159,455 |
| Clár Oiliúna | €23,750 |
| Scéim Feabhsaithe Áitiúil | €18,606 |
| Iomlán: | €4,855,382 |
| **3. BÓITHRE NEAMH-NÁISIÚNTA (RANNÍOCAÍOCHT NA COMHAIRLE)** | €806,000 |
| **BUISÉAD IOMLÁN:** | **€9,013,449** |

## CUR CHUN CINN NA SÁBHÁILTEACHTA AR BHÓITHRE & SCÉIM MHAOIR SCOILE

Is fairsing é ról um Shábháilteacht ar Bhóithre ag na hÚdaráis Áitiúla, agus síneann sé idir Tógáil Bóithre agus Cur chun Cinn na Sábháilteachta agus Scéimeanna Mhaoir Scoile. Tá ról formhéadaithe anois ag an Údarás Áitiúil chun an tsábháilteacht ar bhóithre a chur chun cinn ach a thuillleadh tionscnamh a fhorbairt ag leibhéal áitiúil ar nós:

- **Cuimsíonn Coiste Comhoibre an Longfoirt um an tSábháilteacht ar Bhóithre na gníomhaireachtaí seo a leanas:- TII, An tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre, Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, Comhordaitheoir Spórt Chomhairle Contae an Longfoirt, An Garda Síochána, Oifigeach um Shábháilteacht ar Bhóithre le Comhairle Contae an Longfoirt, Comhalta Cúraim Leanaí Chontae an Longfoirt, An Comhairleoir Mark Casey agus Comhaltaí Seirbhísí Dóiteáin an Longfoirt.**
- **Foilsíodh Plean Sábháilteachta ar Bhóithre de chuid Chontae an Longfoirt 2015 -2020.**
- **Ba i gcomhar leis na Scoileanna Glasa, a tugadh isteach Tionscnamh um Rothaíocht níos Sábháilte chuig roinnt Scoileanna Náisiúnta ar fud an chontae i míonna na Bealtaine, an Mheithimh agus Mheán Fómhair 2015. Tugadh oiliúint rothaíochta in Ard-Scoil Phádraig Ghránaird, Scoil Náisiúnta Chluaintí, Scoil Náisiúnta Fhormhaoileach, Scoil Náisiúnta Ghránaird, Scoil Náisiúnta Naomh Bearnard Mhainistir Leathrátha, Scoil Náisiúnta Naomh Guasacht Bhun Lathaí agus Scoil Náisiúnta An Chlochair.**
- **Comhordú leis an Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre – fógraíocht, promóisin, agus feachtais sna meáin.**
- **Cur chun cinn "An Cód Sábhála".**
- **Cur chun cinn na Sábháilteachta ar Bhóithre sna hIar-Bhunscoileanna agus i gCláir Ógtheagmhála tríd an "gClár Tiomána na Beatha" idir Eanáir 2015 agus Nollaig 2015. Tharla an oiliúint in Ógtheagmháil Bhaile Uí Mhatháin, in Ógtheagmháil Bhaile an Longfoirt, in Iar-Bhunscoil Naomh Muire an Longfoirt, in Iar-Bhunscoil na Trócaire Bhaile Uí Mhatháin agus i nGairmscoil Bhaile Uí Mhatháin.**
- **Tá Seirbhís Mhaoir na Scoile Sóisearaí deartha chun saoráidí trasnaithe shábháilte a sholáthar do leanaí i bhfoisceath na mbunscoileanna sna bailte agus sráidbhailte cúigeacha. Ba i mBaile Mhic Cearúil i gContae na hIarmhí a reáchtáladh an Babhta Ceannais Réigiúnach do Ros Comáin/don Longfort/don Iarmhí, agus bhí 13 scoil rannpháirteach san imeacht sin. Tháinig Scoil Náisiúnta Naomh Muire, An Lios Breac sa dara háit sa Bhabhta Ceannais de Chomórtas na Maor Scoile sa bhliain 2015. Tá dhá Scéim i mbun oibre ag Comhairle Contae an Longfoirt ag Scoil Náisiúnta Scoil Muire, An Lios Breac; agus ag Scoil Náisiúnta Naomh Muire, Droim Lis. Soláthraítear maor is aosach ag Scoil Náisiúnta Bhéal Átha Liag.**
- **Cur chun cinn le Feachtas Sábháilteachta ar Bhóithre "I is the Limited" le iRadio.**
- **Cuireadh an fheasacht faoin tSábháilteacht ar Bhóithre chun cinn sna Scoileanna Náisiúnta ar fud an chontae.**
- **Ba i gcomhar leis an Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre a tugadh cuairt le "Check it Fits" ar Supervalu, Lárionad Siopadóireachta na Collchoille an 3 Feabhra 2015, ar Supervalu, An tSráid Mhór, Baile Uí Mhatháin an 4 Feabhra agus ar Supervalu, Meathas Troim an 5 Feabhra. Ar an drochuair, is amhlaidh in Éirinn ar cúis imní mhór é feistiú na suíochán do leanaí i gcarranna, agus féadann an oiread agus 3 as gach 4 suíochán do leanaí i gcarranna bheith feistithe go mícheart.**
- **Cur chun cinn le "Feachtas Sábháilteachta don Lá Saoire Bainc" le iRadio.**

## SEACHTAIN NÁISIÚNTA NA ROTHAÍOCHTA

Ba i gcomhar leis an Oifigeach Feasachta Comhshaoil a seoladh Seachtain Náisiúnta na Rothaíochta, agus a bhí ar siúl idir 13 agus 21 Meitheamh 2015. Rinne Comhairle Contae an Longfoirt ceiliúradh ar an tionscnamh le Lá Rothaíochta chun na Scoile agus Lá Rothaíochta chun na hOibre.

Tugadh cuireadh do Scoileanna Náisiúnta chuig an Rothaíocht chun na Scoile an Déardaoin 18 Meitheamh, agus ghlac 130 dalta rannpháirt ann san iomlán. Fuair leanaí pacaí rothaíochta lenar áiríodh éadaí frithchaiteacha agus soilse mar chuid den lá.

Ghlac fostaithe Chomhairle Contae an Longfoirt rannpháirt sa Lá Rothaíochta chun na hOibre don séú bliain as a chéile. Agus bealach comaitéireachta malartach chun na hoibre á thairiscint, ghlac fostaithe ón gComhairle agus ó ghnólachtaí áitiúla eile rannpháirt i dturas am lóin timpeall an tseachbhóthair, agus thuairiscigh siad go raibh an tionscnamh ina "smaoineamh iontach".

# SEIRBHÍSÍ UISCE

## GRÚPSCÉIMEANNA UISCE/SÉARACHAIS

Fógraíodh Leithdháileadh Blocdheontais arbh fhiú €285,000 é do Chomhairle Contae an Longfoirt i mí na Bealtaine 2015, ar bhain €50,000 le Grúpscéimeanna Uisce ina raibh Easnaimh Cháilíochta, €85,000 le Grúpscéimeanna Uisce Nua, agus €150,000 le Grúpscéimeanna Séarachais nua.

Tá an tógáil faoi lánseoil ar Ghrúpscéim Uisce an Bhóthair Mhóir/Fhionnúrach in Ardach, Co. an Longfoirt.

Bhíothas ag lorg tairiscintí do cheapadh Comhairleach do Ghrúpscéim Uisce Chroisbhealach Thuama, agus tá an grúpa á mbreithniú faoi láthair.

Bhíothas ag lorg tairiscintí do cheapadh Comhairleach do Ghrúpscéim Séarachais Chnoc an Chatha agus do Ghrúpscéim Séarachais an Churraigh/Leamhaí freisin, agus tá na grúpaí á mbreithniú faoi láthair.

Fuarthas tairiscintí, agus táthar á mbreithniú do thógáil Ghrúpsceim Séaraigh an Liagáin.

D'íoc an Roinn Comhshaoil, Pobail & Rialtais Áitiúil éileamh iomlán arbh fhiú €36,663.81 é sa bhliain 2015 i ndáil le tógáil Ghrúpscéim Uisce an Bhóthair Mhóir/Fhionnúrach.

## FÓIRDHEONTAIS DO GHRÚPSCÉIMEANNA UISCE AGUS DEONTAIS DO THOBAIR AONAIR

Phróiseáil Comhairle Contae an Longfoirt 2 iarratas d'fhóirdheontais i leith chostais oibriúcháin na nGrúpscéimeanna Uisce. B'ionann an líon iomlán a íocadh agus €12,880.

Fuarthas 18 iarratas ar dheontais i leith soláthairtí uisce aonair. Tugadh cead do 13 iarratas, tá 1 iarratas amháin ar feitheamh, agus diúltaíodh fo 4 cinn acu. Rinneadh íocaíochtaí deontais arbh ionann agus €11,440.88 iad le 6 iarratasóirí sa bhliain 2015.

# SEIRBHÍSÍ COMHSHAOIL

Cuimsíonn an rannóg seo réimse éagsúil feidhmeanna agus seirbhísí. Is iad na príomhlimistéir ná -

- **Rialú an Truaillithe agus Bainistiú na Cáilíochta Uisce**
- **Bainistiú Dramhaíola agus Glanadh Sráide**
- **Bainistiú agus Rialáil Dramhaíola**
- **Feasacht faoin gComhshaol**
- **Reiligí**
- **Seirbhísí Tréidliachta agus Sábháilteacht an Bhia**
- **Rialú Madraí agus Rialú Capall**

## RIALÚ AN TRUAILLITHE AGUS BAINISTIÚ NA CÁILÍOCHTA UISCE

Cuimsíonn an rialú truaillithe limistéir ar nós an truaillithe uisce, an truaillithe aeir agus na núise torainn. Áirítear leis na gníomhaíochtaí sonracha a glacadh i ndáil le rialú an truaillithe imscrúdú na dteagmhas truaillithe uisce, imscrúduithe feirme, ceadúnú sceití le huiscí agus forfheidhmiú cláir mhonatóireacht d'aibhneacha, lochanna, dabhcha séarachais agus líontaí talún.

## BAINISTIÚ ABHANTRAÍ

Trasuíodh Creat-Treoir an AE maidir leis an Uisce i ndlí na hÉireann le Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Beartas Uisce) 2003, faoinar bunaíodh roinnt Ceantar Abhantraí. Athraíodh í sin thiar sa bhliain 2014, agus feictear Éire anois mar Cheantar Abhantraí amháin. Ina theannta sin is amhlaidh a chuirtear oibleagáidí nua ar na húdaráis áitiúla sna Rialacháin um Beartas an AE (Beartas Uisce) 2014 chun gné rannphháirtíochta poiblí na Creat-Treorach Uisce a chomhordú. Ní foláir do Chomhairle Contae an Longfoirt de réir an tsocraithe rialachais náisiúnta nua chun ár saothar sa réimse sin a chomhordú leis an Oifig Pobail Uisce Náisiúnta nuabhunaithe do na hÚdaráis Áitiúla (LAWCO) i gCill Chainnigh. Coinníonn Comhairle Contae an Longfoirt uirthi ag monatóireacht cháilíocht an uisce sna haibhneacha agus sna lochanna i gcomhréir leis na Pleananna ábhartha um Bainistiú Abhantraí.

## SAOTHARLANN CHOMHSHAOIL

Tá Saotharlann Chomhshaoil na Comhairle Contae suite ag Bóthar na Páirce, sa Longfort. Is iad na príomhlimistéir ghníomhaíochta ná:

- **Monatóireacht agus rialú an Truaillithe Uisce**
- **Sceití ó ghléasraí Cóireála Dramhuisce na Comhairle a mhonatóireacht**
- **Monatóireacht líonta talún**
- **Monatóireacht sceití eisilteach tionsclaíoch**
- **Monatóireacht cháilíocht an uisce sna haibhneacha agus sna lochanna**

## BAINISTIÚ BRUSCAIR

Tá forghníomhú an tAcht um Thruailliú ó Bhruscar 1997 – 2009 ar cheann de na heochair-mheicníochtaí chun dul i ngleic leis an truailliú bruscair i gContae an Longfoirt. Is iad Maoir Bhruscair na Comhairle a dhéanann an chuid is mó den Rialú Bruscair.

Oibríonn an Chomhairle go dlúth le Coistí áitiúla na mBailte Slachtmhara, agus aithníonn an saothar mór a dhéanann siad ar fud an chontae. Chloígh Baile an Longfoirt iomaíocht ghéar i mí Eanáir 2016 chun Gradam IBAL 2015 a bhuachan (Lucht Gnó na hÉireann in aghaidh an Bhruscair) nuair a measadh é mar an baile ba ghlaine in Éirinn. Shlánaigh an baile dealbh phoiblí chun an gnóthachan a chomóradh. Maíonn suirbhéirí An Taisce "nárbh í an easpa bruscair a tugadh faoi deara" sna suíomhanna sa Longfort, "ach an chuma iontach dheas a bhí leo freisin."
Coinníonn an Chomhairle uirthi ag ionchúiseamh ciontóirí bruscair, agus lorgaíonn aisghabháil costais iomlán nuair a théann na cásanna chun na cúirte.

Tionscnaíodh 15 ionchúiseamh san iomlán sa bhliain 2015 i leith neamhíoc fíneálacha faoin Acht um Thruailliú ó Bhruscar 1997.

## SCUABADH SRÁIDEANNA

Lean an Chomhairle ar aghaidh lena clár scuabtha sráideanna agus seirbhísithe araidí bruscair i mbailte agus i sráidbhailte an Chontae, i gcomhréir le Plean Bainistíochta Bruscair Chontae an Longfoirt. B'ionann an caiteachas ar an tseirbhís seo agus €450,000 sa bhliain 2015.

## PLEAN BAINISTÍOCHTA DRAMHAÍOLA 2015-2021

Foilsíodh an Plean Bainistíochta Dramhaíola Réigiúnach 2015–2021 nua don Oirthear agus do Lár na Tíre i mí na Bealtaine 2015, agus is féidir breathnú air sin ag http://emwr.ie/. Tá an Longfort ar cheann de na 12 údarás áitiúla atá cleamhnaithe le Réigiún Dramhaíola an Oirthir-Lár na Tíre. Is cáipéis reachtúil í an Plean arna dréachtú ag na húdaráis áitúla. Is inti a leagtar amach a dteastaíonn ón bPlean agus an chaoi ina dtabharfar faoi sin. Bunaíodh Coiste Stiúrtha um Fhorghníomhú Dramhaíola Náisiúnta (NWESC) nua agus trí Údarás Ceannais Réigiúnach um Fhorghníomhú Dramhaíola (WERLAí) nua sa bhliain 2015, agus saothróidh siad go léir leis na húdaráis áitiúla um fhorghníomhú dramhaíola agus um fhorfheidhmiú tosaíochtaí náisiúnta comhaontaithe arna n-aithint ag an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil.

## FORGHNÍOMHÚ BHAINISTIÚ NA DRAMHAÍOLA

Bíonn réimse leathan feidhmeanna reachtúla ag na húdaráis áitiúla faoin reachtaíocht dramhaíola Náisiúnta agus Eorpach.

Áirítear le saothar na foirne Forghníomhaithe Dramhaíola san Údarás Áitiúil imscrúdú teagmhas dumpála mídhleathaí, ionchúisimh agus bearta forghníomhaithe a ghlacadh, rialacháin um fhreagracht táirgeoirí a fhorghníomhú i leith réimse leathan dramhaíola (lena n-áirítear Trealamh Leictreach agus Leictreonach, Ceallraí, Feithiclí a bhfuil a Ré Caite, Boinn, Pacáistíocht, Dramhaíl Bhia, Plaisteach Feirme agus Dramhaíola Tógála & Scartála). Imscrúdaíodh 1274 gearán dramhaíola agus bruscair i rith na bliana 2015, ar réitíodh 1,269 acu i rith na bliana.

Díríodh gnáth-imhscrúduithe dramhaíola i rith na bliana 2015 ar líon limistéar lenar áiríodh an dumpáil mhídhleathach agus forghníomhú na Dramhaíola Bia agus na Rialachán um Boinn. Glacadh roinnt ionchúiseamh faoin Acht um Thruailliú ó Bhruscar 1997. Tá dumpáil mhídhleathach na dramhaíola teaghlaigh sna ceantair thuaithe agus ar réadmhaoine folmha fós ina fadhb mhór, agus b'éigean don Chomhairle acmhainní nach beag a chaitheamh ar ghlanadh na suíomhanna sin. Cleachtaíonn an Chomhairle a cumhachtaí reachtúla de réir mar is féidir anois chun a costais a aisghabháil i leith beart um rialú truaillithe.

Ina theannta sin is amhlaidh a chinntítear le ceadú agus rialáil na saoráidí dramhaíola ag na hÚdaráis Áitiúla, go mbailítear agus go n-iompraítear an dramhaíl ina limistéir fheidhmeacha, go ndéantar na hiarratais phleanála a bhreithmheas i ndáil le tograí bainistíochta dramhaíola, go maoirsítear bainistiú dramhaíle sna hearnálacha tógála agus gnó, agus go ndéantar na scéimeanna comhlíonta dramhaíola a riaradh (m.sh. an phacáistíocht). Déantar na himscrúduithe comhshaoil i gcomhréir leis plean imscrúdaithe bliantúil na Comhairle, agus tá réimeas tuairiscithe éigeantaigh ann chuig an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (GCC) i leith gach imscrúdú comhshaoil agus an phlean imscrúdaithe comhshaoil. Bíonn oibleagáidí tuairiscithe suntasacha ag na hÚdaráis Áitiúla freisin. Cloíonn Comhairle Contae an Longfoirt leis an bhfardal bliantúil de gach sonra dramhaíola i leith a limistéar feidhmeach dá gcur faoi bhráid na GCC gach aon bhliain.

Caitheann na hÚdaráis Áitiúla cloí le Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Rochtain ar Fhaisnéis i leith an Chomhshaoil) 2007. Is amhlaidh faoi réir eisceachtaí áirithe, a chaithfear faisnéis i leith an chomhshaoil i seilbh údaráis phoiblí nó thar a cheann, a chur ar fáil do dhuine ar bith ach iarratas a fháil. Soláthraítear comhairle agus treoir faoin mbainistiú dramhaíola do bhaill an phobail ach iarratas a fháil.

Is mar chúnamh í cuid mhaith den saothar i rannóga forghníomhaithe dramhaíola na nÚdarás Áitiúil leis an Rialtas chun smachtbhannaí airgeadais nach beag ón AE a sheachaint.

Is féidir amharc ar "Bheartas Forghníomhaithe um Ghníomhaíocht Dramhaíola Mídhleathaí" Chomhairle Contae an Longfoirt ar láithreán gréasáin na Comhairle ag www.longfordcoco.ie.

Oibríonn an Chomhairle "Líne Bheo do Ghearáin faoin mBruscar". Duine ar bith a fheiceann dumpáil mhídhleathach na dramhaíola; is féidir leo an cás a thuairisciú i modh rúin ach glao a chur ar 1850 434 450.

## SOLÁTHAR SAORÁIDÍ UM BAINISTIÚ DRAMHAÍOLA

Tá 26 ionad *fág anseo i láthair na huaire i gContae an Longfoirt*. Glactar leis an ngloine ghlas, dhonn agus thrédhearcach, chomh maith leis na cannaí alúmanaim, ag gach suíomh. B'ionann na tonáistí iomlána a bailíodh dá n-athphróiseáil sa bhliain 2015 agus 66 tona gloine agus 20 tona cannaí alúmanaim.

## ÚSÁID FUINNIMH

Ní foláir do Chomhairle Contae an Longfoirt ár n-ídiú fuinnimh a laghdú i gcomhréir leis an mbeartas náisiúnta faoi thrian amháin sa bhliain 2020. Baineann dúshlán nach beag leis toisc gur tomhaltóir fuinnimh mhór é an t-eagras, agus dírítear aird gach bliain ar ghnóthú an fheabhsaithe de réir a chéile san éifeachtúlacht fuinnimh. Is follasach nach mór leictreachas, gás agus breoslaí eile a ídiú chun is go n-oibreofaí na seirbhísí a sholáthraíonn an Chomhairle. Is feasach d'fhostaithe i ngach aon rannóg faoin ngá chun ídiú fuinnimh neamhéigeantach a dhíothú. Tá tionscnamh um Bainistiú Fuinnimh ar siúl, agus táthar ag glacadh beart chun ídiú an fhuinnimh a laghdú de réir mar is féidir. Tá Comhairle Contae an Longfoirt cleamhnaithe le Gníomhaireacht Fuinnimh Lár na Tíre. Táthar tar éis fo-choistí ar a dtugtar Pobail Chleachtais a bhunú chun éascú do chomhroinnt na faisnéise. Glacann fostaithe Chomhairle Contae an Longfoirt rannpháirt agus rannchuireann siad le forbairt an Dea-Chleachtais i roinnt limistéar.

## ÚSÁID FUINNIMH - BEARTA GLACTHA

Leanadh isteach sa bhliain 2015 ag soláthar oiliúna do chomhaltaí Choiste Bainistíochta Fuinnimh na Comhairle. Rinneadh dul chun cinn ag forbairt córais do thaifeadadh sonraí ídithe fuinnimh ar bhealach níos córasaí. Críochnaíodh uasghráduithe trealaimh ag Rannóg TF na Comhairle. Táthar ag súil mar thoradh air sin go laghdófar go mór ídiú an fhuinnimh i ndáil le hoibriú na seirbhísí TF. Táthar ag leanúint ar aghaidh ag roinnt ionad le huasghráduithe an tsoilsithe phoiblí chun leas a bhaint as soilse LED. Bhuail Oifigeach Feasachta Comhshaoil na Comhairle le grúpaí pobail agus thug cuairt ar scoileanna chun an gá chun fuinneamh a chaomhnú pé uair is féidir a chur in iúl. Áirítear faisnéis i ndáil leis na bearta caomhnaithe fuinnimh leis na Pacaí Faisnéise a leithdháiltear sna scoileanna agus ag cruinnithe a tharlaíonn sna pobail.

## FEASACHT FAOIN GCOMHSHAOL

Áirítear leis an ngné seo de shaothar na ranna:

- **Glantachán Náisiúnta Earraigh**
- **Seachtain Náisiúnta na gCrann**
- **Bailiúcháin Earraí Móra agus Dramhaíola Guaisí**
- **Scoileanna Glasa**
- **Nollaig Ghlas**
- **Ciste Comhpháirtíochta Comhshaoil Áitiúil**
- **Deontais Feasachta Frithdhramhaíola**

## GLANTACHÁN NÁISIÚNTA EARRAIGH

Tharla an Glantachán Náisiúnta Earraigh 2015 i rith mhí Aibreáin. Soláthraíodh bainteoirí bruscair, bibeanna agus málaí dáthchódaithe do na glantacháin phobail. Shínigh os cionn 40 grúpa suas, agus ghlac rannpháirt sna glantacháin ar fud an Chontae.

## SEACHTAIN NÁISIÚNTA NA gCRANN

Tharla Seachtain Náisiúnta na gCrann, arna heagrú ag Comhairle Crann na hÉireann, agus le tacaíocht ó Choillte, B.S.L. agus ó Chomhairle Contae an Longfoirt, idir 1 agus 8 Márta 2015. Tairgeadh an deis do Scoileanna, Grúpaí Pobail agus d'eagrais eile sa Chontae chun crainn óga a fháil. Tugadh os cionn 300 buinneán amach saor in aisce d'os cionn 30 grúpa pobail agus scoil i rith na seachtaine sin.



## BAILIÚCHÁIN EARRAÍ MÓRA/DRAMHAÍOLA GUAISÍ

Reáchtáladh ceithre bhailiúchán d'earraí móra agus dramhaíl ghuaiseach i rith na bliana 2015. Tharla na bailiúcháin ag Longford Slashers, Marglann Ghránaird, Marglann Bhaile Uí Mhatháin agus carrchlós poiblí Bhéal Átha Liag. B'ionann an dramhaíl ghinearálta agus in-athchúrsáilte agus 5.48 tona, agus bailíodh 6,648 tona de dhramhaíl ghuaiseach.

## SCOILEANNA GLASA

Bhí an Longfort fíor-rathúil in athuair chun gníomhaíocht a mhéadú sna Scoileanna Glasa i rith na bliana 2015. Tá rannpháirteachas na scoileanna sa chlár beagnach lán. Fuair Iar-Bhunscoil an Chlochair sa Longfort an chéad bhratach ghlas s'acu i rith na bliana 2015, agus d'athnuaigh cúig scoil déag eile a mbratacha. Is ionann líon iomlán na scoileanna le Bratacha Glasa i gContae an Longfoirt anois agus 42.

## NOLLAIG GHLAS

Sholáthair an Chomhairle dhá ionad bailithe mar a bhféadfadh teaghlaigh a gcuid crann a chur suas dá stialladh saor in aisce. D'fhéadfaí seanchártaí na Nollag a thabhairt isteach freisin ag leabharlanna áitiúla ar fud an Chontae.

## DEONTAIS FEASACHT FRITH-BHRUSCAIR

Lean an Scéim sin ar aghaidh sa bhliain 2015, le deontas €12,500 faighte ón Roinn Comhshaoil, Pobail & Rialtais Áitiúil (RCPRÁ). Baintear leas as na Deontais Frith-Bhruscair agus Frith-Ghraifítí chun tacú le tionscnaimh ghlantacháin, chun feachtais fógraíocht agus tionscadail athchúrsála scoile a chistiú, agus chun tacaíocht ábhar a sholáthar do thionscnaimh ghlantacháin phobail.

## CISTE COMHPHÁIRTÍOCHTA COMHSHAOIL CHLÁR ÁITIÚIL 21

Fuair an Chomhairle leithdháileadh €7,000 faoin Scéim sin ón RCPRÁ. Soláthraíonn an Chomhairle cistí comhionanna €7,000, ag tabhairt luach an chistithe deontas chuig €14,000 chun tacú le tionscadail chomhshaoil, pobal-bhunaithe nuálaíocha.

## REILIGÍ

Is í foireann Scéim Shóisialta na Tuaithe agus saorálaithe den choiste reiligí áitiúla a dhéanann an chuid is mó de ghnáthchothabháil na reiligí. Tugann Comhairle Contae an Longfoirt ranníocaíocht dhíreach do Longford Community Resources Ltd., a mhaoirsíonn Scéim Shóisialta na Tuaithe. Oibríonn an Chomhairle scéim tacaíochta reilige freisin faoina bhfaigheann grúpaí áitiúla a dhéanann cothabháil ar reiligí deontas ón Údarás Áitiúil.

# SEIRBHÍSÍ TRÉIDLIACHTA

## SÁBHÁILTEACHT BHIA

Fónann Rannóg Tréidliachta Chomhairle Contae an Longfoirt do chonradh idir Comhairle Contae an Longfoirt agus Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann maidir le sábháilteacht an bhia agus saincheisteanna tréidliachta don tsláinte phoiblí.

Maoirsítear go reachtúil na seamlais bheaga agus na gléasraí déantúsaíochta feola le tréchur íseal sa Chontae, chun a chinntiú go gcomhlíontar go hiomlán leis an reachtaíocht um shábháilteacht an bhia.

Próiseáladh eallaigh, caoirigh agus muca táirgthe go háitiúil sna seamlais bheaga i gContae an Longfoirt sa bhliain 2015. Rinne Cigire Tréidliachta imscrúdú réamhbháis agus iarbháis ar gach ainmhí a maraíodh. Déantar clár samplála atá ceaptha chun substaintí díobhálacha ar nós ceimiceán agus hormón san fheoil a bhrath. Cinntíonn Seirbhísí Tréidliachta an Údaráis Áitiúil go gcothabháiltear sláinte agus leas na n-ainmhithe i gcomhréir leis na forálacha reachtúla.

Choinnigh na seamlais agus na gléasraí déantúsaíochta feola le tréchur íseal orthu ag saothrú chuig caighdeáin faofa an AE i rith na bliana 2015. Tagann na táirgí feola a tháirgtear sa Chontae faoi rialuithe Tréidliachta Oifigiúla. Is í Seirbhís Tréidliachta an Údaráis Áitiúil a rialaíonn agus a thugann solúbthacht iomchuí ag an am céanna d'áitribh le tréchur íseal. Tá Oifigeach Tréidliachta an Chontae ar Ghrúpa Oibre Idir-rannach chun treoir a sholáthar do tháirgeoirí bia beaga agus do rialtóirí maidir leis an tsolúbthacht iomchuí arb inghlactha d'iniúchóirí náisiúnta agus idirnáisiúnta í. Cé go dtarlaíonn athruithe ar bhunús leanúnach laistigh d'áitribh, is deacair é an comhshaol gnó do ghnólachtaí bia. Tugtar spreagadh d'iontrálaithe nua chun comhairle a dhéanamh le seirbhís na Comhairle agus chun éirí bainteach leis an earnáil. Chonacthas an tréchur céanna sna seamlais bheaga i gContae an Longfoirt sa bhliain 2015.

Tacaíonn an earnáil leis an méid próiseála i gContae an longfoirt, agus cloíonn sí lenár bPlean Corparáideach do chur chun cinn an fhiontair agus na forbartha sa limistéar tábhachtach seo den ghníomhaíocht tráchtála. Thug an Rannóg Tréidliachta i gcomhar leis Comhairle Contae an Longfoirt cúnamh do dhaoine aonair le spéis acu san earnáil sa bhliain 2015.

Leanadh ar aghaidh leis an bhForbairt Ghairmiúil Leanúnach agus leis an oiliúint sa tsábháilteacht bhia agus sa tsláinte agus leas ainmhithe isteach sa bhliain 2015, agus tá Córas Iniúchta Inmheánaigh ag an tSeirbhís Tréidliachta. Sholáthair Comhairle Contae an Longfoirt an tseirbhís sin do Chomhairle Contae Ros Comáin sa bhliain 2015.

Ba limistéar saothair thábhachtach i gcónaí iad na gníomhaíochtaí a bhain le diúscairt na bhFo-Tháirgí Ainmhithe sa bhliain 2015.

Is le cruinnithe an Choiste Zónóise Réigiúnaigh a sholáthraítear an fóram don idirchaidreamh foirmiúil idir Seirbhís Sláinte Poiblí Tréidliachta Chomhairle Contae an Longfoirt agus gníomhaireachtaí eile nach í, m.sh. An Roinn Talmhaíocht agus an FSS. Rinne Seirbhísí Tréidliachta Chomhairle Contae an Longfoirt idirchaidreamh ar chomhaontú foirmiúil do chruinnithe déthaobhacha leis an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara go háitiúil agus go náisiúnta sa bhliain 2015.

Agus ré d'athruithe sna seirbhísí áitiúla ann, féachfaidh Seirbhísí Tréidliachta an Údaráis Áitiúil chun a Sheirbhís Áitiúil a chothabháil agus seirbhís chomhroinnte réigiúnach á breithniú dá forfheidhmiú.

## RIALÚ MADRAÍ

Soláthraíonn Comhairle Contae an Longfoirt Seirbhís Rialaithe Madraí lánaimseartha i gContae an Longfoirt. Fostaíonn an tÚdarás Áitiúil Maor Madraí, agus oibríonn Dídean do Mhadraí ag Sráid Bheag an Uisce i mBaile an Longfoirt. Gearrtar Táillí Póna ina leith. Phléigh an tSeirbhís le 235 cás de mhadraí díomhaoine/ar strae sa bhliain 2015. Fuarthas baile nua do 56 acu siúd, d'éiligh a n-úinéir ar ais 21 acu, aistríodh 138 chuig grúpaí leasa madraí agus cuireadh síos 21 acu. Is é beartas Chomhairle Contae an Longfoirt é chun baile nua a fháil do gach madra a oireann do theach nua.

Ba iad a n-úinéirí nua roghnaigh na madraí dá bhfuarthas baile nua i go leor cásanna, le cabhair ó leathanach Facebook Seirbhís Rialaithe Madraí na Comhairle.

Choinnigh Comhairle Contae an Longfoirt leis an líon madraí íseal a cuireadh síos i bPóna Madraí an Longfoirt sa bhliain 2015. Is mar thoradh ar an bplean straitéiseach arna fhorfheidhmiú ag an tSeirbhís Rialaithe Madraí arb amhlaidh sin, le cúnamh ó ghealllsealbhóirí agus ó shaorálaithe eile, lena ngabhaimid buíochas.

Is chun comhrac i gcoinne na faidhbe a bhaineann le madraí díomhaoine is amhlaidh a choinníonn Comhairle Contae an Longfoirt uirthi ag cur chun cinn na húinéireachta ainmhithe freagraí tríd an oideachas agus tríd an bhfeasacht. Oibríonn an Chomhairle scéim do choilleadh fóirdheonaithe madraí, agus tá sí tar éis comhghuaillíocht straitéiseach a bhunú le hIontaobhas na Madraí freisin. Leanadh ar aghaidh le himscrúduithe ar Ionaid Phóraithe Madraí isteach sa bhliain 2015 faoin Acht um Bunúchais Pórúcháin Madraí.

Coinníonn Comhairle Contae an Longfoirt uirthi ag cur chun cinn an ghá go gceannódh úinéirí madraí Ceadúnas Madraí. Is ionann luach an Cheadúnais Mhadra agus €20 anois, agus is féidir é a cheannach ó Oifig an Phoist ar bith. Is gné thábhachtach den úinéireacht madraí fhreagrach é Ceadúnas Madra a cheannach. Cheannaigh úinéirí madraí ceadúnas "Fadsaoil Mhadra" sa bhliain 2015 freisin, ag costas aonair €140. Ní bhíonn siad seo ar fáil ach amháin ó Rannóg Comhshaoil Chomhairle Contae an Longfoirt.

## RIALÚ CAPALL

Phléigh Comhairle Contae an Longfoirt le 54 cás de thuairisc capaill bheith ar seachrán sa bhliain 2015, agus urghabhadh 41 capall faoin Acht um Rialú Capall 1996. Is le fo-dhlíthe Chomhairle Contae an Longfoirt um Rialú Capall a thugtar riachtanais choinneála agus diúscartha chun rialtachta de réir an Mheabhráin Tuisceana leis an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara, chomh maith le rochtain agus gníomhaíochtaí capall sna láithreacha poiblí a rialú.



# SEIRBHÍSÍ ÉIGEANDÁLA

## SEIRBHÍSÍ DÓITEÁIN & ÉIGEANDÁLA

Tá stáisiúin dóiteáin ag an tSeirbhís Dóiteáin agus Tarrthála i mBaile Uí Mhatháin, Meathas Troim, Gránard, Béal Átha Liag agus istigh sa Longfort. Fónann 48 comhraiceoir dóiteáin ar áirithíocht sna stáisiúin úd, a fhreagraíonn do theagmhais dóiteáin agus tarrthála. Bhí an Roinn Dóiteáin gníomhach ag cur chun cinn na sábháilteachta dóiteáin ar fud na bliana.

Rinne an Roinn Dóiteáin measúnú ar Theastais Sábháilteachta Dóiteáin, Iarratas Phleanála agus Atreoruithe Iarratais Cheadúnais chun na Cúirte. Rinneadh Imscrúduithe Sábháilteachta Dóiteáin ar áitribh thráchtála freisin.

D'oscail an tAire Alan Kelly T.D. an Stáisiún Dóiteáin nua i mBéal Átha Liag freisin an 21 Eanáir 2015.

D'ainmnigh an Stiúrthóireacht Dóiteáin Náisiúnta Seirbhís Dóiteáin an Longfoirt mar an t-údarás ceannais do sholáthar cheithre Inneall Dóiteáin nua d'Aicme B (de luach €320,000 an ceann) do Sheirbhísí Dóiteáin Mhuineacháin, Lú, Laoise agus an Longfoirt. Táthar ag dúil le seachadadh na bhfeithiclí úd sa bhliain 2016.

Earcaíodh ceathrar comhraiceoirí dóiteáin nua sa bhliain 2015: beirt do Stáisiún Dóiteáin Bhéal Átha Liag, duine amháin do Stáisiún Dóiteáin Ghránaird agus duine amháin do Stáisiún Dóiteáin Bhaile Uí Mhatháin.

D'éirigh Pascal Masterson as Seirbhís Dóiteáin Ghránaird i mí Aibreáin 2015 tar éis 19 bliain de sheirbhís.

### AN CHOSAINT SHIBHIALTA

Is cuid í an Chosaint Shibhialta d'eagras domhanda a sholáthraíonn seirbhís chúltaca lánoilte do na Seirbhísí Líne Tosaigh ar bhunús leanúnach. Bíonn an Chosaint Shibhialta freagrach ag an leibhéal áitiúil as earcú agus oiliúint saorálaithe agus as soláthar lárionad oiliúna sa phobal. Soláthraímid seirbhís phobail freisin do go leor eagras áitiúil chun tacú leo chun imeachtaí áitiúla a reáchtáil laistigh den Chontae.

Ba iad na príomhghníomhaíochtaí, cláir, imeachtaí agus forbairtí a rinne Cosaint Shibhialta an Longfoirt i rith na bliana 2015 ná:



### AN OILIÚINT

Cuireadh roinnt cúrsaí Garchabhrach ar siúl i rith an chéad bhliain do na baill reatha lenar áiríodh an Chéad Fhreagairt Chairdiach, Ard-CFR, Athdheimhniú Gharchabhair Oibre agus Athdheimhniú don Chéad Fhreagairt Éigeandála. D'athcháiligh ochtar ball chuig leibhéal EFR agus chéimigh 10 ball chuig leibhéal OFA i mí na Samhna.



Ina theannta sin chríochnaigh 19 ball dian-Chúrsa Cuardaigh, chun Foireann Chuardaigh a bhunú le hoibriú i gcomhar leis An Garda Síochána chun cuardach i gcomhair daoine ar iarraidh, agus chríochnaigh 10 ball Cúrsa Leasa i gColáiste na Cosanta Sibhialta leis an rún chun foireann Leasa/Asáitithe Daoine a bhunú laistigh den Chontae. Chríochnaigh na baill an Cúrsa Oiliúna um Modhanna Teagaisc Náisiúnta agus leanadh ar aghaidh leis an Oiliúint Raidió agus Cuardaigh le baill den tSeirbhís Maorachta.



Cuireadh trí Chleachtadh Raidió & Cuardaigh idir mhíonna Feabhra agus an Mhárta. Eisíodh bogearraí léarscáilithe agus raidiónna GPS ICOM nua le gach contae, agus cuireadh plean ann do sceideal oiliúna don bhliain 2015.

### EARCAÍOCHT

Earcaíodh 22 ball nua, beirt Pharaimhíochaineoirí agus beirt Teicneoirí Míochaine Éigeandála i rith na bliana.

### GNÍOMHAÍOCHTAÍ

Sholáthair Cosaint Shibhialta an Longfoirt cúnamh sa bhliain 2015 d'os cionn 60 imeacht áitiúla pobail agus spórtúla lenar áiríodh CLG agus Cluichí Sacair, Cluichí Pobail, Siúlóidí, Maratóin, Trí-atlain, Féilte, Cuardach & Tarrtháil, Bainc Fola chomh maith le hImeachtaí Contae Oifigiúla agus Imeachtaí Drochaimsire.

Taifeadadh timpeall 3000 daonuair i dtuilte an gheimhridh inar sholáthair an Chosaint Shibhialta gaineamh-mhálaí, caidéil, iompraíodh daoine agus soláthairtí, bogadh beathú feirme, monatóireacht ar uisce agus rinneadh dualgais éagsúla eile ar fud an Chontae. Bhí na raidiónna Tetra nua a eisíodh i mí an Mheithimh rí-áisiúil i rith na dtuilte úd, agus fuair Cosaint Shibhialta an Longfoirt Corn Hugh Shannon ó Choiste Paráid Lá 'le Pádraig an Longfoirt mar aitheantas dár bhfreagra do na tuilte.

Táirgeadh Beartas Cosanta Leanaí nua agus ceapadh ball ina nOifigeach Idirchaidrimh Leanaí.

Bhogamar ár n-áitreabh ó Iosta Eircom chuig Bóthar Bhéal Átha na Lao mar ar feabhsú mór atá sna saoráidí nua, ag soláthar spáis oifige, stórais agus saoráidí oiliúna a bhfuil géarghá leo. Táthar i mbun comhphléanna go leanúnach le roinnt Gníomhaireachtaí maidir le sealbhú áitribh nua.

Cheannaigh an Chosaint Shibhialta bád righin inséidte nua 5.5M ar fhad d'úsáid lenár bhfoireann mholta nua Chuardach agus Tarrtháil Uisce, agus tugadh an saothar chun críche ar thiontú feithicle ina feithicil Chuardaigh & Tarrthála. Ceannaíodh Bád Ceathrair Aimfibiach nua freisin, agus tá sé i mbun seirbhís i láthair na huaire. Athchóiríodh an fheithicil 4x4 reatha ón mbonn aníos, agus tá sí réidh anois don tseirbhís; agus ceannaíodh 4x4 nua, a bheidh réidh dá húsáid amach sa bhliain 2016. Ceannaíodh canbhás nua i dteannta le soilsiú éigeandála agus gineadóir iniompartha nua agus bíonn an tOtharcharr nua ar dualgas ag gach imeacht, ar comhlíontach le CEN é. Nochtar comharthaíocht úr ar gach feithicil i gcomhréir le prótacal na Cosanta Sibhialta.

## CEANTAR BARDASACH BHAILE UÍ MHATHÁIN

Bunaíodh Ceantar Bardasach Bhaile Uí Mhatháin tar éis Toghcháin an Rialtais Áitiúil 2014. Toghadh seisear comhaltaí chuig Comhairle Contae an Longfoirt chun feidhmiú mar ionadaí an Cheantair Bhardasaigh. Ba tar éis a dtoghcháin a d'éirigh na comhaltaí úd go comhuaineach ina gcomhaltaí de Chomhairle Contae an Longfoirt agus de Cheantar Bardasach an Longfoirt araon.

Ag Cruinniú Cinn Bhliana Cheantar Bardasach Bhaile Uí Mhatháin a reáchtáladh an 25 Meitheamh 2015 ab amhlaidh a toghadh an Comhairleoir Colm Murray chuig post an Chathaoirligh agus an Comhairleoir Mick Cahill chuig post an Leas-Chathaoirligh. Líontar na poist sin ar feadh téarma oifige bliain amháin.

Reáchtáladh cruinnithe i rith na bliana 2015 an 22 Eanáir, 26 Márta, 28 Bealtaine, 25 Meitheamh, 24 Meán Fómhair agus 26 Samhain.

Áiríodh leis na míreanna a pléadh ag na cruinnithe úd :

- **Corrthrádáil i mBaile Uí Mhatháin.**
- **Roghanna páirceála sábháilte ag Scoileanna Bhaile Uí Mhatháin.**
- **Luas-Rialú sa Liagán.**
- **Trasnú Coisithe ag Scoil Náisiúnta Ardach.**
- **Soilsiú Sráide i mBaile Uí Mhatháin.**
- **Reiligí i gCeantar Bhaile Uí Mhatháin.**
- **Leabharlann Phobail Mheathas Troim.**

Áiríodh leis na láithreoireachtaí a tugadh do Cheantar Bardasach Bhaile Uí Mhatháin sa bhliain 2015 :

- **Tionscadal Turasóireachta Mheathas Troim.**
- **Comórtas Iascaireachta Báid Chreachadóirí Domhanda 2016.**
- **Comharchumann Turasóireachta Bhéal Átha Liag.**
- **Plean Eacnamaíoch agus Pobail Áitiúil an Longfoirt.**

## CEANTAR BARDASACH GHRÁNAIRD

Bunaíodh Ceantar Bardasach Ghránaird tar éis Toghcháin an Rialtais Áitiúil 2014. Toghadh seisear comhaltaí chuig Comhairle Contae an Longfoirt chun feidhmiú mar ionadaí an Cheantair Bhardasaigh.

Reáchtáladh cruinnithe i rith na bliana 2015 an 27 Eanáir, 24 Márta, 26 Bealtaine, 23 Meitheamh, 22 Meán Fómhair agus 24 Samhain 2015.

